



**Comhairle Contae Mhaigh Eo**  
**MAYO COUNTY COUNCIL**



**Buiséad Bliantúil 2023 arna Ghlacadh**

**Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024**

**Kevin Kelly, Príomhfheidhmeannach**

Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh,  
Áras an Chontae,  
Caisleán an Bharraigh,  
Contae Mhaigh Eo.

## CHUIG CATHAOIRLEACH AGUS COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CONTAE MHAIGH EO

Cuirim faoi bhur mbrád lena bhreithniú an Dréacht-Bhuiséad Bliantúil maidir leis an mbliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024 sa mhullach ar thuarascáil ina sonraítear na príomhfhorálacha a dtugtar cuntas orthu ann agus tuairisc achomair ó na Stiúrthóirí Seirbhíse maidir le gníomhaíochtaí ina limistéir feidhme faoi seach a sheoltar mar thuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn maidir leis an bPlean Corparáideach.

Rinneadh breithniú, i gcomhréir leis an gceanglas reachtúil, ar shaincheisteanna a bhaineann le hullmhú an Dréacht-Bhuiséid ag cruinnithe an Ghrúpa um Beartais Chorparáideacha a cuireadh ar bun an 7 Meán Fómhair 2023 agus an 8 Samhain 2023.

Rinne an Chomhairle breithniú agus cinntiúchán ar an gcoigeartú ar Cháin Mhaoine Áitiúil ag a cruinniú a cuireadh ar bun an 12 Meán Fómhair 2022 agus rinne gach ceann de na Ceantair Bhardasacha breithniú ar an bPlean Buiséadach dá gCeantar Bardasach ag sraith cruinnithe a cuireadh ar bun idir an 13 Samhain 2023 agus an 15 Samhain 2023.

Is féidir leis an gComhairle an Dréacht-Bhuiséad a leasú trí rún ach glacfaidh sí leis an Dréacht-Bhuiséad le nó gan leasú, agus déanfaidh sí cinntiúchán faoin ráta bliantúil ar luacháil atá le gearradh, i gcomhréir leis an mbuiséad ar glacadh amhlaidh leis.

Ceanglaítear ar an gComhairle an próiseas reachtúil a chur i gcrích laistigh de thréimhse 14 lá. Ceadaíonn seo an cruinniú reachtúil a chur ar athló, más gá, atá sceidealaithe don 27 Samhain 2023, chomh fada agus go gcuirtear an próiseas i gcrích faoin 11 Nollaig 2023.

Seo a leanas achoimre ar an mBuiséad:

	€	€
Caiteachas		<b>201,167,376</b>
<u>Cistithe ag:</u>		
Fáltais	134,276,375	
Cáin Mhaoine Áitiúil	22,230,187	
Rátaí ar Réadmhaoin Tráchtála agus Thionsclaíoch	44,660,814	
		<hr/>
		<b>€201,167,376</b>

Taispeántar sna figiúirí thuas gurb ionann an méadú ar an gcaiteachas ioncaim in 2024 agus €24.62m, lena méadaítear an méadú iomlán ar an gcaiteachas ioncaim le 5 bliana anuas ó 2019 go €63m. Cé go bhfáiltítear go mór roimh an méadú seo ar chaiteachas, tá deontais ar leith nó forálacha airgeadais do chuspóirí ar leith i gceist le go leor de, nach ndéanann soláthar do lánrogha áitiúil lena bhfuil géarghá. Mar sin féin, den chéad uair riamh ó 2014, tháinig méadú ar an mbun-leithdháileadh cánach maoine áitiúla in 2024, ar príomhfhoinsé de chistiú lánroghnach í agus sholáthair seo €1.5m breise i Maigh Eo.

Baineann aon phróiseas buiséadach le cothromaíocht a bhaint amach idir giniúint ioncaim agus an tionchar ina

dhiadh sin ar ghnólachtaí agus ar úinéirí agus an t-éileamh ar níos mó seirbhísí agus seirbhísí níos fearr. Glactar le cur chuige ina thaobh seo sa bhuiséad don bhliain 2024 atá ceaptha cistiú breise a sholáthar do roinnt príomhlímistéir ghníomhaíochta na Comhairle agus tugaim cuntas anois anseo thíos ar na hathruithe níos suntasaí.

Rinneadh go leor plé le roinnt míonna anuas ar an athluacháil ar rátaí, an próiseas athbhreithnithe, an próiseas nua luachálacha agus achomhairc san áireamh. Faoi mar is eol do na Comhaltaí, tugadh faoin bpróiseas seo do gach údarás áitiúil le blianta beaga anuas agus tá Maigh Eo ar cheann de na húdaráis dheireanacha ar tugadh faoin athbhreithniú dó. Mar a sholáthraítear san Ordú um Theorannú Rátaí, a shocraigh an tAire, is iad na gnéithe a bhaineann go díreach le cur le chéile agus le glacadh leis an mbuiséad, lena n-áirítear an G-fhachtóir €2.77m, a dhéanann soláthar d'achomhairc rathúla agus a chuirtear san áireamh mar earra contra agus mar innéacs boilscithe 1.064 anuas ar an riachtanas foriomlán nach sáraíonn na suimeanna iomlána atá faoi dhliteanas lena n-íoc in 2024 an Ráta Bliantúil uachtarach ar Luacháil 0.235. Cuirtear an ARV seo i gcomparáid go fabhrach leis an luach a raibh coinne leis – 1.9% níos lú ná luach 0.239 a cuireadh in iúl do na híocóirí rátaí.

Tugann an anailís go dtí seo maidir lenár 4,503 íocóir rátaí le fios go dtabharfadh thart ar 50% de ghnólachtaí laghdú faoi deara agus go dtiocfadh méadú ar rátaí i measc 50% díobh nuair a chuirtear an glansuíomh i gcomparáid idir 2023 agus 2024. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach mbeadh ach 442 de na 4,503 dlite rátaí os cionn €10,000 a íoc in 2024.

Beidh na Comhaltaí airdeallach ar an mbeart a thug an Rialtas isteach i mBuiséad 2024 a dhéanann soláthar d'fhóirdheontas a mhéid le 50% den éileamh ábhartha rátaí in 2023 a thabhairt do ghnólachtaí beaga nuair is ionann seo agus níos ísle ná €20,000. Tá seo le cur i bhfeidhm sa chéad ráithe in 2024 agus tá súil leis go rachaidh sé chun sochair a mhéid le 94% de na gnólachtaí go léir i Maigh Eo. Nuair a chuirtear fóirdheontas seo an Rialtais san áireamh bunaithe ar shocruithe a bhfuil coinne leo do gach cuntas rátaí atá níos lú ná €20,000, ba é an toradh a d'eascródh as ná glanlaghdú do 3,652 íocóir rátaí agus méadú do 851 íocóir rátaí agus méadú á thabhairt faoi deara go 673 díobh seo a bhfuil glanéileamh níos lú ná €10,000 acu go fóill in 2024.

Léirigh na Comhaltaí buairt roimhe seo faoi thionchar méaduithe ráta ar na híocóirí rátaí siúd ag a bhfuil éileamh ar ráta tráchtála níos lú ná €10,000. Tá thart ar 4,061 de na cuntais rátaí níos lú ná €10,000 agus i ndiaidh go gcuirtear fóirdheontas an Rialtais san áireamh, ní thabharfadh ach 673 íocóir rátaí glanmhéadú faoi deara go fóill ar chostas. Chun é seo a mhaolú, déantar soláthar sa bhuiséad don bhliain 2024 do leithdháileadh €650,000 chun ciste a sholáthar chun deireadh substainteach a chur leis na glanchostais bhreise atá á dtabhairt faoi deara ag an ngrúpa seo íocóirí rátaí.

Cé gur tháinig go leor athrú ar luachálacha inráitíle a eascraíonn as an bpróiseas athluachála, ní bhaineann sé aon neamhréitigh nó difríochtaí i luacháil a d'fhéadfadh a bheith ann idir a mhacasamhail de ghnólachtaí ar cheart caitheamh anois leo ar an mbealach céanna. D'fhéadfadh éagsúlú teacht aníos, ach go háirithe, nuair nach ndearnadh gnólachtaí a luacháil nó a athluacháil ar feadh roinnt mhaith blianta. Déantar luacháil bunaithe ar láimhdeachas ar ghnólachtaí, cosúil le háitribh cheadúnaithe, a mb'fhéidir go raibh teorainn níos mó orthu gan ach trádáil a dhéanamh i rith an deireadh seachtaine, i gcásanna áirithe, agus cuirtear san áireamh ann seo tréimhsí ina bhfuil an réadmhaoin dúnta. Mar an gcéanna leis sin, nuair atá áitreabh ag réadmhaoin ina bhfuil folúntas nó nuair nach mbaintear úsáid as ar bhonn leanúnach, ba cheart é seo a chur san áireamh anois laistigh den luacháil nua agus ní bhainfidh coigeartuithe reatha folúntais a thuilleadh seachas i gcomhréir le forálacha reachtúla. Anuas ar an méid thuas, tháinig méadú freisin ar na luachálacha ar rátaí tráchtála a eascraíonn as luacháil nó athbhreithniú a dhéanamh ar ghnólachtaí reatha nó sínte agus sholáthair seo €1.5m breise.

Tabharfaidh na comhaltaí chun cuimhne gur thug an tacaíocht a d'fhógair an Roinn lámh mhór chúnta do ghlacadh leis an mbuiséad don bhliain 2023 chun cuidiú leis na costais bhreise a sheach-chur mar gheall ar phraghsanna breosla / fuinnimh méadaithe agus ar chostais eile agus ar an gcomhaontú náisiúnta pá trí leithdháiltí breise €2,269,679 agus €3,662,796, faoi seach. Cé gur ullmhaíodh an buiséad ar bhunús leanúint le haisíocaíocht costais phá bhreise a fháil, ní leanfar leis an tacaíocht

bhreasla / fuinnimh €2.269m agus le costais eile in 2024 agus caillfidh Comhairle Contae Mhaigh Eo an t-ioncam seo dá bharr.

In ainneoin gur cuireadh deireadh leis an muirear ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (NPPR) ar feadh roinnt blianta, sholáthair íocaíocht an mhuirir anuas ar riaráistí agus ar phionóis foinse thábhachtach ioncaim le blianta beaga anuas. Is ísle a bheidh an t-ioncam uaidh seo in 2024 faoi €240,000 de réir mar a tharlóidh seo níos annaimhe agus mar a chuirtear cuid den mhuirear faoi urchosc reachta agus léirítear seo sa bhuiséad reatha. Beidh deireadh iomlán curtha leis an bhfoinse seo ioncaim faoin mbliain 2026.

Ba é an cur chuige i leith soláthar foirne laistigh de Chomhairle Contae Mhaigh Eo ná folúntais a líonadh de réir mar a thagann siad aníos agus le teorainn a chur ar líonta foirne breise go príomha i leith poist chistithe bhreise. Ar an iomlán, rinneadh 41 feachtas earcaíochta a thabhairt chun cinn in 2021 agus thosaigh 147 ball foirne ag obair i gComhairle Contae Mhaigh Eo, in 51 post séasúrach san áireamh. Cuireadh 35 feachtas earcaíochta chun cinn in 2022 agus rinneadh 166 ceapachán ar an iomlán (Tosú i bPoist Nua agus Arduithe Céime), 33 post séasúrach san áireamh. Rinneadh 33 feachtas earcaíochta a thabhairt chun cinn in 2021 agus rinneadh 168 ceapachán in 2023 i gComhairle Contae Mhaigh Eo, tosú nua agus arduithe céime agus 26 post séasúrach san áireamh. Tá roinnt comórtas agus tairiscintí conartha ar bun faoi láthair. Ach mar chuid den phróiseas buiséadach, iarradh ar na haonaid éagsúla riachtanais bhreise foirne a shainaithint agus sainaithníodh 84 post amhail bheith ag teastáil. Dar ndóigh, sáraíonn seo ár n-acmhainn airgeadais go mór agus, ar an ábhar sin, cuireadh teorainn ar sholáthar breise airgeadais don fhoireann nach ndéantar a chistiú go lárnach seachas ar athruithe cosúil le hAonad Iniúchóireachta Inmheánaí a bhunú ag beirt foirne, beirt Phleanálaithe Iarchéime mar gheall ar dheacrachtaí le pleanálaithe a earcú agus ball foirne breise le hobair a dhéanamh le táillí Dóiteáin a bhailiú.

Bhí go leor tráchta sna meáin ar an bplé a rinneadh le déanaí sa WRC maidir leis na Comhraiceoirí Dóiteáin ar Áirithíocht. Is iad na príomhathruithe ar comhaontaíodh leo maidir leis an tseirbhís dóiteáin ar áirithíocht scálaí pá nua agus pá faoi ráthaíocht (uaireanta cleachtaidh, sábháilteacht ó dhóiteán phobail a chur chun cinn, freastal ar theagmhais agus táille áirithíochta leasaithe san áireamh), leasaíodh an riachtanas freastail go freastal ar fholáirimh 24 seachtain sa bhliain ar bhonn seachtain ar dualgas / seachtain as dualgas a cheadaíonn freastal freisin i rith tréimhsí uainchláir, uaireanta sínte bisigh, soláthar foirne méadaithe, foireann íosta 12 san áireamh i ngach stáisiún agus éide ghléasta a sholáthar. Ba é an buiséad a soláthraíodh in 2023 leis an tseirbhís a oibriú €5.43, agus bhí toradh ionchasach thart ar €6, aige. Tháinig méadú aníos go €7.47m ar an soláthar leasaithe buiséadach in 2024 agus dheimhnigh an Roinn aisíocaíocht uasta costais bhreise €1.575m in 2024. Is ionann an costas foriomlán ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo ar an gcomhaontú náisiúnta agus thart ar €3.9m i mbliain iomlán, a chruthaíonn riachtanas iomlán breise buiséid €1.9m in 2024 mar gheall ar uainiú chur i bhfeidhm na moltaí agus súil leis go ndéanfaidh an rialtas láir aisíocaíocht iomlán. Is é an soláthar breise sa bhuiséad, áfach, an tsuim a shainaithin an Roinn dúinn mar gheall go bhfuil súil leis go ndéanfar aisíocaíocht iomlán. Anuas ar an méid thuas, de réir mar a thosaigh athrú ag teacht ar theagmhais dóiteáin, tá athrú tagtha ar PDAanna, agus tagann costais bhreise aníos (a bhíonn le hóc i measc údaráis áitiúla ábhartha) maidir le CAMP, agus déantar €468,500 breise a sholáthar maidir le caiteachas breise nach ndéanfar a aisíoc.

Beidh na baill ar an eolas ar ár riachtanais aisíochta iasachta agus teastóidh soláthar breise in 2024 i ndáil le limistéir cosúil le tionscadail chaipitil agus soilsiú poiblí, arb ionann iad agus méadú €175,000.

Cé nach raibh ar chumas againn ár ranníocaíocht féin a mhéadú i dtreo cothabháil bóithre le blianta beaga anuas, soláthraíodh €320,000 sa bhreis in 2024 tríd an riachtanas a bhaint go soláthraítear an tsuim seo ón mbuiséad bóithre i dtreo glantachán sráideanna sa mhullach ar €30,000 sa bhreis.

Thug na Baill an tsaincheist chun solais go rialta i dtaca leis an mbuiséad do ghlantachán sráideanna agus bailiú araidí agus leibhéal cuí seirbhíse á lorg acu. Tugadh le fios sna Ceantair Bhardasacha go raibh an soláthar airgeadais don tseirbhís seo neamhleor le blianta beaga anuas agus go raibh sé casta mar gheall gur sannadh cuid den chistiú don buiséad bóithre. Ar an ábhar sin, anuas ar an tsuim €320,000 thuas a sholáthar go díreach do ghlantachán sráideanna in ionad an buiséid bóithre, rinneadh soláthar breise €225,000 leis an mbuiséad foriomlán a mhéadú aníos go €1.7m, a thagann le toradh 2023. Leibhéal suntasach cistithe é seo agus is gá tabhairt faoi athbhreithniú ar na socrúithe don tseirbhís seo le héifeachtúlacht agus luach ar airgead a chinntiú.

Tá méadú ag teacht ar na costais atá ar ár nIonaid Fóntas Poiblí a oibriú, na costais a bhaineann le láithreáin líonta talún dhúnta san áireamh agus déantar soláthar breise €177,000 sa buiséad a mhéadaíonn an caiteachas iomlán measta in 2024 go €1.8m agus ioncam measta €875,000 ann. Déanfar athbhreithniú ar an limistéar seo gníomhaíochta in 2024 i dtaobh costais agus ioncaim araon agus, anuas air sin, déanfar athbhreithniú freisin ar ioncam ó limistéir eile, táillí Dóiteáin agus Reiligí san áireamh, sa tréimhse amach romhainn.

Ar an gcuma chéanna, saincheist go fóill atá i mbuiséad na bpáirceanna agus d'fhéadfadh go bhfuil gnéithe oibre á sannadh anois do theideal an buiséid seo a bhféadfadh go ndearnadh iad a rangú laistigh de bhóithre nó de buiséid eile roimhe seo. Arís eile, d'fhonn an cheist a thabhairt chun rialtacha i dtaca leis an mbuiséad seo, rinneadh seo a mhéadú aníos go leibhéal toraidh ionchasacha 2023 agus bronnadh €130,000 sa bhreis leis an mbuiséad iomlán don tseirbhís seo a mhéadú aníos go €900,000.

Beidh cuimhne ag na Baill ar phlé a rinneadh le roinnt míonna anuas faoin ioncam breise a bhí á fhabhrú maidir le coimpléasc Loch Chaisleán an Bharraigh ag eascairt as cóiríocht a sholáthar do dhídeanaithe na hÚcráine. Glactar leis i mbuiséad 2024 go leanfaidh an socrú seo ar aghaidh don bhliain amach romhainn. Is ionann an glanioncam ón bhfoinse seo in 2024 agus €620,000 a bhfuil €300,000 de á shannadh le riachtanas comhchistithe na Comhairle a chistiú maidir le Tionscadal Balla Dreapadóireachta Loch Chaisleán an Bharraigh agus beidh an fuilleach mar chuid den ioncam ginearálta a theastaíonn le buiséad cothrom a bhaint amach.

Maidir le tithíocht, cuireadh soláthar méadaithe €150,000 ar fáil do dheisiúcháin tithíochta sa mhullach ar sholáthar breise €220,000 maidir le ranníocaíocht na Comhairle le Deontais Tithíochta. Méadaíonn seo an ranníocaíocht iomlán áitiúil do dheontais tithíochta aníos go €820,000, a sholáthraíonn comhbuiséad iomlán 4.1m, sa mhullach ar an gcistiú deontais atá ar fáil. Beartaítear go mbronnfar an buiséad seo ar gach ceann de na Ceantair Bhardasacha in 2024 agus go dteastóidh monatóireacht agus beartú tosaíochta leanúnach uaidh mar gheall go leanfaidh an t-éileamh a bheith níos mó ná an soláthar agus ní bheifear in ann cistí breise a bhronnadh. Cuireadh na Baill ar an eolas freisin ar an mbearna idir faomhadh deontais agus tarraingt anuas agus ceadaíodh airgead suntasach in 2023 a bheidh le híoc in 2024 mar gheall go dtugtar 6 mhí d'iarratasóirí leis an obair a chríochnú.

Cuireadh tús le hobair ar iarfheistiú fuinnimh ár stoic tithíochta, agus déantar é seo a chistiú go páirteach ón lárchiste agus comhchistiú áitiúil á iarraidh. Níorbh fhéidir soláthar a dhéanamh ina leith seo i mbuiséad 2023. Is dealraitheach anois gurb an-éagsúil an costas leis na haonaid seo a mhéadú aníos go caighdeán rátála B2 agus fabhraítear costais shubstainteacha i gcás réadmhaoin níos sine. Cuireadh soláthar buiséid €100,000 ar fáil in 2024 nach dtacóidh ach le clár teoranta oibre a d'fhéadfaí a dhíriú ar aonaid tithíochta nach dteastaíonn ach feabhsú teoranta uathu. Teastaíonn athruithe ar chistiú an chláir seo ar leibhéal náisiúnta ina gcuirtear san áireamh an t-ardchostas atá ar roinnt aonad a fheabhsú agus acmhainn theoranta roinnt údaráis áitiúla na hoibreacha siúd a chomhchistiú.

B'eol do na Baill gur fhoilsigh Comhairle Contae Mhaigh Eo a plean um ghníomhú ar son na haeráide agus go bhfuil spriocanna éagsúla um ghníomhú ar son na haeráide le baint amach aici, go háirithe maidir lena gníomhaíochtaí féin. Tugtar cúnamh deontais do na tionscnaimh seo ach tá riachtanas mór comhchistithe ann. Áirítear le samplaí de na tionscadail seo oibreacha maidir le hoifigí, linnte snámha agus Stáisiún Dóiteáin agus tá tograí á gceadú go náisiúnta bunaithe ar na coigiltí fuinnimh atá le baint amach. D'fhéadfadh an tráinse tosaigh de thionscadail Pathfinder laghdú 37% a bhaint amach ar astaíochtaí ach tá costas measta €3.8m orthu ar gá don Chomhairle comhchistiú €1.9m a sholáthar dóibh. Ní féidir cistiú substainteach a sholáthar dó seo sa bhuiséad ioncaim ag an tráth seo agus d'fhéadfadh cistiú trí iasacht a tharraingt anuas a bheith ag teastáil. Rinneadh soláthar measartha €100,000 in 2024 maidir leis an limistéar seo oibre agus is limistéar é seo arís eile ar gá athbhreithniú a dhéanamh air ar leibhéal lárnach mar gheall ar an mbrú airgeadais a chuireann riachtanais iolracha chomhchistithe.

Cistíodh costas na dtoghchán áitiúil riamh anall i mbliain an toghcháin. Is gá soláthar dhéanamh in 2024 dó seo do chostas na socruithe toghcháin, costas na nAiscí do bhaill a théann ar scor nó nach ndéantar a atoghadh, agus rinneadh soláthar freisin do chiste a thosú a gcuirfear leis gach bliain chun go mbíonn costas an toghcháin i bhfeidhm go mór mór i mbliain an toghcháin agus go seachnaíonn sé riachtanas mór cistithe i mbliain amháin, ar an ábhar sin. Is é an soláthar iomlán a rinneadh ina leith seo €753,000 in 2024.

Rinneadh soláthar breise €125,000 freisin maidir le Céanna agus Cuanta, a mhéadaíonn an soláthar iomlán aníos go €770,000 d'oibreacha cothabhála agus caipitil araon agus áirítear leis seo €70,000 a sholáthar chun tabhairt faoi chlár oibre ar chothabháil a dhéanamh ar na háiseanna loingseoireachta.

D'iarr na Baill go dtabharfaí faoi fheabhsúcháin ar Sheomra na Comhairle soilsiú, fuaim agus aeráil ina measc. Thug an obair go dtí seo le tuiscint go bhféadfadh costas suntasach a bheith ar thionscadal athchóirithe iomláin. Soláthraíodh suim €100,000 i mbuiséad 2024 ar féidir léi idirghabháil theoranta nó réamhoibreacha a chistiú nó an chéad soláthar caipitil a sholáthar do thionscadal níos mó.

I measc na limistéar eile ar sannadh buiséad breise dóibh, tá áiseanna iomlána comhdhála Teams a sholáthar i ngach ceann de sheomraí cruinnithe na gCeantar Bardasach, soláthar méadaithe do chostais chothabhála oifige agus foirgnimh, cothabháil ar ionaid fág anseo, tuarastail na hOifige Fiontair Áitiúla, síntí reilige, cothabháil tránna, gardaí tarrthála/sábháilteacht uisce trá, TFC, an comhshaol agus bruscar, cothabháil ar ghlasbhealaí, linnte snámha a oibriú agus cothabháil agus oibriú ar IQ Bhéal an Átha.

Faoi mar a bhí i gceist agus an buiséad á ullmhú don bhliain 2023, tháinig méadú suntasach ar an líon foirne a bhain aois scoir amach agus a d'fhéadfadh an eagraíocht a fhágáil de bharr dháileadh aoise lucht saothair na Comhairle. Ar an ábhar sin, ba ghá toimhdí áirithe a dhéanamh arís maidir leis na líonta a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh dul ar scor in 2024 agus ní dhearnadh soláthar sa bhuiséad, ar an ábhar sin, do gach scor féideartha ach rinneadh méadú breise €500,000 ar an soláthar do phinsin agus d'aisc, anuas ar an soláthar méadaithe €1,318,024 a rinneadh in 2023.

I bhformhór na gcásanna nó i ngach cás, fiú, is lú an soláthar buiséid bhreise ná an tsuim sin a d'iarr na Stiúrthóirí agus b'iomaí tionscnamh, tionscadal agus riachtanas breise seirbhíse ar lorg na Stiúrthóirí cistiú breise in 2024 dóibh ach nárbh fhéidir tacú leo de bharr na fála a bhí ar bhuiséad.

Chuir ullmhú an Dréacht-Bhuiséid Bhliantúil dúshlán romhainn ach is ionann an caiteachas beartaithe €201.17m sa mhullach ar chaiteachas ár geláir caipitil agus infheistíocht an-mhór airgid i bhforbairt an chontae agus i seirbhísí a sholáthar ar fud an chontae.

Is mian liom tacaíocht, cúirtéis agus comhoibriú Chomhaltaí agus fhoireann uile Chomhairle Contae

Mhaigh Eo agus cuidiú an Chathaoirligh, an Comhairleoir Michael Loftus, agus an iar-Chathaoirligh, an Comhairleoir Séamus Weir, i dtaobh tabhairt faoi ghnó na Comhairle a aithint.

Is mian liom cuidiú Chomhaltaí an Ghrúpa um Beartais Chorparáideacha a aithint sa bhreithniú a rinne siad ar shaincheisteanna buiséadacha agus cuidiú na Stiúrthóirí agus a bhfoirne as na haighneachtaí buiséid a chuir siad le chéile agus as a dtacaíocht leis an dréachtbhuiséad a chur le chéile. Is mian liom buíochas ar leith a ghabháil leis an Uasal Peter Duggan, Stiúrthóir Airgeadais, an tUasal Tracy Flanagan, Cuntasóir Bainistíochta agus an tUasal Olivia Heffernan, Cuntasóir Airgeadais, as a ndianobair agus a gcuidiú uile le buiséad a bhí an-dúshlánach a ullmhú.

Molaim go nglacfaidh na Comhaltaí leis an Dréacht-Bhuiséad don bhliain 2024.

**Kevin Kelly**  
**Príomhfheidhmeannach**  
**An 14 Samhain 2023**

<b>FOINSÍ IONCAIM</b>	<b>2024</b>	<b>2024</b>	<b>2023</b>
<b><u>Deontais Stáit</u></b>	<b>€</b>	<b>%</b>	<b>%</b>
Deontais Bóithre	42,963,186		
Fóirdheontais Tithíochta	17,780,743		
Grúpscéimeanna Uisce	6,780,000		
Seirbhísí Uisce/Fuíolluisce	4,404,755		
Deontas Ilchuspóra - FEMPI/FIRE	13,275,899		
SICAP	2,000,000		
Deontais Comhshaoil	1,645,440		
Deontas Post, Fiontar agus Nuálaíochta	1,189,110		
Tionscadail Phobail	4,019,600		
Deontas Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann	573,271		
Deontais na Scéime Fostaíochta Sóisialta	226,000		
Deontais Stáit Ilghnéitheacha	1,352,650		
	<b>96,210,655</b>	<b>47.83%</b>	<b>44.45%</b>
<b><u>Earraí agus Seirbhísí</u></b>			
Cíosanna Tithíochta agus Cíosanna RAS	8,384,800		
Íoc agus Taispeáin	2,035,000		
Táillí Linnte Snámha/Ionaid Fóillíochta	4,167,500		
NPPR - Áit Chónaithe Phríobháideach			
Neamhphríomha	150,000		
Ranníocaíochtaí Pinsin	1,640,000		
Conláiste Cathartha	875,000		
Aisíocaíochtaí Iasachtaí Tithíochta	965,000		
Táillí, Ceadúnais agus Muirir	632,100		
Táillí Pleanála	603,000		
Muirir Dhóiteáin agus Deimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán	490,000		

Cíosanna Réadmhaoine agus Corrrhádáil	231,610		
Rátaí PEL/Leasuithe	100,000		
Ilghnéitheach	868,600		
	<b>21,142,610</b>	<b>10.51%</b>	<b>11.32%</b>
<b><u>Aisghabháil - Oibreacha</u></b>			
<b><u>Gníomhaireachta</u></b>			
Uisce Éireann	12,302,000		
Ionad Cumarsáide Réigiúnach	2,244,110		
Ionad Oiliúna Réigiúnach	1,495,000		
Údaráis Áitiúla	872,000		
Eile	10,000		
	<b>16,923,110</b>	<b>8.41%</b>	<b>11.15%</b>
Rátaí ar Réadmhaoín Tráchtála	44,660,815	<b>22.20%</b>	<b>21.38%</b>
Cáin Mhaoine Áitiúil	22,230,187	<b>11.05%</b>	<b>11.71%</b>
	<b>201,167,376</b>	<b>100.00%</b>	<b>100.00%</b>

## **CAITEACHAS AGUS IONCAM DE RÉIR RANNÓIGE AGUS SEIRBHÍSE**

### **TITHÍOCHT AGUS TÓGÁIL**

#### **TITHÍOCHT**

Lean an tionscal tógála ag teacht aniar in 2023 tar éis gur dúnadh suíomhanna mar gheall ar phaindéim Covid 19, ach tá dúshlán roimh an tionscal go fóill, mar sin féin, costais ábhar agus nuair an t-easnamh saothair oibrithe san áireamh. Ar an drochuair, tá saincheistean ann go fóill i Maigh Eo de bharr easpa conraitheoirí do chonarthaí oibre bige, cosúil le cláir athchóirithe agus iarfheistithe. Tá obair leanúnach á déanamh lena chinntiú go bhfuil píblíne láidir ann chun Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne a sholáthar chomh maith le scéimeanna éagsúla a chur i bhfeidhm faoi ‘Tithíocht do Chách’. Is minic go mbaineann caighdeán na tithíochta a sholáthraíonn Comhairle Contae Mhaigh Eo an caighdeán is airde amach ar aon dul le treoirlínte náisiúnta. Leanfar le cistiú suntasach a chur ar fáil le réitigh thithíochta a sholáthar dóibh siúd ina ngátar.

Is amhlaidh a leanas a bheidh na príomhlimistéir oibre do na Seirbhísí Tithíochta in 2024:

- Spriocanna an Chláir Caipitil Tithíochta 2022-2026 a bhaint amach a leag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.
- An Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT), agus an Scéim Cóiríochta ar Cíos (an RAS) agus an Tionscnamh Léasaithe Tithíochta Sóisialta (SHLI).
- Achoimre Bhliantúil ar an Measúnú ar Thithíocht Shóisialta
- Tithe Folmha
- Scéim Deisigh agus Léasaigh
- Scéim Ceannaigh agus Athnuaigh
- Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Foilmhe Croí Cónaithe
- Tithíocht Inacmhainne
- Clár Athlonnaíochta Dídeanaithe



- Oibriú agus riar na nDeontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine Breacaosta agus Daoine faoi Mhíchumas
- Clár Cóiríochta do Thaistealaithe 2019-2024
- Stoc tithíochta sóisialta a bhainistiú agus a chothabháil
- Bainistíocht Eastáit
- An Scéim Ceannaigh (Incriminteach) ag Tionóntaí 2016
- Easpa Dídine/Coinneáil Tionóntachta
- An Scéim Deontais um Bloic Choincréite Lochtacha
- Measúnú ar Iarratais ar Thacaíocht Tithíochta Sóisialta
- Iasachtaí Tithíochta Éire a Atógáil
- Cigireachtaí ar áitribh phríobháideacha ar cíos
- Cur i bhfeidhm leanúnach ar an Straitéis Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Ráitis Bheartais agus Nósanna Imeachta a athbhreithniú agus a fhorbairt

Tá roghanna eile á bhfiosrú go leanúnach ag Comhairle Contae Mhaigh Eo, forbairtí lándéanta, talamh a cheannach agus láithreáin thréigthe le cur leis na tionscadail seo le háiteanna cónaithe breise a sholáthar in 2024 agus ina dhiaidh sin.

### **Tithíocht Inacmhainne**

Fuair Comhairle Contae Mhaigh Eo sprioc náid laistigh de ‘Tithíocht do Chách’ i leith tithíocht inacmhainne, mar gheall gur measadh nár shásaigh an Contae an srian inacmhainneachta 5%. Tar éis suirbhé a dhéanamh, áfach, inar léirigh 775 freagróir spéis i leith tithíocht inacmhainne agus tar éis gur forbraíodh cás gnó le cúnamh ó KPMG/Future Analytics, rinneadh iarratas ar 13 aonad tithíochta inacmhainne ag Springfield i gCathair na Mart. Fuair an t-iarratas seo faomhadh i bprionsabal ón Aire Tithíochta, Darragh O’Brien. Tá dhá iarratas bhreise déanta ó shin ag Comhairle Contae Mhaigh Eo leis an Roinn Tithíochta ar láithreáin i gCaisleán an Bharraigh agus i gCathair na Mart agus tá iarratas á dhéanamh faoi láthair againn do Bhéal an Átha.

### **Éadálacha Láithreáin**

Seo a leanas láithreáin a cheannaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo nó a bhfuil ardchéim bainte amach aici lena soláthar faoin gClár Tógála Caipitil Shóisialta agus Inacmhainne.

- Lawn Road, Caisleán an Bharraigh - 0.9Ha
- Láithreán McHale, Leathardán - 0.49Ha,
- Láithreán Meadows, Béal an Átha - 1.14Ha
- Láithreán Cheshire Homes, Béal an Átha - 3.1791Ha
- Láithreán Neary, Baingear-Iorras - 0.7Ha

D’fhiosraigh an Chomhairle roinnt láithreáin eile a éadail, nár cuireadh chun cinn ar chúiseanna éagsúla agus leanann sí de bheith ag lorg go gníomhach chun cur lenár mbunachar talún reatha.

### **Daoine Breacaosta agus Daoine faoi Mhíchumas**

Tógfáir 130 aonad do dhaoine breacaosta agus 160 aonad do dhaoine faoi mhíchumas faoi Phlean Gníomhaíochta Tithíocht do Chách, ina gcuimsítear míchumas fisiciúil, intleachtúil, meabhrach agus céadfachbhunaithe atá ar an Liosta Tithíochta reatha.

### **Tithe a thacaíonn le Daoine Breacaosta**

Ceapadh an tUasal Marie Nolan mar Bhainisteoir an Chláir Réigiúnaigh don Chlár Tithe Sláintiúla a Thacaíonn le Daoine Breacaosta agus tá sí bunaithe i Maigh Eo. Cuireadh agallaimh ar bun in Iúil anuraidh do Chomhordaitheoirí Áitiúla agus bunófar beirt díobh i Maigh Eo.

### **An Clár Éifeachtúlachta Fuinnimh**

Chríochnaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo oibreacha inslithe ar gach réadmhaoín ónar theastaigh an céanna. Cuireadh tús le hobair ar Chéim 2 den Chlár Éifeachtúlachta Fuinnimh ina ndéanfar Tithe na Comhairle a iarfheistiú i gcaitheamh an chéad chúpla bliain eile amach romhainn. Bronnfar leithdháileadh uasta €33,000 in aghaidh na réadmhaoine. Caithfear aon easnamh i gcistiú a chistiú le hacmhainní féin na Comhairle.

### **Cóiríocht do Thaistealaithe**

Is í an sprioc thuartha chóiríochta, faoi mar a leagtar amach i bPlean Cóiríochta do Thaistealaithe 2019-2024 (an TAP) 100 aonad. Tá iad seo le soláthar trí úsáid a bhaint as gach saghas Tacaíocht Tithíochta Sóisialta. Tá thart ar 437 teaghlach taistealaithe ann faoi láthair i Maigh Eo.

**Áitribh Fholmha/Folúntais:** Cheadaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo cistiú do 39 réadmhaoín in 2023 agus cuireadh cistiú iomlán €11,000 ón leithdháileadh ón Roinn ar fáil in aghaidh na réadmhaoine. Caithfear aon easnamh i gcistiú a chistiú le hacmhainní féin na Comhairle. Anuas air sin, fuair an Chomhairle seo €80,434 faoin gclár Cothabhála Pleanáilte in 2023.

**Scéim Deontais Oiriúnaithe Tithíochta:** Leanann Comhairle Contae Mhaigh Eo leis na Deontais Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine Breacaosta agus Daoine faoi Mhíchumas a oibriú go rathúil - (1) Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine Breacaosta agus Daoine faoi Mhíchumas; (2) Deontas Áiseanna Soghluaisteachta agus (3) Deontas Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Breacaosta. Ceadáíonn Comhairle Contae Mhaigh Eo níos mó deontas mar chéatadán den daonra ná aon Údarás Áitiúil eile.

**Coinneáil Tionóntachta/Easpa Dídine:** Lean an t-éileamh ar sheirbhísí an Oifigigh Coinneála Tionóntachta ag dul i méid i rith 2023 agus tá súil againn go leanfaidh an treocht seo in 2024. Leanfar le céadtús áite a thabhairt do sheirbhísí do dhaoine gan dídean in 2024. Tugadh méaduithe faoi deara ar an gcostas a bhí ar sheirbhísí do dhaoine gan dídean a sholáthar in 2023 agus tá súil le méaduithe breise in 2024. Tá Oifigeach Aimsithe Áiteanna Cónaithe HAP (Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta) ag obair laistigh den Chomhairle. Cuireann an tOifigeach Aimsithe Áiteanna Cónaithe HAP do Dhaoine gan Dídean cúnaimh ar fáil do theaghlaigh a d'fhéadfadh a bheith gan dídean/ina líon folaigh gan dídean agus do theaghlaigh atá i gcóiríocht éigeandála. Tá torthaí dearfacha á mbaint amach ag láithreach seirbhís Aimsithe Áiteanna Cónaithe HAP do Dhaoine gan Dídean trí chosc a chur ar theaghlaigh ó chóiríocht éigeandála a iontráil.

**An Scéim Cóiríochta ar Cíos (an RAS)/an Tionscnamh Léasaithe Tithíochta Sóisialta (STL) agus an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP):** Déanann na trí scéim costais chóiríochta iarratasóirí faofa ar thithíocht shóisialta a chónaíonn i dtithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach a fhóirdheonú. Tá 497 Réadmhaoín Phríobháideach agus 278 Aonad Deonach ann atá gníomhach ar an RAS, an STL le 309 teaghlach agus tacaíonn an HAP le 1,177 teaghlach i Maigh Eo faoi láthair. Leanfaidh na scéimeanna seo de bheith ina dtacaíocht rithabhachtach in 2024.

### **Réadmhaoín CPO mar chuid de na Scéimeanna Bóithre Náisiúnta**

Cheannaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo dhá réadmhaoín ó TII ar eisíodh Ordú Ceannaigh Éigeantaigh (CPO) dóibh mar chuid de Dhroichead Chluain Gallán i mBéal Átha na Muice. Tá ocht réadmhaoín faoi láthair ag an gComhairle a fuarthas mar chuid de Scéim Bóthair an N5 ó Chathair na Mart go Turlach, agus tá obair ar bun faoi láthair chun úsáid a bhaint as na háiteanna cónaithe seo cibé acu trí chlár tithíochta féin na Comhairle nó trí iad a chur ar an margadh oscailte lena n-athdhíol.

### **An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (URDF)**

Bronnadh €2 mhilliún ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo faoi Ghlaoch 3 an URDF chun dul i ngleic le folúntas agus le háiteanna tréigthe go príomha trí réadmhaoín a cheannach agus a athdhíol faoi shamhail chiste imrothlaigh. Mar chuid den chlár, sainaitníodh 11 láithreán, ina bhfuil 13

réadmhaoín.

### **Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Foilmhe Croí Cónaithe**

Seoladh Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Foilmhe Croí Cónaithe in Iúil 2022. Is í aidhm an deontais tacú leis an gcostas atá ar úsáid cónaithe a bhaint athuair as réadmhaoín fholamh / thréigthe. Tá deontas a mhéid le €50,000 ar fáil le réadmhaoín fholamh a athchóiriú agus tá €20,000 breise ar fáil má mheastar go bhfuil an réadmhaoín thréigthe. I gcás réadmhaoine atá lonnaithe ar ár n-oileáin, méadaítear an deontas aníos go €60,000 i gcás áit chónaithe fholamh agus €84,000 d'áit chónaithe thréigthe. Tá an dealramh air go bhfuil an-tóir ar an scéim anseo i Maigh Eo tar éis go bhfuarthas beagnach 250 iarratas.

### **An Scéim Ceannaigh agus Athnuachana**

Tugadh an Scéim Ceannaigh agus Athnuachana isteach mar chuid den Straitéis Náisiúnta um Thithíocht Fholamh a Athúsáid. Caithfidh gach réadmhaoín Ceannaigh agus Athnuachan a bheith folamh ar feadh tréimhse ar a laghad 12 mhí sula ndéantar iad a éadáil le haghaidh cuspóirí tithíochta sóisialta. B'ionann an líon iomlán réadmhaoine ar a ndearnadh breithniú in 2023 agus 63.

### **An Scéim Deisigh agus Léasaigh**

Is í aidhm na Scéime Deisigh agus Léasaigh an soláthar tithíochta sóisialta a mhéadú trí réadmhaoín fholamh a dteastaíonn athchóiriú uathu a úsáid arís. Rinneadh an scéim a fhairsingiú le déanaí agus tá aonaid mhóra tráchtála agus seanfhoirgnimh reiligiúnacha incháilithe anois. Tháinig méadú freisin ar an iasacht saor ó ús atá ar fáil don úinéir réadmhaoine ó €60,000 go €80,000 In 2023, ba é an líon iomlán léasanna a bhí i bhfeidhm 21 agus bhí 33 i bhfeidhm do 79 aonad, arb é sin an líon iomlán iarratas gníomhach / a fuarthas.

### **An Scéim Deontais um Bloic Choincréite Lochtacha**

Cheadaigh an Rialtas an Bille um Leasúchán ar Theaghaisí a nDearnadh Damáiste Dóibh mar gheall ar Úsáid Bloc Coincréite Lochtach, 2022 an 21 Meitheamh 2022, a bhuntacaíonn leis an scéim bhreisithe. Ritheadh an Bille trí dhá Theach an Oireachtais agus shínigh an tUachtarán isteach sa dlí é, agus rinneadh Acht de, an 23 Iúil 2021.

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo freagrach as an bpróiseas íocaíochta a riar a chuireann ar chumas an úinéara, leis sin, iarratais a sheoladh ar dheontais choimhdeacha agus íocaíochtaí deontais a íoc cibé acu ina n-iomláine nó go céimnithe ag brath ar an réitigh.

Tá an t-údarás áitiúil freagrach as a chinntiú go dtugtar faoi na hoibreacha deisiúcháin go léir i gcomhlíonadh iomlán an phlean oibreacha deisiúcháin agus i gcúinsí neamhchomhlíonta, go leantar ar aghaidh le bearta forfheidhmithe. Cé go mbeidh baint ag Contae Mhaigh Eo sa scéim nua bhreisithe, is mó baint a bheidh ag an nGníomhaireacht Tithíochta.

Socraíodh Grúpa Oibre Bloic Lochtacha Choincréite laistigh de Chomhairle Contae Mhaigh Eo a bhfuil Téarmaí Tagartha lenar comhaontaíodh acu. Chas an Grúpa Oibre ar a chéile roinnt uaireanta agus sholáthair an DHLGH agus an Gníomhaireacht Tithíochta ranníocaíochtaí.

Is iad comhaltaí an Ghrúpa Oibre: -

An Comhairleoir Patsy O'Brien (Cathaoirleach), an Comhairleoir Michael Loftus, an Comhairleoir Seán Carey, an Comhairleoir Neil Cruise, an Comhairleoir Jarlath Munnely, an Comhairleoir John O'Hara, an Comhairleoir Christy Hyland.

**Ionadaithe:** An tUasal Julie Tracey, an tUasal Conor O'Donnell, an tUasal Barbara Clinton, Dorothy Keane agus Josephine Murphy **Oifigigh na Comhairle:** - Thomas Gilligan, Stiúrthóir Seirbhísí, Clodagh Gleeson, Oifigeach Foirne.

### **An Coiste um Beartais Straitéiseacha Tithíochta**

Is iad comhaltaí Choiste um Beartais Straitéiseacha Tithíochta na Comhairle an Comhairleoir P. O Brien, Cathaoirleach, an Comhairleoir J. Cribbin, an Comhairleoir B. Mulroy, an Comhairleoir J. Caulfield, an Comhairleoir C. Hyland, an Comhairleoir M. Kilcoyne, an Comhairleoir N. Cruise – Ionadaithe gnó – an tUasal Kevin Kirrane, an tUasal Donna Hyland, an tUasal Leanne Barrett agus an tUasal Edith Geraghty.

Casann an Coiste ar a chéile 4 huairé i rith na bliana agus áirítear an méid seo a leanas leis an gclár oibre:

- Tithíocht do Chách 2022-2026
- Tionscadail Chaipitil Tithíochta atá ar bun sa Chontae
- Deisigh agus Léasaigh / Ceannaigh agus Athnuaigh
- Scéim Croí Cónaithe
- Beartas um Iompar Frithshóisialta
- Scéim um Bloic Lochtacha Choincréite
- An Straitéis Áiteanna Cónaithe Folmha 2023-2026
- Scéim Deontais Tithíochta



*Scéim Tithíochta Sóisialta 50 Aonad ag Rehins Fort, Béal an Átha*



*22 Aonad ag Lios na Circe, Caisleán an Bharraigh.*



*Aonaid chríochnaithe ag The Boreen, Crois Mhaoilíona*

## **RANNÓG NA NAILTIRÍ**

Is éard atá i **Rannóg na nAiltirí i gComhairle Contae Mhaigh Eo** ná réimse fairsing saineolas teicniúil intí, Ailtirí, Innealtóirí, Ailtireachta agus Teicneoirí, Gairneoirí, Cléirigh Oibre, Suirbhéirí, Gairneoirí agus Foireann Cléireachais, atá lonnaithe ar fud an Chontae.



*Rehins Fort, Béal an Átha, a críochnaíodh i Meán Fómhair 2023*

Críochnaíodh tithíocht shóisialta nuathógtha in 2023 ag Rehins Fort, Béal an Átha (50), Lios na Circe, Caisleán an Bharraigh (22) agus Atlantic View, Béal an Mhuirthead (4). Bhí scéimeanna tithíochta á dtógáil ag Bóthar an Ghalfchúrsa, Cathair na Mart (50), an Mhala Raithní (16) agus Coillte Mach (22). Is iad na tionscadail atá le tosú ar an láthair faoi dheireadh 2023 an Chrois Thiar (8), Ceathrú na Con (9), Sráid an Mhóta, Clár Chlainne Mhuiris (6), agus Béal Átha Bhearaigh (12).

Leanfaimid de bheith tiomanta do Éire a Atógáil in 2024, ina dtosófar le tithíocht nua a thógáil ar láithreáin, Gob an Choire (20), Sráid Shéarlais Íochtarach, Caisleán an Bharraigh (4), Church Manor, Béal an Átha (3), Sráid Eillison, Caisleán an Bharraigh (12), i measc cinn eile. Tá tionscadail ar na bacáin freisin do Cheathrú na Mainistreach, Béal Átha hAmhnais (37), Béal an Mhuirthead (8), agus Lawn Road, Caisleán an Bharraigh (28). Táimid ag obair freisin ar na 3 shuíomh ar leith seo a leanas i mBéal an Átha, Cheshire Homes (68), The Meadows (12) agus BÁCÚS DUFFY (28) agus chuir roinnt suíomhanna níos lú timpeall an chontae, idir 1 agus 10 n-aonad leo seo.



*Ionad Mary Robinson, Béal an Átha*

Chríochnaigh na hAiltirí Ionad Mary Robinson, Stáisiún Dóiteáin Chrois Mhaoilíona agus Ionad Oilíúna faoin Aer Réigiúnach Chomhairle Contae Mhaigh Eo a thógáil in 2023 freisin. Tá cáipéisí tairisceana á n-ullmhú freisin d'Oifigí Cathrach agus Leabharlann Chathair na Mart agus tá siad le heisiúint i bhFeabhra 2024.



*Leabharlann agus Oifigí Cathartha Chathair na Mart a bheartaítear*

Tá Tionscnamh Athghníomhachtaithe agus Athghiniúna Chroílár Stairiúil Chaisleán an Bharraigh, páirceanna nua i bPartraí agus i mBalla, Leabharlann Bhéal Átha hAmhnais agus Reilig Bhaile an Róba á gcur chun cinn ag na foirne Ailtireachta sna Ceantair Bhardasacha, chomh maith le tionscadail Athghiniúna Bhaile Uí Fhiacháin agus Bhéal an Mhuirthead agus an Plean um Thús Áite do Lár Baile Chill Ala. Críochnófar in 2023 freisin Ceathrú Nuálaíochta Bhéal an Átha laistigh de Bheairic Mhíleata stairiúil an bhaile, a bhfuiltear ag súil go mór leis.

**Caomhnú Ailtireachta:** Soláthraíodh tionscadail in 2023 le tacaíocht ón Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha, Ciste na Struchtúr Stairiúil agus an Ciste Forbartha um Athghiniúint Tuaithe. I measc na scéimeanna, oibreacha caomhnaithe san áireamh, bhí Séipéal an Teaghlaigh Naofa, Coillte Mach, Eaglais Naomh Muireadhach, Caisleán agus Teach Geata Bhéal Leice, Béal an Átha, Eaglais na Tríonóide Naofa, Cathair na Mart, Siúlán Bowers agus Robe Villa agus Leabharlann Chathrach Bhaile an Róba. Bhí réimse fairsing turas, taispeántas, cainteanna agus taispeántí poiblí san Fhéile Architecture at the Edge i rith 10 lá.

**Páirc an Turlaigh:** Leanann ár bhfoireann gairneoireachta le fearann páirce Theach Pháirc an Turlaigh a chothabháil, ar ar bronnadh gradam Brataí Glaise an Taisce arís in 2023.

## **CLÓIS SÚGARTHA CHOMHAIRLE CONTAE MHAIGH EO**

**Cúlra:** Rinneadh breis agus 122 saoráid áineasa taobh amuigh a fhorbairt agus a bhainistiú le 20 bliain anuas mar áiseanna poiblí cathrach ar fud an chontae. Áirítear leo seo clóis súgartha, limistéir ilúsáide cluichí (MUGAS), ionaid gleacaíochta taobh amuigh etc.

### **Tionscadail Chaipítíl 2023.**

Rinneadh ceithre áis nua áineasa a thabhairt chun cinn sa chontae in 2023.

- 1. Páirc Spraioi Ruaille Buaille - Páirc Phobail an Tuairín.**
- 2. Clós Súgartha Pobail Máirt Campbell ar Bhóthar Chill Cheallaigh, Béal Átha na Muice.**
- 3. Páirceanna Comharsanachta Bhóthar Chill Ala, Béal an Átha.**



#### 4. Clós Súgartha an Chnoic Mhóir.

- **OIBREACHA ATHCHÓIRITHE - saoráidí áineasa taobh amuigh CCME.**

Sainithníodh 9 láithreán d'oibreacha athchóirithe ag láithreacha a liostaítear thíos le cistiú a soláthraíodh trí Chistiú Aitheantais Pobail an DRCD.

1. Clós Súgartha Bhéal Átha hAmhnais, Tailte na Mainistreach.
2. Clós Súgartha Chlár Chlainne Mhuiris, Lios Mhic Fheorais.
3. Clós Súgartha Bhalla, Faiche an Aonaigh.
4. Muine Chonalláin, Páirc MUGA.
5. Crois Mhaoilíona, Clós Súgartha.
6. Muraisc, Clóis Súgartha Pobail.
7. Páirc Fóillíochta Chathair na Mart, Clós Súgartha.
8. Cathair na Mart, Geata an Phortaigh, Bóthar an Ghalfchúrsa.
9. Páirc Scátála, an Bóthar Thiar.

Tá dul chun cinn déanta ag oibreacha ar fhorhór na láithreán a liostaítear. Tá súil leis go gcríochnófar na hoibreacha ar gach láithreán faoi Ráithe 1 2024.

#### **I measc na dTionscadal Eile a Tugadh chun Cinn/a Críochnaíodh in 2023:**

- Páirc Áineasa, Bóthar an tSéipéil, Béal Easa.
- Tuilsoilsiú a chur in airde ar an Raon Sintéiseach - Béal an Átha.



## BÓITHRE, IOMPAR AGUS SÁBHÁILTEACHT

### **BÓITHRE AGUS IOMPAR**

Baineann bunriachtanas leis an gcóras iompair ar bóthar in aon chontae chun tacú le forbairt shóisialta agus gheilleagrach an chontae agus an réigiúin níos fairsinge. Dá réir, tá an gréasán bóithre i Maigh Eo ar cheann de na rudaí is mó a chuireann forbairt gheilleagrach an chontae chun cinn. Cinntíonn Comhairle Contae Mhaigh Eo go ndéantar an gréasán bóithre laistigh den chontae a chothabháil agus a fheabhsú, a thacaíonn le agus a fheabhsaíonn an geilleagar laistigh den chontae ar an gcaoi sin. Mar chontae mór tuaithe, tá fad **6,616** ciliméadar de bhóthar faoi chúram Chomhairle Contae Mhaigh Eo, ina bhfuil na catagóirí seo a leanas de bhóthar:

Príomhbhóithre Náisiúnta:	133km (N5, N17 agus N26)
Bóithre Náisiúnta den Dara Grád:	267km (N58, N59, N60, N83 agus N84)
IOMLÁN	400km (Cistithe ag Bonneagar Iompair Éireann.)
Bóithre Réigiúnacha:	622km
Bóithre Áitiúla:	5,594km
IOMLÁN	6,216km (Cistithe ag an Roinn Iompair agus ag Acmhainní Féin CCME.)

### **An Coiste um Beartais Straitéiseacha Bóithre agus Iompair**

Leanfaidh an CBS Bóithre agus Iompair le soláthar a dhéanamh in 2024. Cuideoidh an CBS leis an gComhairle i mbeartas a chur le chéile, a fhorbairt agus a athbhreithniú. Is iad comhaltaí Comhairle an CBS an Comhairleoir Annie M. Reape (Cathaoirleach), an Comhairleoir Damian Ryan, an Comhairleoir Cyril Burke, an Comhairleoir Séamus Weir, an Comhairleoir Neil Cruise, an Comhairleoir Richard Finn agus an Comhairleoir John O'Malley.

### **Cistiú**

B'ionann an cistiú foriomlán a leithdháileadh in 2023 do Chothabháil agus Feabhsú Bóithre i Maigh Eo agus **€106,645,769**.

### **SCÉIMEANNA:**

#### **Tionscadal Bóthair an N5 ó Chathair na Mart go Turlach**

Bronnadh an conradh tógála i Samhain 2019 ar Chomhfhiontar Wills BAM. Tá an scéim críochnaithe anois agus osclaíodh don trácht í i Meitheamh 2023.

#### **Athailíniú an N26 ag Droichead Chluain Gallán**

Bronnadh an conradh tógála i nDeireadh Fómhair 2020 ar BAM Civil Ltd. Tá an scéim críochnaithe anois agus osclaíodh don trácht í i Lúnasa 2022.

#### **Acomhal an N17/R320 ag an Lios Dubh**

Bronnadh an conradh tógála i Samhain 2021 ar BAM Civil Limited. Tá an scéim críochnaithe anois agus osclaíodh don trácht í in Eanáir 2023.

#### **Tionscadail an N59**

Leanfar le hobair ar Thionscadail an N59 idir Cathair na Mart agus an Mhala Raithní i rith 2024. Leanfar le hidirbheartaíocht le húinéirí talún ar chásanna atá le réiteach go fóill. Beidh **Scéim an N59 ó Bhaile Uí Fhiacháin go Doire Fhada** réidh le tús a chur le conradh tógála a sholáthar i ráithe 4



2023 faoi réir cheadú TII agus tá súil leis go mbeidh conraitheoir ar an láthair i ráithe 2 2024. Tosófar le dearadh mionsonraithe **an N59 ó Ros Caoin go Doire Fhada** i rith 2024.

### **Tionscadail an N60**

Bronnadh an conradh tógála i Samhain 2022 do Scéim N60 Chnoc na mBuachalán ar P&D Lydon. Tá súil leis go gcríochnófar an tógáil i Ráithe 3 2024.

Foilsíodh an rogha bealaigh do **Scéim Chrosaire Mhaigh Nulla an N60** i bhFeabhra 2023. Tabharfar an réamhdhearadh, na measúnuithe timpeallachta agus an cháipéisíocht éadála éigeantaí chun cinn i rith 2024.

### **Céim 1 de Sheachbhóthar Bhéal an Átha an N26**

Foilsíodh an rogha bealaigh in Aibreán 2023. Tabharfar an réamhdhearadh, na measúnuithe timpeallachta agus an cháipéisíocht éadála éigeantaí chun cinn i rith 2024.

### **An N26 ó Bhéal Easa go dtí an Droim Riabhach**

Cheadaigh TII an Tuarascáil Mheasúnaithe Straitéisigh agus an Tuarascáil Indéantachta. Soláthrófar sainchomhairleoirí i Ráithe 4 2023. Gabhfaidh an tionscadal trí phróiseas roghnúcháin roghanna i rith 2024.

### **Seachbhóthar Bhéal Easa an N58**

Seoladh an Tuarascáil Mheasúnaithe Straitéisigh chuig BIÉ lena faomhadh. Leanfaidh an scéim ar aghaidh go roghnú roghanna in 2024.

### **Tionscadal Bóthair an N17 ón gCnoc go dtí Cúil Mhuine**

Tá an tionscadal seo á thabhairt chun cinn ag Comhairle Contae Shligigh, trí Chomhaontú Alt 85 le Comhairle Contae Mhaigh Eo. Thit comhairliúchán poiblí ar an rogha bealaigh amach i rith Ráithe 1 2023.

### **An Glasbhealach Bóithre Náisiúnta agus Tionscadail Taistil Ghníomhaigh**

Leantar le hoibreacha dearaidh ar na tionscadail seo a leanas:

- **Glasbhealach Idiruirbeach Bhéal an Átha-Chaisleán an Bharraigh-Chathair na Mart** Breithmheas an tionscadail i rith 2023
- **Scéim Taistil Ghníomhaigh Bréachmhaí an N60:** Ceadáíodh Cuid 8. Tá dul chun cinn á dhéanamh ag an dearadh mionsonraithe. Tá dul chun cinn á dhéanamh ag éadail talún.
- **Glasbhealach Mór an Iarthair – Baile Bhaile Uí Fhiacháin:** Comhairliúchán poiblí ar an rogha bealaigh i Ráithe 4 2023. Tosófar leis na nósanna imeachta reachtúla i Ráithe 1 2024.
- **Glasbhealach Mór an Iarthair – ó Bhéal Chláir go Muraisc:** Comhairliúchán poiblí ar roghnú na roghanna i Meán Fómhair 2023. An rogha bealaigh a roghnú agus réamhdhearadh agus measúnú timpeallachta a thabhairt chun cinn i rith 2024.
- **Glasbhealach Mór an Iarthair – ó Chathair na Mart go hAcaill:** Titfidh oibreacha athnuachana dromchla feadh go leor den ghlasbhealach 44km idir Cathair na Mart agus Acaill i rith Ráithe 3/4 2023.

### **Oibreacha Pábhála Bóithre Náisiúnta**

Tá oibreacha athnuachana / deisithe pábhála ar na bacáin ag na láithreacha seo a leanas in 2024:

- An N5 ó Lios Cromaille go Cnoc an Fhobhair (Turlach)
- An N17 ón gCill Mhór go Gleann Teamhráin (Cill Cheallaigh)
- An N59 ó Pháirc na bhFianna Thoir go dtí an Bóthar Thiar (Baile Chathair na Mart)
- An N59 ón gCnapach go dtí an Cheathrú Bhán

- An N59 ag Ceathrú Chinnéide
- An N59 ag Oireamh
- An N59 ó Shraith an tSlua go Gleann na Caillí
- An N59 ó Bhéal an Átha (Bóthar na hArd-Eaglaise)
- An N59 ag Crois Mhaoilíona (Sráid Bhéal an Átha)
- An N60 ag Béal Átha hAmhnais (Sráid na Mainistreach, Sráid an Droichid, Bóthar an Chláir.)

### **Oibreacha Athshlánúcháin Droichid**

Déanfar oibreacha athshlánúcháin droichid Bóithre Náisiúnta i rith 2024 ag na láithreacha seo a leanas:

- Droichead Chnoc an Bhrúnaigh ar an N5
- Droichead Abhainn na Sráide ar an N58
- Droichead Bhéal Átha an Iomaire ar an N59
- Droichead na Mala Raithní ar an N59
- Droichead Oirimh ar an N59
- Droichead na Ceathrún Riabhaí ar an N59
- Droichead Chluain Uí Challaráin ar an N60
- Droichead Abhainn Shráid na Mainistreach ar an N60, Béal Átha hAmhnais
- Droichead an Stáisiúin Dóiteáin ar an N84, Baile an Róba
- Droichead i mBéal an Átha Uachtarach ar an N59

### **Tionscadail Feabhsúcháin Bóithre Réigiúnacha**

Tá na Scéimeanna Bóithre Réigiúnacha seo a leanas le cur chun cinn in 2024:

#### **An R332 ó Chill Mheáin go Sonnach**

Dearadh mionsonraithe Chéim 1 agus an próiseas tairisceana a chríochnú agus tús a chur le tógáil.

#### **Seachbhóthar Chonga an R345**

Na céimeanna roghnaithe bealaigh, Ráiteas Tionchair Natura (NIS), pleanála agus dearaidh mhionsonraithe a chur chun cinn.

#### **Céim 2 den R312 ag Gleann Aoláin**

Toiliú pleanála a fháil agus na céimeanna réamhdhearaidh mhionsonraithe, tairisceana agus tógála a chur chun cinn.

#### **An R313 Ag Gleann Chaisil**

Dearadh mionsonraithe agus an próiseas tairisceana a chur chun cinn agus tús a chur le tógáil.

#### **An R314 ag Cill Ala**

An NIS a chríochnú, toiliú pleanála a fháil agus leanúint ar aghaidh leis an gcéim dhearaidh mhionsonraithe.

#### **An R315 ag Leathardán**

An NIS a chríochnú, toiliú pleanála a fháil agus leanúint ar aghaidh leis an gcéim dhearaidh mhionsonraithe.

### **Scéimeanna Sábháilteachta**

Tabharfar na scéimeanna seo a leanas chun cinn i rith 2024 faoi chlár sábháilteachta TII:

#### **N84 Bhaile an Róba ar Shráid na Gléibe / an tSráid Nua / Bóthar an Chlochair**

Acomhal comharthaí agus áiseanna do choisithe a chur isteach i Ráithe 1.

#### **Seachbhóthar Bhéal Átha na Muice an N5/an R320**

Oibreacha feabhsúcháin acomhail, lánáí casta scartha ar chlé a chur isteach i Ráithe 1.

#### **An N60 ó Chlár Chlainne Mhuiris go Béal Átha hAmhnais ag Béacán – droichead iarnróid**

Athailíniú bóthair agus tardhroichead iarnróid nua – céimeanna pleanála agus dearaidh.

#### **An N60 / R320 ag Clár Chlainne Mhuiris - Taisteal Gníomhach**

Sainchomhairleoirí a cheapadh, céimeanna réamhpleanála, agus dearaidh mhionsonraithe.

#### **An N17 ag Cill Cheallaigh – Stad Bus**

Indéantacht agus roghanna a chríochnú, leanúint ar aghaidh le céimeanna pleanála, dearaidh, agus tairisceana.

### **An N59 ag Baile Uí Fhiacháin – Trasrian Coisithe**

An chéim thógála a chríochnú (Ráithe 1).

### **An N83 ag an Tuairín – Trasrian Coisithe**

Dearadh mionsonraithe agus an próiseas tairisceana a chríochnú; leanúint ar aghaidh go dtí an chéim thógála.

### **Taisteal Gníomhach**

Leanfar leis an gClár Taistil Ghníomhaigh arís in 2024 agus soláthróidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair cistiú. Tá Pleananna Iompair Áitiúil á n-ullmhú faoi láthair do Bhéal an Átha, Caisleán an Bharraigh agus Cathair na Mart.

### **Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla**

Leanfaidh an Roinn Iompair le cistiú deontais a sholáthar agus chuir acmhainní féin Chomhairle Contae Mhaigh Eo leis an gcistiú iomlán do bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla.

### **Soilsiú Poiblí**

Tá freagracht ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo as 16,450 solas poiblí a chothabháil. Maidir leis an bhfreagracht seo, ceapadh Comhairle Contae Mhaigh Eo chomh maith mar phríomhúdarás maidir le **‘Tionscadal Soilsithe Phoiblí atá Éifeachtúil i dtaobh Fuinnimh ÚÁ do Réigiún an Iarthuaiscirt’**, ina bhfuil na cúig chontae i gConnachta, anuas ar Dhún na nGall agus an Cabhán, faoi Chomhaontú Alt 85. Iarfheistefar gach solas poiblí i Maigh Eo go soilse LED mar thoradh ar an tionscadal seo, agus bainfear coigilt fuinnimh thart ar 60% amach. Moladh conraitheoir, ach bronnfar an conradh faoi réir dhá agóid dlíthiúla.



*An N60 ag Cnoc na mBuachalán*



*An N59 ag Lios Cearnaigh in 2023*



*An N17/an R320 ag an Lios Dubh  
ag an N5 ó Chathair na Mart go Turlach*



*Oibreacha athnuachana dromchla ar an nGlasbhealach*



*An N17-an R320 ag an Lios Dubh, Clár Chlainne Mhuiris*

## SEIRBHÍSÍ UISCE

### SEIRBHÍSÍ UISCE POIBLÍ

I gcomhréir le beartas rialtais, rinneadh comhaontú nua a fhorghníomhú idir Uisce Éireann agus Comhairle Contae Mhaigh Eo. Rinneadh freagracht iomlán as seirbhísí uisce poiblí a bhainistiú a aistriú, dá réir, chuig Uisce Éireann an 27 Meán Fómhair 2023. Tabharfaidh foireann Chomhairle Contae Mhaigh Eo faoi obair d'Uisce Éireann, agus tá costas na hoibre sin infhorchúitithe go hiomlán d'Uisce Éireann. Leanfaidh an socrú seo ar aghaidh go dtí an 31 Nollaig 2026. Tá deis i rith na tréimhse seo ag an bhfoireann go léir a oibríonn ar sheirbhísí uisce poiblí aistriú go hUisce Éireann agus tiontú ina bhfostaithe dá chuid. Nuair a éagann an tréimhse, athshannfar aon fhoireann atá i seirbhísí uisce poiblí go fóill go háiteanna eile sa chomhairle.

### SEIRBHÍSÍ UISCE TUAITHE

Riarann Comhairle Contae Mhaigh Eo an Clár Uisce Tuaithe i gContae Mhaigh Eo, atá á chistiú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus tá sí tiomanta d'oibriú le pobail a bhfuil an aidhm acu scéimeanna a bheith inmharthana ó thaobh cúrsaí geilleagracha de agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Tá thart ar 175 scéim i bhfeidhm i gContae Mhaigh Eo a fhreastalaíonn ar bhreis agus 18,700 teaghlach agus gnólacht.

#### **An Clár Uisce Tuaithe Ibhliantúil (MARWP) 2019-2021 agus 2024-2026**

Ba é 2023 cúigiú bliain an Chláir Uisce Tuaithe Ibhliantúil (MARWP) 2019-2021 (síneadh an Clár mar gheall ar shrianta Covid 19).

Bhronn an DHLGL (an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht) **€15.5 milliún** i nDeireadh Fómhair 2019 ar Mhaigh Eo. Mar gheall ar shíneadh an chláir, bronnadh **€7 milliún** sa bhreis ar Mhaigh Eo, a mhéadaíonn an cistiú iomlán go **€22.5 milliún**. Tá an leithdháileadh seo á chaitheamh ar bhreis agus caoga tionscadal a théann chun tairbhe breis agus seachtó Grúpscéim Uisce i Maigh Eo. Anuas air sin, bronnadh **€6.8 milliún** breise le Ceangal Uisce Pobail nua a chistiú chun freastal ar thart ar 600 teaghlach tí i gceantar Mhuraic/Leic Ainimhe/Choill Salach i Maigh Eo. Cosnaíonn an tionscadal seo breis agus **€8.2 milliún**, ar an iomlán, agus tá sé á chistiú freisin agus Ranníocaíochtaí Áitiúla agus ag ranníocaíocht Uisce Éireann. Tá MARWP 2024-2026 á ullmhú faoi láthair lena chur faoi bhráid an DHLGH.

#### **Fóirdheontas i dtreo Chostais Oibríochtúla an GSU**

Tá fóirdheontas i dtreo Costais Oibríochtúla Ghrúpscéimeanna Uisce (GWS) iníoctha ar bhonn bliantúil. Mhéadaigh an DHPLG na rátaí fóirdheontais go substainteach in 2018 atá le híoc le gach scéim aníos ó €70 in 2017 go **€115 an ceangal tí don Scéim Phoiblí**, agus ó €140 in 2017 go **€231 an ceangal tí do Scéim Phríobháideach**. Rinneadh luach iomlán **€5.3 milliún** d'íocaíochtaí fóirdheontais a íoc le Grúpscéimeanna Uisce i Maigh Eo go dtí seo in 2023 (deireadh Dheireadh Fómhair 2023).

#### **Caomhnú Uisce**

Nuair a gearradh bille mór ar GWS ag a bhfuil foinse phoiblí mar gheall ar sceitheadh, cuireann an Rannóg Uisce Tuaithe tuairisc le chéile agus seoltar chuig Uisce Éireann í ina n-iarrtar ar chreidmheas sceite. Déantar cur síos sa tuairisc seo ar oibreacha faoinar thug an Scéim lena leibhéil uisce uisce gan tásca (UFW) a laghdú. Tugtar chun solais ann an laghdú ar UFW, a léiríonn go ndéantar dea-bhainistiú

agus cothabháil mhaith ar an Scéim. Tá 19 gcreidmheas sceite ag an Rannóg Uisce Tuaithe faoi láthair a cuireadh faoi bhráid Éireann thar ceann GWS atá ar feitheamh próiseála, agus tháinig laghdú ar an bhfiachas ina dhiaidh sin atá le híoc le hUisce Éireann ag na scéimeanna seo.

### **Cáilíocht Uisce Tuaithe**

Is í Comhairle Contae Mhaigh Eo an t-údarás maoirseachta do ghrúpscéimeanna uisce agus do Sholáthairtí Poiblí Beaga faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Uisce Óil), 2014. Tá orainn monatóireacht a dhéanamh ar ghrúpasholáthairtí uisce trínár gclár monatóireachta ar fud an chontae a gcomhaontaítear leis gach bliain. Conraíodh Southern Scientific chun tabhairt faoin tsampláil thar ceann Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Glacfar thart ar **800** sampla in 2023.

### **Soláthairtí Príobháideacha Beaga (SPS)**

Is í Comhairle Contae Mhaigh Eo an t-údarás maoirseachta le haghaidh soláthairtí uisce príobháideacha rialaithe a fhreastalaíonn ar ghníomhaíocht tráchtála nó phoiblí, nuair a d'fhéadfadh cáilíocht an uisce tionchar díreach nó indíreach a imirt ar shláinte tomhaltóirí. Tugtar Soláthairtí Príobháideacha Beaga (SPS) orthu seo.

Tá **33** soláthar ar an gclár SPS faoi láthair. Cuireadh na 33 soláthar seo san áireamh inár gclár samplála don bhliain 2023.

Tá Bunachar Sonraí Cháilíocht an Uisce á chur le chéile do gach SPS go leanúnach. Beidh an t-eolas stairiúil uile ann seo ar amhuisce na scéimeanna, an próiseas cóireáil agus eolas ar léarscáiliú.

### **Deontais do Thobar Príobháideach**

Is é cuspóir na scéime deontais seo chun cabhrú le teaghlaigh i gceantair thuaithe a bhraitheann ar sholáthar uisce príobháideach (tobar príobháideach) a úsáidfidh a dteaghlach, trí chúnamh airgeadais a thabhairt dóibh nuair a thabhaíonn siad caiteachas caipitiúil, chun tabhairt faoi fheabhsúcháin ar an soláthar lena chinntiú go bhfuil an t-uisce folláin agus glan, nó nuair nach leor an méid uisce chun freastal ar riachtanais an teaghlaigh faoi mar a shainmhínítear i Rialacháin na dTithe (Cúnamh Airgeadais do Sholáthar Uisce Príobháideach), 2020 (I.R. Uimh. 192 de 2020). Íocfar thart ar **€15,000** le hiarratasóirí incháilithe na scéime seo in 2023.

### **Scéimeanna a tógadh i gcúram**

Thóg Uisce Éireann **4** scéim, ar an iomlán, i gcúram go dtí seo in 2023. Is iad seo: GWS Dhoire na Maol/Dhoire Choirb; GWS an Doirín; GWS an Chaisleáin Riabhaigh agus GWS Bhaile Uí Thuathaláin. Tá **16** scéim a cuireadh faoi bhráid Uisce Éireann roimhe seo ag fanacht lena bhfaomhadh chun go dtógfad i gcúram iad.

## BAINISTÍOCHT FORBARTHA

### **AN TAONAD PLEANÁLA**

#### **Plean Bainistíochta Forbartha**

Tá trí rannóg i Rannóg Pleanála Chomhairle Contae Mhaigh Eo – Pleanáil chun Cinn, Bainistíocht Forbartha agus Forfheidhmiú Pleanála, a oibríonn as lámh a chéile le ceanglais reachtúla an Achta um Pleanáil, 2000 (arna leasú) a chur i bhfeidhm. Soláthraíonn na trí rannóg seo i dteannta a chéile an treoir riachtanach chun go dtitfidh forbairt nua amach ar bhealach spásúil laistigh de Mhaigh Eo, chun Pleananna Áitiúla, Réigiúnacha agus Náisiúnta a chomhlíonadh, agus as aon imeacht ó na beartais seo a cheartú.

#### **Pleanáil in 2023**

Seoladh **ríomhchóras pleanála** an Rialtais in 2023 ar fud na tíre, chun cabhrú leis an tasc a chuíchóiriú a bhaineann leis an bpróiseas pleanála. Rinne an córas seo uaslódáil agus próiseáil iarratas a luathú, agus bhain sé coigiltí suntasacha amach ar acmhainní i dtaobh líníochtaí a chló, postais, agus daonchumhachta. Éascaíonn an córas seo freisin aithint agus glacadh le hAighneachtaí ar líne, a fheabhsaíonn rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas Pleanála. Bhí breis agus 320 ríomhiarratas próiseáilte ag Maigh Eo ag deireadh Ráithe 3 2023.

I ndiaidh gur tugadh an Ríomhchóras pleanála isteach, tugadh **an Tairseach Pleanála Rialtais Áitiúil** isteach freisin go luath in 2023, a sholáthair an tsaoráid d'Údaráis Áitiúla **Forbairtí Chuid 8** a thaispeáint ar Thairseach thiomnaithe amháin, a thug comhairliúcháin phoiblí Chuid 8 le chéile do gach údarás pleanála fud fad na tíre, agus a sholáthair taisclann aonair don phobal inar féidir teacht ar na tograí uile ÚÁ. Ceadáíonn an tairseach seo d'fhiosraitheoirí forbairtí a bheartaítear a aimsiú, féachaint ar cháipéisíocht ghaolmhar, agus/nó aighneachtaí a dhéanamh ar na forbairtí seo a bheartaítear. Oibrítear an córas seo ar an mbealach céanna leis an gcóras Pleanála reatha, agus cuirtear eolas níos cuimsithí ar fáil san fhearann poiblí ar Thionscadail forbairtí Údaráis Áitiúil a bheartaítear, teacht san áireamh ar an Tuarascáil CE ar Aighneachtaí a fuarthas, agus ar Chinneadh na gcomhaltaí tofa, do gach Comhairliúchán aonair Chuid 8.

Ghlac na comhaltaí tofa le **Scéim Ranníocaíochta Forbartha Chomhairle Contae Mhaigh Eo 2023** an 30 Meitheamh 2011, a tháinig in ionad na Scéime Ranníocaíochta Forbartha fadmarthanaí roimhe sin a bhí i bhfeidhm ó 2004. Leanfaidh an Scéim seo de bheith i bhfeidhm ar feadh tréimhse íosta sé bliana, agus cinntíonn an Scéim nua go gcuireann Comhairle Contae Mhaigh Eo coinníollacha airgeadais i bhfeidhm ar gach cinneadh ábhartha ar deonaíodh cead pleanála dóibh ar/i ndiaidh dháta a ghlactha.

Mar gheall go bhfuil beartais i bPlean Forbartha Chontae Mhaigh Eo 2022-2028 a cheadóidh don Chontae a lánchumas a bhaint amach agus an méid a chuireann sé le gilleagar an réigiúin níos fairsinge a uasmhéadú, cuireann an Scéim Ranníocaíochta Forbartha leis na beartais seo trí fhorbairt gheilleagrach agus cruthú post a éascú, anuas ar athbheochan láir ár mbailte agus foirgnimh fholmha a athúsáid, a bhfuil príomhpháirt aige seo chun na limistéir seo a fheabhsú do chónaitheoirí agus do chuirteoirí araon chuig ár gcontae. Chun cúnaimh a thabhairt d'athfhorbairt laistigh dár láir bhaile/shráidbhaile, rinneadh breithniú cúramach ar ranníocaíochtaí forbartha a ghearrtar ar an saghas seo Forbartha.

#### **Ag Féachaint chun Cinn go dtí 2024**

Leanfaidh an Rannóg Pleanála le ceanglais reachtúla an Achta um Pleanáil, 2000 (arna leasú) a chur i bhfeidhm i dtaobh iarratais Pleanála a phróiseáil, agus aird ar Phlean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2022-2028 nua, a cuireadh i bhfeidhm anuraidh, anuas ar thabhairt faoi chomhairliúcháin Chuid 8, agus leanúint de bheith airdeallach maidir le ceistanna forfheidhmithe pleanála etc., trí úsáid a bhaint as na hacmhainní go léir atá ar fáil dúinn chun amhlaidh a dhéanamh.

Meastar go nglacfar le Plean Ceantair Áitiúil Baile agus Purláin Chaisleán an Bharraigh go gairid amach anseo, agus tá dul chun cinn á dhéanamh freisin ag na Dréachtphleananna Ceantair Áitiúil Baile agus Purlán freisin do Cheantar agus Bailte Chathair na Mart agus Bhéal an Átha.

## **FIONTRAÍOCHT ÁITIÚIL MHAIGH EO**

Dhírigh Oifig Fiontar Áitiúil (OFÁ) Mhaigh Eo in 2023 ar chuidiú le gnólachtaí dul i ngleic leis na dúshlán a chruthaíonn costais fuinnimh agus bhoilscithe atá ag dul i méid. Ba éard a bhain leis seo tionscnaimh a riar agus a bhainistiú cosúil le tacaíochtaí airgeadais, clár oiliúna agus meantóireacht agus sainchomhairleoireacht leanúnach leis an tacaíocht is cothroime le dáta a sholáthar i limistéir ar nós LEAN, inbhuanaitheachta agus an gheilleagair ghlais, agus digitiú chun tacú le gnólachtaí i margadh atá ag éirí níos iomaíche i gcónaí.

### **Príomhéachtaí in 2023**

- Síneadh sainordú OFÁanna in 2023 lena éascú oibriú le cuideachtaí ina bhfuil a mhéid le 50 fostaí nach cliaint Fhiontraíocht Éireann go fóill iad, ach a bhfuil straitéis easpórtála á forbairt acu.
- Thug Advanced Cosmetic Manufacturing – atá bunaithe i mBéal an Átha – chéad duais an bhuaiteora ar an iomlán leo ag na Dámhachtainí Náisiúnta Fiontar i dTeach an Ard-Mhéara i mBaile Átha Cliath i Meitheamh.
- Thit Seachtain na Fiontraíochta Áitiúla amach i Márta inar cuireadh sraith ceardlann ar líne agus imeachtaí i bpearsan ar siúl a chaith siúl ar limistéir cosúil le conas is féidir éifeachtúlachtaí, iomaíochas, nuálaíocht agus inbhuanaitheacht a mhéadú.
- Thit imeacht deiridh chlár REBOOT amach in Óstán an McWilliam Park in Aibreán agus pléadh ábhair maidir le cumarsáid, líonrú agus cásanna a chur i láthair. Seoladh REBOOT mar chomhiarracht chun dul i ngleic leis na dúshlán a chruthaigh COVID-19, an Breatimeacht, agus suaitheadh geilleagrach i Maigh Eo, Ros Comáin agus Sligeach. Comhpháirtíocht idir Cuideachta Forbartha Mhaigh Eo Theas, na OFÁanna i Maigh Eo, Ros Comáin agus Gaillimh, Grúpaí Áitiúla Gníomhaíochta agus comhpháirtithe eile, agus dhírigh an clár ar chúnaimh a thabhairt do ghnólachtaí agus fiontair shóisialta i dteacht aniar trí oiliúint agus tacaíocht shaincheaptha.
- Mar chuid de Sheachtain Smaointe Mhaigh Eo i nDeireadh Fómhair, chuir OFÁ Maigh Eo an tionscnamh ceannródaíoch ‘Cas le Muintir Mhaigh Eo’ (‘Meet Mayo’) ar siúl – imeacht líonraithe idir gnólachtaí ag Ráschúrsa Bhaile an Róba.
- Thacaigh OFÁ Mhaigh Eo le himeacht réigiúnach le Lá Náisiúnta Fiontraíochta na mBan a cheiliúradh i nDeireadh Fómhair. Ba é téama an imeachta ‘An Gnó a Chumasú le Chéile’ (‘Empowering Business Together’) agus bhí cainteoirí agus painéalaithe faoi chaibidil, agus tugadh fiontraíthe mná ó áiteanna ar fud réigiún an Iarthair chun solais ann.

### **Ag Féachaint chun Cinn go dtí 2024**

- Leanfaidh an OFÁ ag oibriú le gnólachtaí ina bhfuil a mhéid le 50 fostaí lena straitéisí easpórtála a fhorbairt.
- Leanfaidh OFÁ Mhaigh Eo leis an gClár Glas/Inbhuanaitheachta a thabhairt chun cinn trí shainchomhairle a bhaineann go sonrach le cliaint a sholáthar chun tacú le claochlú glas laistigh de ghnólachtaí. Cuireann an tacaíocht ‘Glas don Ghnó’ (‘Green for Business’) 2 lá d’idirchaidreamh ar fáil le speisialtóir inbhuanaitheachta a dhéanann athbhreithniú ar lorg carbóin agus úsáid fuinnimh na cuideachta; a bpróisis, a bpacáistiú, agus a slabhra soláthair; sainaitníonn sé deiseanna coigilte fuinnimh; agus cuireann sé straitéis phraiticiúil inbhuanaitheachta le chéile. A luaithe atá straitéis inbhuanaitheachta i bhfeidhm, is féidir le



gnólachtaí bogadh ar aghaidh go dtí an dara céim dá n-aistear inbhuanaitheachta agus is féidir leo an Deontas Éifeachtúlachta Fuinnimh nua a fháil. Tacaíonn an deontas seo le gnólachtaí beaga infheistiú i dteicneolaíochtaí agus i dtrealamh lena ngnólachtaí a dhéanamh níos tiosaí ar fhuinneamh.

- Le hiomaíochas agus digitiú a chur chun cinn i measc gnólachtaí, leanfaidh OFÁ Mhaigh Eo le cláir forbartha bainistíochta atá dírithe ar chliaint agus atá bunaithe ar riachtanais a sholáthar atá dírithe ar chliaint phunainne an OFÁ, an clár LEAN for Business san áireamh. Leanfaidh an OFÁ leis an tionscnamh Digiteach don Ghnó (Digital for Business) a thabhairt isteach, agus iad ag oibriú le cuideachtaí le deiseanna a shaináithint don digitiú le héifeachtúlachtaí a mhéadú agus próisis táirgthe/seirbhíse a chuíchóiriú.
- Beidh mar aidhm ag OFÁ Maigh Eo idirchaidreamh aghaidh ar aghaidh i measc cliant a mhéadú le cliant atá réidh chun easpórtáil a dhéanamh a shaináithint agus chun tacaíocht a sholáthar dóibh ar a n-aistear easpórtála. Chun tacú leis seo, tabharfar Clár saincheaptha Forbartha Easpórtála agus Díolacháin isteach i gcomhar leis na OFÁanna sa réigiún.
- Cabhróidh OFÁ Mhaigh Eo le gnólachtaí nuálaíochta a mhéadú ina ngnólacht trí chliant a spreagadh clár nuálaíochta a chothú trí chláir nuálaíochta a chur chun cinn i measc cliant phunainne an OFÁ, feasacht a mhúscailt ar thacaíochtaí rialtais chun tacú le nuálaíochta, agus cabhrú le cliant iarratais a dhéanamh ar Dhearbháin Nuálaíochta, cistiú Agile, agus Deontais Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta (RDI).

### **Forbairt Gheilleagrach – Ag Féachaint chun Cinn go dtí 2024**

- Soláthrófar tacaíocht bhreise chun an Crios Forbartha Straitéisí (SDZ) ag Aerfort Iarthar na hÉireann, Cnoc Mhuire a chur chun cinn. Tionóladh Grúpa Stiúrtha le treochlár a leagan amach d'fhorbairt an SDZ agus sholáthair an Rialtas cistiú do Chomhairle Contae Mhaigh Eo le Bainisteoir Tionscadail a cheapadh.
- Leanfaidh comhoibriú le páirtithe leasmhara fiontraíochta eile de bheith tábhachtach agus tabharfar tús áite arís do thionscnaimh cosúil le Seachtain na Fiontraíochta Áitiúla, Mí Smaointe Mhaigh Eo agus Gradaim Gnó Mhaigh Eo.
- Osclófar áis na Ceathrún Nuálaíochta i mBéal an Átha go hiomlán d'fhiontair a bhfuil fostaíocht nua á cruthú acu. Breisiú tábhachtach í an áis seo leis an mbonneagar fiontraíochta i mBéal an Átha agus i dTuaisceart Mhaigh Eo.
- Críochnófar an obair ar thionscadal atá á chistiú faoin Scéim Athnuachana Baile agus Sráidbhaile le Maigh Eo a chur chun cinn mar láthair do chianoibriú, a dhíríonn ar na buntáistí a thabhairt chun solais a bhaineann le cianoibriú agus mhúscloíonn feasacht ar an ngréasán moil chianoibre phoiblí agus phríobháideacha agus na Pointí Ceangail Leathanbhanda atá sa Chontae.
- Leanfaidh obair ar siúl ar thacaíochtaí thionscadal *Data2Sustain* (Mol Nuálaíochta Digití na hEorpa) a chur ar fáil do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide i Maigh Eo.

### **TURASÓIREACHT, ÁINEAS AGUS CONLÁISTÍ**

Aonad tiomnaithe í an Rannóg Turasóireachta, Áineasa agus Conláistí a bhfuil mar shainchúram aici an tairiscint turasóireachta agus áineasa sa chontae a fhorbairt agus Maigh Eo a shuíomh mar cheann scríbe ardchaighdeáin turasóireachta. Áirítear le hobair na Rannóige na gnéithe seo a leanas:

- Maigh Eo a chur chun cinn agus a Mhargú mar cheann scríbe ardchaighdeáin do chuirteoirí.
- Bonneagar - Bonneagar agus saoráidí a bhaineann le turasóireacht, áineas agus eachtraíocht a phleanáil, a fhorbairt, a sholáthar agus a chothabháil.
- Fóillíocht agus Conláistí - Seirbhísí ardchaighdeáin fóillíochta a sholáthar ag Ionad Fóillíochta Loch Chaisleán an Bharraigh.

### **Príomhéachtaí in 2023**

Forbraíodh roinnt príomhthionscadal i rith 2023, an méid seo a leanas ina measc:

### **Velorail Choillte Mach**

D'oscail an Teachta Dála Michael Ring, TD, chéad Tionscadal Velorail na hÉireann an 9 Meitheamh 2023. Ní nua inbhuanaithe is díol spéise do thurasóirí é Velorail atá suite i gCoillte Mach, agus is eispéireas uathúil agus spráúil é do chuariteoirí ar gach aois. Ceadáíonn an Velorail do na húsáideoirí go léir troitheánú feadh líne iarnróid nach n-úsáidtear. Baineadh atharraíocht as an tseanlíne iarnróid chun freastal ar an eispéireas nua seo.



*Oscailt Velorail Choillte Mach*

### **Glasbhealach Mór an Iarthair, Gob an Choire-an Caiseal**

D'oscail an tAire Jack Chambers stráice nua 5km de Ghlasbhealach Mór an Iarthair ó Ghob an Choire go dtí an Caiseal go hoifigiúil Dé hAoine, an 1 Meán Fómhair 2023. Cuireadh cistiú 4 mhilliún ar fáil don tionscadal seo ón Roinn Iompair agus ó Bhonneagar Iompair Éireann.



*An tAire Jack Chambers leis an gComhairleoir Carey, an Teachta Dála Ring agus foireann na Comhairle*

### **Lanna Tuirbín Gaoithe – Droichead Lann**

Is é troscán sráide na lann tuirbín gaoithe an chéad troscán sráide dá shamhail a rinneadh in Éirinn. Is gnách go dtugtar na lanna tuirbín gaoithe, a ghin cumhacht ar feadh breis agus 15 bliana in Éirinn, chuig líonadh talún ag deireadh a saolré. Trí atharraíocht a bhaint as na dramhlanna ón earnáil fuinnimh gaoithe, déanann seo giniúint fuinnimh in-athnuaite a scaradh ó dhramhaíl a tháirgeadh agus cuireann sé inbhuanaitheacht agus geilleagar ciorclach chun cinn.



*Troscán Bhealach an Tuirbín Gaoithe*

### **An Glasbhealach - Clárchosán**

Ar cheann de phríomh-bhuaicphointí an tsínte ar an nGlasbhealach tá an fad uathúil agus saincheaptha 400m de chlárchosán a thrasnaíonn stráice de bhratphortach – seo an clárchosán is leithne ar ghlasbhealach atá á úsáid sa stát faoi láthair agus tógadh é agus úsáid á baint as táirgí inbhuanaithe agus atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.




*Clárchosán an Ghlasbhealaigh*

### **Oibreacha Athnuachana Sócmhainní an Ghlasbhealaigh**

Cuireadh Cistiú Athnuachana Sócmhainní ar luach €2.2 milliún ar fáil do Ghlasbhealach Mór an Iarthair ag an Roinn Iompair agus ag Bonneagar Iompair Éireann. Tá oibreacha Céim 1 agus 2 críochnaithe anois, agus tá Céim 3 ag druidim lena críochnú.

### **Feabhsúcháin ar Thúis Siúlóide**

Tugadh faoi fheabhsúcháin ar Thús na Siúlóide ag Coill Ráithín, Ceann Iorrais agus Trá Brataí Goirme an Mhullaigh Rua. Cuireadh cistiú €90,000 ar fáil faoin Scéim Bonneagair Áineasa Taobh Amuigh.



ag

*Feabhsúcháin ar Thúis Siúlóide Thrá Brataí Goirme an Mhullaigh Rua*



### **Feabhsúcháin ar Shiúlóidí Lúibe**

Tugadh faoi fheabhsúcháin chomh maith ar roinnt siúlóidí lúibe, Siúlóidí Lúibe Dhumha Acha agus Choill Bhréachmhaí san áireamh. Draenáil, feabhsúcháin ar chosán agus clárchosán a chur isteach a bhí sna hoibreacha.

*Siúlóid Lúibe Choill Bhréachmhaí – Clárchosán*

### **Cistiú a Ceadáíodh in 2023**

Cuireadh Cistiú Athnuachana Sócmhainní ar luach €2.2 milliún ar fáil do Ghlasbhealach Mór an Iarthair ag an Roinn Iompair agus ag Bonneagar Iompair Éireann.

D'fhógair an Rannóg um Fhorbairt Pobail Tuaithe gur ceadáíodh 3 Thionscadal Bheart 2 ORIS ar luach iomlán €540,000. I measc na Scéimeanna a ceadáíodh, bhí: Túis Siúlóide Cheathrú Thaidhg/na Binne Buí, an tSeanchinn agus Cheann Dhún Pádraig. Bronnadh cistiú €32,000 ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo don Chlár Féilte Réigiúnacha agus Imeachtaí Rannpháirtíochta 2023. Tacaíodh le 21 féile agus imeachta, ar an iomlán, faoin scéim cistithe seo.

### **Ionad Fóillíochta ag Loch Chaisleán an Bharraigh**

Ba bhliain mhaith agus rathúil eile 2023 ag an Ionad Fóillíochta. Bronnadh an Sárchaighdeán ar an

gCoimpléasc Fóillíochta ag Loch Chaisleán an Bharraigh i searmanas gradam Caighdeán Náisiúnta Cáilíochta Ireland Active i mbliana don tríú bliain i ndiaidh a chéile. Is é seo an gradam Caighdeán Náisiúnta Cáilíochta is airde. Cuireadh tairiscint isteach in 2023 chomh maith don chomhaontú Soláthraí seirbhíse do sheirbhísí fáilteachais agus halla gleacaíochta i ndiaidh nós imeachta idirphlé iomaíoch tríd an ardán ríomhthairiscintí (eTenders). Bronnadh an conradh ar ‘The Movement’ i Márta 2023 ar feadh tréimhse 2 bhliain agus bhí an rogha ann chun é a shíneadh ar feadh 3 bliana bhreise. Tugadh ranganna nua, cosúil le ‘Breathwork’ agus ‘Move It or Lose It’ isteach i mbliana le tairiscint ár seirbhíse a fhairsingiú níos mó. Ba é príomh-bhuaicphointe na bliana Craobhchomórtais Snámha na gCluichí Pobail Náisiúnta i mBealtaine i mbliana, arbh é sin an chéad uair a cuireadh imeacht náisiúnta ar siúl ag an ionad. Ghlac breis agus 800 leanbh páirt sa GALA.



*Sa Phictiúr: Uachtarán na gCluichí Pobail, Gerry McGuinness, an tOlimpeach Nicholas Quinn, Marie King le Bus Éireann, Méara Chaisleán an Bharraigh, an Comhairleoir Michael Kilcoyne, an Leas-Mhéara, an Comhairleoir Blackie Gavin agus Donal Newcombe, Bainisteoir Ionad Fóillíochta Loch Chaisleán an Bharraigh.*

### **Ag Féachaint chun Cinn – Clár Oibre 2024**

- Leanadh leis an Ráiteas Straitéise Turasóireachta, Plean Forbartha Cheann Scríbe Chuan Mó agus DEDP Mhaigh Eo nuafhorbartha a chur i bhfeidhm.
- Leanfar ag comhoibriú leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus le bearta caomhnaithe a sholáthar i dteannta a chéile ag Muc-chluain, faoi mar a tugadh chun solais i Máistirphlean Mhuc-chluana.
- Pleanáil agus forbairt ar réimse tionscadail chaipitil a thabhairt chun cinn.
- Leanúint le próifíl Chontae Mhaigh Eo a ardú mar phríomhcheann scríbe turasóireachta i gcomhar le comhpháirtithe an Tionscail Turasóireachta, Gníomhaireachtaí agus Grúpaí Margaíochta cinn scríbe áitiúla ar fud an chontae.
- Seirbhísí ag Coimpléasc Fóillíochta Loch Chaisleán an Bharraigh a chothabháil agus a fhairsingiú, an Caighdeán Cáilíochta Náisiúnta Tionscail a choinneáil ina measc.

### **FORBAIRT POBAIL AGUS CHOMHTHÁITE**

Tá an Rannóg um Fhorbairt Pobail agus Chomhtháite freagrach as tionscnaimh a chur i bhfeidhm a thacaíonn le forbairt áitiúil agus pobail, rannpháirtíocht saoránach agus ionchuimsiú sóisialta. Tá sí freagrach chomh maith as caiteachas forbartha áitiúla agus pobail, Clár LEADER, an Clár um Ghníomhachtú an Ionchuisithe Shóisialta sa Phobal, Éire Shláintiúil, Sláintecare, Maigh Eo Sláintiúil, an Clár um Fheabhsú Pobail agus an Ciste Gníomhaíochtaí Pobail san áireamh a mhaoirsiú agus a chur i bhfeidhm.

## Gníomhaíocht 2023:

- Tionóladh 7 gcrúinniú an LCDC/an LAG go dtí Deireadh Fómhair 2023. D'oibrigh Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta Mhaigh Eo (LAG) leis an gcistiú eile a bhí fágtha ó bhuiséid Idirthréimhseacha agus Clár Cistithe EURI a bhronnadh. Próiseáladh éilimh ar luach €1.2 milliún idir Eanáir agus Deireadh Fómhair 2023.
- Sheol Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) Mhaigh Eo a straitéis Forbartha Áitiúla (LDS) i dtairiscint iomaíoch le clár nua LEADER 2023-2027 a sholáthar don Chontae.
- Bhronn an LCDC €378,220 ar 225 iarratas a fuarthas don Chiste Tacaíochta Pobail.
- Bronnadh €2,254,126 ar 48 tionscadal ón gCiste Aitheantais Pobail tionscnaimh 2023.
- Rinne Comhairle Contae Mhaigh Eo iarratas ar €664,101 do 15 thionscadal faoi scéim CLÁR 2023 agus táthar ag fanacht faoi láthair go bhfógróidh an Roinn na tionscadail rathúla.
- Seachtain na Feasachta ar Ionchuimsiú Sóisialta i Maigh Eo, Deireadh Fómhair 2023, 40 imeacht.
- Cur i bhfeidhm an Chláir um Ghníomhachtú an Ionchuimsithe Shóisialta sa Phobal (SICAP) ar a bhfuil luach €1,934,644.
- Bhronn Pobail Shláintiúla Sláintecare Síolchistiú €75,000 in 2023 ar thionscadail sa limistéar píolótach a dhíríonn ar Dhul i nGleic le Litearthacht Sláinte, Slándáil Bhia, an Timpeallacht Fhisiciúil a Chumasú agus Tionscnaimh Rannpháirtíocht an Phobail.
- **Lean an Rannóg Pobail leis an méid seo a leanas a dhéanamh:**
  - ✓ A gclár spriodhírithé a sholáthar don Aoisbhá, an Comhchoiste Póilíneachta, an Líonra Rannpháirtíochta Pobail, an Pobal Feasta, Abhainn Eidhneach, Mórtas Ceantair, LGBTI+ agus Diúltaíonn Maigh Eo don Chiníochas.
  - ✓ An Fóram Freagartha do Phobal na hÚcráine a chomhordú, ar fóram ilghníomhaireachta é a dhéanann comhordú ar bhearta áitiúla chun Úcránaigh a fháiltiú go Pobail Mhaigh Eo.
  - ✓ Babhta 3 de Chiste Éire Shláintiúil a sholáthar go rathúil inar soláthraíodh 14 ghníomh ag a raibh buiséad iomlán €409,000 i measc 6 théama Sláinte agus Folláine, gníomhaíocht choirp, meabhairshláinte, tobac agus alcól, spásanna agus áiteanna, cothú agus sláinte ghnéis ina measc. Díríonn Babhta 4 ar Ghníomhaíocht Choirp agus ar an Meabhairshláinte.
- Sheol PPN Mhaigh Eo a Ráiteas Folláine in 2023 agus ghlac breis agus 400 Grúpa Pobail páirt i gclár oiliúna agus ceardlanna saor in aisce PPN Mhaigh Eo.

## I measc na dtosaíochtaí don bhliain 2024, tá:

- Cláir chistithe Pobail a sholáthar a d'fhógair an Roinn, CRF, TVRS agus CLÁR san áireamh.
- Ar feiteamh tairiscint rathúil do LEADER 23-27, struchtúir nua a bhunú lena an clár a sholáthar.
- An Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) don bhliain 2022+ a sholáthar.
- Tá 100 tionscadal LEADER ar luach €5.3 milliún le críochnú faoi dheireadh 2024.
- Cláir chistithe SICAP agus chistithe pobail a chur i bhfeidhm.
- Pleananna straitéiseacha don Chomhchoiste Póilíneachta, Aoisbhá Mhaigh Eo (2022-2026), Ciste Tairbhí Pobail Abhainn Eidhneach, LGBTI+ a chur i bhfeidhm.
- Na cláir seo a leanas a chur i bhfeidhm go leanúnach: Babhta 4 Éire Shláintiúil agus Pobail Shláintiúla Sláintecare, Mórtas Ceantair, an Pobal Feasta.
- Cuireadh clár tacaíochtaí i bhfeidhm do bhail den PPN trí sheisiúin oiliúna agus eolais. Tacaíochtaí leanúnacha a chur ar fáil le feabhas a chur ar ionadaíocht an PPN ar leibhéil CBS, JPC agus LCDC.



**Comhairliúcháin phoiblí LEADER 2023-2027**

**Tionscadal Éire Ildánach Chomhairle Daoine Breacaosta Mhaigh Eo, a scannánaíodh ag Teach an Turlaigh –  
“Spiorad Naomh Bríde a Cheiliúradh”**



**Leas-Chathaoirleach CB Bhéal an Átha, an Comhairleoir Annie May Reape sa phictiúr leis na Cainteoirí, na Painéalaithe agus na hEagraithe ag an Seimineár Cairdeas le Chéile ó Rannóg Pobail Chomhairle Contae Mhaigh Eo, Béal an Átha 2023, ag Campas ATU Chaisleán an Bharraigh, SICAP Mhaigh Eo Thoir Thuaidh agus Thiar  
Theas: Grianghrafadóir: John O’Grady**



**Cathaoirleach Chomhairle Contae Mhaigh Eo, an Comhairleoir Michael Loftus leis an Stiúrthóir Seirbhísí Joanne Grehan anuas ar eagraithe agus lucht freastail sheoladh na Seachtaine Feasachta ar Ionchuimsiú Sóisialta i Maigh Eo ag Leabharlann Bhéal an Átha; Grianghrafadóir: Rannóg Cumarsáide CCME.**

**Seirbhís Cúraim Leanaí Contae Mhaigh Eo**

Tacaíonn Coiste Cúraim Leanaí Contae Mhaigh Eo le clár chúraim agus oideachais luathóige agus aois an pháiste a sholáthar i Maigh Eo agus oibríonn sé go comhoibrítheach agus i dteannta leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Gnóthaí Óige. Is é gníomhaire áitiúil na roinne seo agus is é an t-aon Choiste Cúraim Leanaí atá faoi struchtúr údaráis áitiúil. Cuireann seo ar ár gcumas oibriú níos comhoibríthí agus níos éifeachtaí laistigh de Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus de ghníomhaireachtaí cosúil le Pobal, Tusla, Boird Oideachais agus Oiliúna agus le páirtithe leasmhara eile.

**Gníomhaíocht in 2023:**

- Thacaigh Coiste Cúraim Leanaí Contae Mhaigh Eo le 133 seirbhís Luathbhlianta, 13 sheirbhís Cúraim Leanaí ar Aois Scoile agus le 78 feighlí leanaí.
- Ar an iomlán, sholáthair Rannóg Cúraim Leanaí Mhaigh Eo 25,480 gníomh tacaíochta in 2023 trí ghlaonna, ríomhphoist, seisiún eolais, cruinnithe, cuairteanna ar láithreacha, oiliúint, cuir i láthair, tacaíochtaí meantóireachta agus ceardlanna aghaidh ar aghaidh. Áiríodh leis seo:

- 4 sheisiún oiliúna Tús Áite do Leanaí i gCónaí a sholáthar do 48 seirbhís Luathbhlianta
- Cuireadh oiliúint ar 10 nOideachasóir Luathbhlianta i gComhionannas agus Éagsúlacht
- Oiliúint an Tionscnaimh Náisiúnta Síolta Aistear
- Clár AIM [an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú] le hionchuimsiú do gach leanbh ar gach cumas i réamhscoil a chinntiú], seisiún eolais do thuismitheoirí agus Oideachasóirí Luathbhlianta
- 4 sheisiún eolais ar Chroíchistiú Cairt Chuntas do 17 seirbhís
- Leanadh ag tacú le Clár nua náisiúnta Croíchistithe a thabhairt isteach i measc seirbhísí Cúraim Leanaí Luathbhlianta agus ar Aois Scoile i Maigh Eo. Íocaíocht é croíchistiú a íoctar le soláthraithe atá ceaptha tacú le cáilíocht agus le hinbhuanaitheacht don earnáil. Sholáthair Coiste Cúraim Leanaí Contae Mhaigh Eo 1,572 tacaíocht do sheirbhísí agus an clár nua seo á chur i bhfeidhm agus á thabhairt isteach.
- Soláthraíodh tacaíochtaí maidir le géarchéim na hÚcráine, eolas ar theacht ar chúram leanaí agus ar chláir chistithe cúraim leanaí, tacaíochtaí chun iarratas a dhéanamh ar fhóirdheontais, na cáilíochtaí a theastaíonn le hoibriú san earnáil luathbhlianta, cistiú do ghrúpaí Tuismitheoirí agus Lapadán ina measc chun cabhrú lena bhfairsingiú leis an bpobal nua seo a chur san áireamh etc. Soláthraíodh 631 tacaíocht in 2023.

#### **Tosaíochtaí don bhliain 2024:**

Leanfaidh Coiste Cúraim Leanaí Contae Mhaigh Eo in 2024 le heolas, tacaíocht, meantóireacht agus treoir a sholáthar ar an tsamhail Chroíchistithe, Cistiú Cúraim Leanaí Náisiúnta agus ar chláir ghaolmhara do thuismitheoirí, seirbhísí cúraim leanaí luathbhlianta/ar aois scoile agus do ghníomhaireachtaí áitiúla a sholáthraíonn tacaíocht airgeadais agus oideachais do na grúpaí seo. Áireofar leis na cláir a dtacófar leo –

- An clár náisiúnta Croíchistithe, an NCS (an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí), ECCE (an scéim Bliain Réamhscoile Saor in Aisce), an Plean Gníomhaíochta Cáilíochta Croíchistithe CCSP (Clár an Fhóirdheontais Cúraim Leanaí sa Phobal), AIM (an tSamhail um Rochtain agus Ionchuimsiú) atá ceaptha a chinntiú gur féidir le leanaí faoi mhíchumas teacht ar scéim Bliain Réamhscoile Saor in Aisce ECCE, Aistear agus Síolta – na Creatáí Náisiúnta Cáilíochta agus Curaclaim do Scéimeanna Deontais Luathbhlianta, Grúpaí Tuismitheoirí agus Lapadán, Scéimeanna Deontais Forbartha Feighlíochta Leanaí, Sparánachtaí Ciste na bhFoghlaimeoirí. Leabaíodh an clár Croíchistithe agus a phleanáil gníomhaíochta leantach cáilíochta chun tacú le dea-chleachtas i dtaobh cúraim agus oideachais inár seirbhísí cúraim leanaí luathbhlianta agus ar aois scoile.
- Tugadh na chéad chéimeanna eile den Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fheighlíocht Leanaí isteach i dtreo rialachán agus clárú, cistiú agus tacaíochtaí.
- Soláthraíodh tacaíochtaí agus meantóireacht do sheirbhísí Cúraim Leanaí Luathbhlianta agus ar Aois Scoile, inbhuanaitheacht, rialachas, cleachtas agus meantóireacht cáilíochta etc.
- Soláthraíodh oiliúint ar na seisiúin éagsúla oiliúna agus eolais a sholáthraímid, cosúil le Pobail Chleachtais Ghairmiúil, Oiliúint Comhionannais agus Éagsúlachta, oiliúint ar Chosaint Leanaí, seisiúin eolais faoin tSamhail um Rochtain agus Ionchuimsiú, tacaíochtaí comhlíonta Tusla, cláir chistithe Pobal, tacaíochtaí comhlíonta etc.



*Oideachasóirí Luathbhlianta ar éirigh leo an Bhunoiliúint um Thús Áite do Leanaí i gCónaí a chríochnú don oiliúint Luathbhlianta agus dá nOiliúinóir, Maeve Thompson, Cúram Leanaí Contae Mhaigh Eo 2023*



*Líonra feighlíochta ar shúgradh Céadfach in oifigí CCME – Lúnasa 2023*



## SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL

### **Gníomhú ar son na hAeráide**

Tá Plean um Gníomhú ar son na hAeráide Chomhairle Contae Mhaigh Eo (LACAP) ar taispeáint go poiblí faoi láthair.

Tugadh faoi Fhardal Astaíochtaí Bonnline agus Measúnú Riosca Aeráide le bonn fianaise agus Plean um Gníomhú ar son na hAeráide a fhorbairt. Cuireadh idirchaidreamh réamhdhréachta ar siúl i rith Iúil agus Lúnasa. Ba chomhpháirtí í Comhairle Contae Mhaigh Eo i gComhdháil Aeráide Mary Robinson. Fuarthas breis agus 550 freagairt. Caithfear an Plean a ghlacadh faoi Fheabhra 2024.

Ba chomhpháirtí í Comhairle Contae Mhaigh Eo i gComhdháil Aeráide Mary Robinson. Bhí gach áit curtha in áirithe don chomhdháil agus thug an lucht freastail ó áiteanna ar fud na hÉireann aiseolas an-dearfach faoin imeacht. Bhain sé clúdach amach ar RTÉ agus sna meáin náisiúnta agus áitiúla.



*Seoladh shuirbhé an Réamh-Dhréachtphlean um Gníomhú ar son na hAeráide le Mary Robinson agus an Cathaoirleach Michael Loftus ag Comhdháil Aeráide Mary Robinson*

### **Tuile**

Leanann an Chomhairle, i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí, le réitigh fhadtéarmacha tuile a thabhairt chun cinn do cheantair ina bhfuil ardriosca tuile, tús áite a thabhairt do scéimeanna tuile do Bhéal an Átha, an Éill agus Maigh Eo Theas.

### **Scéim Faoisimh ó Thuilte Chrois Mhaoilíona**

Cuireadh an scéim, atá á stiúradh ag OOP, faoi bhráid an Aire Caiteachais Phoiblí lena deimhniú agus iarradh ar eolas breise mar chuid den phróiseas deimhnithe.

### **An Oifig Réigiúnach um Gníomhú ar son na hAeráide (CARO)**

Leanann Bord Farraige an Atlantaigh Thuaidh - CARO, a chuireann Comhairle Contae Mhaigh Eo ar siúl, ag tacú leis an earnáil údarais áitiúil i dtaobh todhchaí ísealcharbóin agus athléimneach a stiúradh agus aistriú chuici faoi Chomhaontú Seirbhíse 6 bliana nua.

### **Dumhcha**

Leanann an feachtas náisiúnta Ár nDumhcha a Chosaint le hidirchaidreamh a dhéanamh le pobail áitiúla maidir leis an tábhacht a bhaineann leis na gnáthóga cósta nádúrtha seo a chosaint.

### **An Biúró Fuinnimh Réigiúnaigh**

Tá an Biúró faoi stiúir Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus díreoidh sé ar obair leis an SEAI ar thionscadail agus na laghduithe fuinnimh agus gás ceaptha teasa a bhaint amach a theastaíonn faoin mbliain 2030. Teastóidh infheistíocht chaipitil mhór sna blianta amach anseo chun ár dtiomantas do Gníomhú ar son na hAeráide agus do Laghdú Fuinnimh a léiriú.

### **Tionscadal LIFE Loch Ceara**

Is í Comhairle Contae Mhaigh Eo an príomhchomhpháirtí i dTionscadal LIFE Loch Ceara, a bheidh ar siúl go dtí deireadh 2026 agus cuirfear sceideal gníomhartha i bhfeidhm le

hathléimneacht an éiceachórais a fheabhsú agus truailliú cothaitheach ar Loch Ceara a laghdú. Is é an buiséad iomlán don Tionscadal €5m, agus chistigh Clár LIFE an Choimisiúin Eorpaigh é, agus chistigh na comhpháirtithe tionscadail an fuílleach; Comhairle Contae Mhaigh Eo, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, Coillte, agus Cumann Dhobharcheantar Loch Ceara. Tá ar an tionscadal Scéim Comhshaoil Talmhaíochta phíolótach a chur i bhfeidhm, a oiriúnaítear go sonrach do dhobharcheantar Loch Ceara, agus díriú ar na limistéir is leochailí den dobharcheantar i leith rith chun srutha cothaitheach.

Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2023 ar ghníomhartha tionscadail, na gníomhartha tionscadail seo a leanas ina measc:

1. Scéim Comhshaoil Talmhaíochta
2. Athchóiriú Bithéagsúlachta agus Suímh
3. Rialú speiceas ionrach
4. Monatóireacht Locha
5. For-rochtain agus feasacht phoiblí



### **Clár Monatóireachta Uisce:**

Tá ceann de na cláir mhonatóireachta uisce is mó sa tír i Maigh Eo go fóill. Áirítear leis seo monatóireacht a dhéanamh ar 54 abhainn, 21 loch agus 29 láthair snámha, agus glactar breis agus 1,000 sampla de cháilíocht an uisce gach bliain.

**An Clár Monatóireachta agus Forfheidhmithe ar Cháilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh** – rinneadh Stáisiún nua Monatóireachta ar Cháilíocht an Aeir a chur isteach ar Oileán Acla tá obair i gcomhar leis an EPA agus thosaigh sé ag feidhmiú go luath in 2023. Cuirfidh seo feabhas ar an gClár Náisiúnta Monatóireachta ar Cháilíocht an Aeir i gContae Mhaigh Eo, a mhéadóidh an líon iomlán stáisiúin mhonatóireachta go ceithre cinn. Tá eolas ar cháilíocht an aeir ar fáil i bhfíor-am ar [www.airquality.ie](http://www.airquality.ie) ar a bhfuil naisc tríd an leathanach aeir ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

An Clár Monatóireachta agus Cosanta Uisce Snámha - Sainithnítear ár dtránna mar acmhainn luachmhar laistigh den chontae, agus tá spéis níos mó ag an bpobal in “gnáthshnámh faoin aer” agus tá níos mó daoine ag úsáid na dtránna le haghaidh gníomhaíochtaí eile caitheamh aimsire.

Bronnadh Bratacha Gorma ar **12** uisce snámha agus bronnadh Gradam Cósta Glas ar **6** uisce snámha in 2023, a chuireann le suíomh Mhaigh Eo mar cheann de na cinn scríbe is fearr saoire cósta.

### **Feasacht ar an gComhshaoil**

- • Imeachtaí Athchúrsála Dramhthrealaimh Leictreach agus Leictreonaigh (WEEE) – cuireadh 21 imeacht ar siúl. Is féidir le sealbhóirí tí aon earra a athchúrsáil ag a bhfuil plocóid nó cadhnra a bhfuil deireadh a saolré fóna bainte amach aige ag na himeachtaí seo.
- • Glantachán Náisiúnta an Earraigh – thit 129 imeacht cláraithe amach i Maigh Eo.

Chabhraigh Comhairle Contae Mhaigh Eo le hábhair bhreise ghlantacháin a sholáthar agus le bruscar a bhailiú ag oibríthe deonacha.

- Scoileanna Glasa – bronnadh a mBratach Ghlas ar 24 scoil, ar an iomlán, i mBealtaine 2023.
- Soláthraíodh feachtais mheán trí mheáin chlóite, raidió, chineama agus trí na meáin shóisialta ar réimse ábhair chomhshaoil.
- Chistigh muid roinnt grúpaí pobail agus eagraíochtaí neamhrialtasacha faoi chlár Deontais Feasachta in aghaidh an Bhruscair, an clár Picker Pals i roinnt scoileanna i Maigh Eo.

### **An Oifig Réigiúnach um Pleanáil Bainistithe Dramhaíola**

Is í Comhairle Contae Mhaigh Eo an príomhúdarás do Réigiún Dramhaíola Chonnacht-Uladh agus tá sí freagrach as an bPlean Bainistíochta Dramhaíola 2015-2021 (a síneadh go dtí 2023) a chur i bhfeidhm. Rinne an Oifig Réigiúnach Bainistithe Dramhaíola teagmháil leis na réigiúin eile dramhaíola go náisiúnta maidir le Plean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach aonair a ullmhú.

### **Láithreáin Thréigthe**

Comhar atá sa tSeirbhís Láithreán Tréigthe a sholáthraíonn Comhairle Contae Mhaigh Eo idir an Rannóg Comhshaoil, Athraithe Aeráide agus Talmhaíochta, agus na ceithre Cheantar Bhardasacha. Tá 292 Láithreán Tréigthe ar an gclár faoi láthair, atá ar fáil le hamharc orthu san Oifig Comhshaoil agus ar líne freisin ó Mheán Fómhair 2022 ag [Clár na Láithreán Tréigthe i gContae Mhaigh Eo](#).

### **Forfheidhmiú agus Ceadú Dramhaíola**

Caitheann an Fhoireann um Fhorfheidhmiú Dramhaíola a gcuid ama ar imscrúduithe ar ghearáin agus ar ghnáthchigireachtaí, agus ar thabhairt faoi thionscadail bhreise faoin Tionscnamh Frithdhumpála. Tugtar faoi ghnáthchigireachtaí leis na spriocanna uailmhianacha a bhaint amach faoi mar a leagtar amach i bPlean an RMCEI (ar aon dul le Tosaíochtaí Náisiúnta Dramhaíola) agus scaiptear iad i measc réimse fairsing rialachán agus saghsanna gnó -

- Fuarthas agus imscrúdaíodh (thart ar) 700 gearán a bhaineann le dramhaíl/bruscar, i gcomhar le Maoir Bhruscair
- Tugadh faoi (thart ar) 1,180 gnáthchigireacht agus cigireacht neamhghnách, i measc réimse rialacháin dramhaíola
- Thit 139 cigireacht bhailíochtaíthe sonraí amach ar Shaoráidí Ceadaithe agus ar Bhailitheoirí Dramhaíola Ceadaithe

### **Tionscnamh Frithdhumpála:**

Tugadh faoi 8 dtionscadal mar chuid den Tionscnamh Frithdhumpála, agus d'éirigh leo bronnadh **€110,493** a fháil. Áiríodh leis na tionscadail seo glantacháin agus réiteach ar láithreáin mhórsála stairiúla dumpála, tionscadal um chosc ar Thinte Cnámh Dramhaíola (roinnt imeachtaí athchúrsála dramhaíola téagartha ar scála níos lú ina measc) agus gléasanna rabhaidh fuaimne a chur isteach ag bainc bhuidéal a gcruthaítear fadhbanna iontu.

### **Ceadú:**

Eisíodh 5 Chead Saoráide Dramhaíola Nua

Eisíodh 2 Dheimhniú Clárúcháin Nua

Eisíodh 2 Dheimhniú Clárúcháin Athbhreithnithe

Tugadh 2 Dheimhniú Clárúcháin suas

Tugadh 7 gCead Saoráide Dramhaíola suas

### **Reiligí**

Tá 126 Reilig ar chlár reiligí na Comhairle. Tugtar faoi obair chothabhála agus feabhsúcháin sna Ceantair Bhardasacha, le cúnadh ó 105 coiste gníomhach reilige, de réir mar a bhíonn na hacmhainní

ar fáil. Leanadh leis an gClár Caipitil Reiligí in 2023 – tá Reilig Bhaile an Róba críochnaithe go substainteach anois agus tá oibreacha ag Reilig Achadh Ghobhair sceidealaithe le bheith críochnaithe go luath in 2024. Tá Clár Caipitil 10 mbliana do reiligí á ullmhú i gcomhar leis na CBanna.

#### **Ag Féachaint chun Cinn go dtí 2024:**

- Tá Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chomhairle Contae Mhaigh Eo (LACAP) ar taispeáint go poiblí faoi láthair.
- Tar éis gur eisíodh tuarascáil saintréithrithe dramhaíola an EPA le déanaí, díreofar ar obair leanúnach le gnólachtaí chun tacú leo a mbainistiú dramhaíola a fheabhsú.
- Leanfaimid freisin ag tacú le pobail agus scoileanna chun dramhaíl a laghdú agus maireachtáil chiorclach a chur chun cinn.
- Mar gheall go bhfuiltear ar feitheamh leis an Scéim Aisíochta Éarlaise a thabhairt isteach go luath in 2024, díreoidh an fheasacht ar fheasacht a mhúscailt ar an scéim ar leibhéal áitiúil.
- I measc na dtionscnamh um chosc ar dhramhaíl atá pleanáilte don bhliain 2024, tá scéim iasachta a thabhairt isteach d'earraí cóisire ath-inúsáidte tríd an tseirbhís leabharlainne agus an scéim leabharlainne bréagán trá a shíneadh.
- An Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide Pobail a sheoladh agus a bhronnadh.
- Tionscadail fuinnimh a thabhairt chun cinn le hastaíochtaí údarais áitiúil a laghdú chun oibriú i dtreo an laghdaithe astaíochtaí 51% faoi sprioc na bliana 2030.
- Úinéireacht fhreagrach madraí a chur chun cinn níos mó.
- Leanúint ag tabhairt faoi luachálacha agus éilimh ar thobhach a eisiúint ar láithreáin Thréigthe. Tosófar nó críochnófar faoi dheireadh 2024 Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh do 10 réadmhaoin, ar a laghad, faoin Acht um Láithreáin Thréigthe.
- Tá súil leis go ndéanfar an stádas Brataí Goirme a choinneáil, ar a laghad, ag láithreacha reatha don bhliain 2024.
- Plean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach nua.
- Scéim Faoisimh ó Thuilte Chrois Mhaoilíona - táthar ag súil le cinneadh ón DPER in 2024. Tosófar an tógáil ina dhiaidh sin.

#### **SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN**

Mar Údarás Dóiteáin, is í ár n-aidhm a bheith ar an tseirbhís dóiteáin agus tarrthála is fearr agus is féidir linn agus obair go dian lena chinntiú go bhfuil ár bpobail i gcoilár an mhéid a dhéanaimid. Leanfaimid le réimse seirbhísí a sholáthar atá dírithe ar bharr feabhais a chur ar shábháilteacht ó dhóiteán inár bpobail, a chinntíonn go bhfuil bearta cuí um chosaint ó dhóiteán i bhfeidhm i bhfoirgnimh anuas ar fhreagairt oibríochtúil a sholáthar.

#### **Sábháilteacht ó Dhóiteán Phobail**

Tá mar aidhm ag Sábháilteacht ó Dhóiteán Pobail teachtaireachtaí ginearálta maidir le sábháilteacht ó dhóiteán a chur chun cinn leis na méideanna dóiteán a laghdú, anuas ar theachtairachtaí maidir le sábháilteacht ó dhóiteán a dhíriú ar phríomhghrúpaí an daonra a shainaitheann amhail bheith an-leochaileach do dhóiteán. I measc na dtionscnamh rathúil, tá:

- Cruinniú Mullaigh Réigiúnach Gairmeacha Beatha agus Earcaíochta do Mheánscoileanna curtha ar bun san Ionad Sármhaitheasa i mBéacán, Clár Chlainne Mhuiris.
- Taispeántí um Shábháilteacht Ó Dhóiteán agus comhairle/eolas a sholáthar ag imeachtaí móra sóisialta ar fud an chontae (e.g. Laethanta Oidhreachta, Féilte, Lá Mhaigh Eo).
- Clár Bunscoileanna curtha ar siúl dár mic léinn Rang 3 go léir i mBunscoileanna i Maigh Eo.

- Seachtain na Sábháilteachta ó Dhóiteán - 4 lá oscailte i Stáisiún Dóiteán agus ag roinnt imeachtaí eile ar iarraidh.
- Clár ‘Bí Sábháilte ar Dhóiteán’ (‘B-Fire Safe’) curtha ar siúl do dhaltaí na hIdirbhliana.
- Rinneadh Seiceálacha Sábháilteachta Baile ar 480 áit chónaithe gach bliain, ar a laghad.
- Sholáthair Comhraiceoir Dóiteán agus Oifigigh Dhóiteán cainteanna spriocdhírthe ar Shábháilteacht ó Dhóiteán do ghrúpaí aosta/leochaileacha.

### **Sábháilteacht ó Dhóiteán Teicniúil**

Cinntíonn an ról um shábháilteacht ó dhóiteán teicniúil go dtugann ‘daoine i gceannas’ ar fhoirgnimh de gach cineál faoi bhearta le dóiteáin a chosc agus le sábháilteacht daoine a chinntiú sa chás go dtosaíonn dóiteán sna foirgnimh. D’fhéadfadh catagóirí de réadmhaoín cosúil le hospidéal agus tithe altranais, áiteanna tionóil, áitribh thionsclaíocha / monarchana etc. a bheith thíos le caillteanas mór nó fiú tubaisteach sochaíoch i gcás dóiteáin. Leagtar freagracht sa reachtaíocht as dóiteán a chosc agus a chinntiú agus as sábháilteacht daoine sna foirgnimh a chinntiú ar ‘an duine i gceannas’ ar na foirgnimh siúd.

Tugann ár n-oifigigh, faoin reachtaíocht um Rialú Foirgníochta, faoi anailís deisce ar thart ar 140 iarratas ar Shábháilteacht ó Dhóiteán agus 60 Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas. Tugann siad faoi thart ar 400 cigireacht ar Rialú Foirgníochta agus 180 cigireacht cheadúnaithe freisin gach bliain.

### **Oibríochtaí na Seirbhíse Dóiteáin**

Fostaíonn Comhairle Contae Mhaigh Eo thart ar 123 comhraiceoir dóiteáin ardoilte faoi láthair i measc na 12 stáisiún dóiteáin atá lonnaithe timpeall an Chontae. Freagraíonn na haonaid Bhriogáide Dóiteáin do thart ar 830 freagairt gach bliain (meán 5 bliana), idir dóiteáin simléir, dóiteáin tí, dóiteáin phortaigh/foraoise, imbhuailtí um thrácht ar bhóithre, tarrthálacha, doirteadh ceimiceán agus tuile.

### **Oiliúint Seirbhíse Dóiteáin**

Leanann Seirbhís Dóiteáin Contae Mhaigh Eo le hinfheistíocht mhór a dhéanamh ina foireann trí oiliúint rialta. Táimid ar cheann de líon beag contaetha ina bhfuil an áis oiliúint a chur ar chomhraiceoirí dóiteáin i ndálaí Ais-Siorraidh agus Maidhm Thine ag ár Saoráid Oiliúna Iompair Dóiteáin in Urrann (CFBT) ag Baile an Róba. Leanann údaráis áitiúla eile, Comhairle Contae an Chabháin, Comhairle Contae Luimnigh agus Comhairle Contae an Chláir ina measc, lenár saoráidí a úsáid.

### **Ionad Rialaithe Réigiún an Iarthair (WRCC)**

Déanann Comhairle Contae Mhaigh Eo an tIonad a bhainistiú agus a oibriú thar ceann Údaráis Dóiteáin chontaetha Chonnacht agus Dhún na nGall. Cuirtear seirbhís ar bhonn 24/7/365 ar fáil san Ionad do bhaill den phobal óna dteastaíonn cúnamh éigeandála (999/112).

Tá clár infheistíochta caipitil (Tionscadal Ctrí) á chistiú faoi láthair ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar luach thart ar €10m, chun an Trealamh Slógtha agus Cumarsáide go léir do na Seirbhísí Dóiteáin ar fud na tíre a athsholáthar. Is é an chéad chéim eile an córas rialaithe ceannais agus rialaithe a chur isteach agus a choimisiúnú inár n-ionad rialaithe.

### **Táillí Seirbhíse Dóiteáin**

Seo a leanas na táillí a ghearrtar faoi láthair ar fhreastal na Briogáide Dóiteáin:

	<b>Saghas an Teagmhais</b>	<b>An Táille a Bheartaítear</b>
Teagmhais Tí	Dóiteán Simléir	€200.00
	Gach teagmhas tí eile	€375.00 san uair, in aghaidh an fhearais
Teagmhais bhóthair	Gach teagmhas bóthair	€500.00 san uair, in aghaidh an

		stáisiún
Teagmhais Tráchtála	Dóiteán Simléir	€200.00 san uair, in aghaidh an stáisiúin
	Gach teagmhas tráchtála eile	€500.00 san uair, in aghaidh an fhearais

Tá na táillí seo ceaptha struchtúr táillí níos cothroime a sholáthar do theagmhais tí leis an deacracht a chur san áireamh a chruthaíonn déileáil le dóiteáin simléir, fearais (e.g. tóstaer, triomadóir rothlaim) nó aláraim dhóiteáin agus dóiteáin i bhfoirgneamh. Spreagaimid daoine go tréan cumhdach leordhóthanach árachais a bheith acu ar a dtithe, a ngluaisteáin agus a n-áitreabh gnó agus an aird chuí a thabhairt ar na táillí briogáide dóiteáin a dtugtar cuntas orthu thuas. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar mhótarpholasaithe lena chinntiú go gcuirtear cumhdach ar fáil fiú mura gá don tSeirbhís Dóiteáin thú a ghearradh ón ngluaisteán.

### Clár Caipitil

Críochnaíodh tógáil an Stáisiúin Dóiteáin nua a tógadh le sainchuspóir ag Crois Mhaoilíona críochnaithe agus tá sé go hiomlán oibríochtúil ó Mheán Fómhair 2023. Thug an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachtá cúnaimh deontais caipitil don stáisiún.

Fuarthas cúnaimh deontais caipitil freisin ón Roinn chun Fearas Dóiteáin nua Aicme B agus dhá fheithicil faoi thiomáint ceithre roth (4WD) a sholáthar, agus rinneadh iad go léir a choimisiúnú. D'imigh siad ar an turas i rith 2023.



### *Stáisiún Dóiteáin nua ag Crois Mhaoilíona*

Fuarthas cúnaimh deontais suntasach chomh maith le huirlisí tarrthála faoi chumhacht chadhna agus pluideanna dóiteáin feithicil d'fheithicilí leictreacha a sholáthar. Ní hamháin go bhfuil iad seo an-éifeachtach go deo ach cuireann siad stop le guaiseacha i leith ár bhfoirne agus laghdaíonn siad ár lorg carbóin chomh maith.

### Ag Féachaint chun Cinn go dtí 2023

- Lorgófar cúnaimh deontais caipitil do 2 stáisiún dóiteáin nua ag Coillte Mach agus Béal an Átha.
- Leanfar le tionscadal Ctrí a thabhairt isteach a mbeidh nód den chóras náisiúnta atá go hiomlán oibríochtúil mar thoradh air.
- Tionscnaimh bhreise um Shábháilteacht ó Dhóiteán Pobail (e.g. aláram deataigh, Seiceálacha Sábháilteachta Baile) a thabhairt isteach níos mó atá dírithe ar phríomhghrúpaí a shainaithear amhail bheith an-leochaileach.
- Ár gCóras Bainistíochta Sábháilteachta a fheabhsú go leanúnach le hathdheimhniúchán i leith OHSAS 45001 a bhaint amach i ráithe 1 2023.

### COSAINT SHIBHIALTA

Eagraíocht dheonach í Cosaint Shibhialta Mhaigh Eo ina bhfuil thart ar 50 oibrí deonach a thugann tacaíocht do Bhunghníomhaireachtaí Freagartha agus do phobail áitiúla ina bhfuil baill ardoilte a mbaineann fiúntas lena ngníomhaíochtaí i measc seirbhísí éigeandála túslíne agus pobail áitiúla. Eascraíonn láidreacht na heagraíochta as a héiteas deonach agus tiomantas don chuspóir agus

cuireann baill a gcuid ama, saineolais agus oiliúna ar fáil go toiliúil agus go saorálach ar bhonn seachtainiúil.

Cuireann baill tacaíocht ar fáil sna limistéir seo a leanas ar aon dul leis an gcáipéis Cosaint Shíbhialta i dTreo 2030 a d'fhoilsigh an Roinn Cosanta:

- Freagairt Éigeandála
- Cuardach agus Tarrtháil
- Freagairt Leighis
- Cúnamh Pobail
- Seirbhís Monatóireachta Radaíochta

## **Buaicphointí 2023**

### **Cuairt Uachtarán na Stát Aontaithe ar Bhéal an Átha**

Thug Uachtarán na Stát Aontaithe, Joe Biden, cuairt ar Bhéal an Átha tráthnóna an 14 Aibreán 2014. Rinne Cosaint Shíbhialta 30 comhalta a imlonnú chun tacú leis an imeacht stairiúil seo. Fuair Cosaint Shíbhialta Mhaigh Eo tacaíocht ó Chosaint Shíbhialta na Gaillimhe agus Uíbh Fhailí agus d'oibrigh siad taobh le hOrd Mhálta, Éire, an Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Mhaigh Eo agus Comhairle Contae Mhaigh Eo lena chinntiú go raibh eispéireas taitneamhach ag an lucht freastail go léir.



### **An Córas Bainistíochta Oibrithe Deonacha agus Trealamh (VEMS)**

D'iontráil an Roinn Cosanta isteach i gconradh in 2021 le Córas Bainistíochta Oibrithe Deonacha agus Trealamh (VEMS) nua náisiúnta ar líne a fhorbairt do Chosaint Shíbhialta. Tá an córas seo beo ó thráth luath in Iúil 2023.

### **Gníomhaíochtaí Oibríochtúla**

Imlonnaíodh Cosaint Shíbhialta Mhaigh Eo 71 uair in 2023 go dtí imeachtaí pobail, féilte, spórt, imeachtaí údarais áitiúil agus rásaí eachtraíochta. Rinne muid na rudaí seo a leanas freisin; tacú le baill leochaileacha dár bpobal; thug muid cuidiú do dhaoine scothaosta maidir lena riachtanais iompair; thug muid cuidiú do ghéarchéim na hÚcráine trí thacú le Comhairle Contae Mhaigh Eo ionaid scíthe a bhunú. D'fhreagair Cosaint Shíbhialta do 23 teagmhas duine ar iarraidh/cuardaigh agus teagmhais timpiste ar fud an réigiúin, teagmhais san áireamh i Maigh Eo, Gaillimh agus Ros Comáin trí úsáid a bhaint as saintrealamh. Ghlac muid páirt freisin i gníomhaíochtaí Lá na Seirbhíse Náisiúnta a cuireadh ar bun i Ros Comáin i Meán Fómhair.



## Oiliúint

Leanadh le hOiliúint Bhunriachtanach a sholáthar ar fud na seirbhíse i rith 2023, an méid seo a leanas ina measc:

- Deimhniúchán agus Athdheimhniúchán don Chéad Fhreagróir Cairdiach/Teagascóir
- Athdheimhniúchán don Chéad Fhreagróir/Teagascóir Garchabhrach
- Athdheimhniúchán don Chéad Fhreagróir/Teagascóir Éigeandála
- Cúrsaí Teicneoir Éigeandála Leighis
- Cúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta
- Freagróir Cuardaigh do Dhaoine ar Iarraidh
- Freagróir agus Teagascóir Mearuisce/Tuilte
- Bainistíocht ar an Strus a Leanann Teagmhais Chriticiúla – Tacadóir Piaráí
- Uasoiliúint Píolóta Dróin
- Cúrsa Marthanachta Pearsanta – baill de chriú báid

Atosófar oiliúint sheachtainiúil do gach oibrí deonach i bhFómhar 2023.

## I dTreo 2024

Leanfaidh Cosaint Shibhialta i Maigh Eo le seirbhís ghairmiúil atá bunaithe ar oibríthe deonacha a sholáthar do mhuintir Mhaigh Eo. Cuirfimid lenár gcuidreamh leis na Bunghníomhaireachtaí Freagartha agus cinnteoidimid go bhfuil áiseanna agus trealamh leordhóthanach againn dá nOibríthe Deonacha chun tabhairt faoina ról.

## SÁBHÁILTEACHT UISCE

Cuireann Comhairle Contae Mhaigh Eo feasacht ar shábháilteacht uisce ar fáil i gcaitheamh na bliana, go príomha trí chúrsaí sábháilteachta uisce a eagrú sna linnte poiblí (Caisleán an Bharraigh, Béal an Átha, Clár Chlainne Mhuiris agus Cathair na Mart) i rith mhíonna an gheimhridh agus ag roinnt láithreacha iomadúla eile taobh amuigh i rith an tsamhraidh. Fostaíonn an Chomhairle Gardaí Tarrthála Trá/Linne ag 10 gcinn de na láithreacha taobh amuigh is mó a bhfuil tóir orthu do ghníomhaíochtaí uiscebhunaithe sa chontae i rith mhíonna an tsamhraidh. Is iad na láithreacha seo:

**Cathair na Mart/Cluain Cearbán:** Tránna na Beartraí, na Ceathrú Móire agus Cheathrú an Uisce  
**Oileán Acla:** Tránna na Coime, an Chaoil agus Dhumha Goirt (Trá an Talaimh Bháin)  
**An Mhala Raithní:** Trá na Mala Raithní



**Cill Ala:**  
**Béal an Mhuirthead:**

Trá an Rois  
 Linn Taoide

Tar éis tástálacha earcaíochta a dhéanamh ar gharchabhair, teoiric na sábháilteachta uisce agus ar aclaíocht uisce faoin aer, anuas ar phróiseas agallaimh, fostaíodh 29 Garda Tarrthála Trá cáilithe, ar an iomlán, (21 garda Lánaimseartha agus 6 gharda Cúltaca) anuas ar 2 Gharda Tarrthála Linne Lánaimseartha agus 1 Gharda Cúltaca ag Linn Taoide Bhéal an Mhuirthead in 2023. Cuirtear na caighdeáin is airde d’oiliúint ar ár nGardaí Tarrthála i dteicnící sábháilteachta pearsanta, tarrthála buntacaíochta beatha agus ar threalamh cosanta pearsanta a úsáid. Cuirtear dífhibrileoirí ar fáil ag gach Stáisiún Garda Tarrthála agus tá gach Garda Tarrthála go hiomlán oilte agus cáilithe mar Chéadfhreagróirí Cairdiacha.

Chuir ár nGardaí Tarrthála Trá/Linne na staitisticí seo a leanas i dtaifead i rith Shéasúr Snámha 2023:-

Beach Lifeguard - Rescue Statistic Sheet - Full 2023 Bathing Season												
Beach	Rescue - Canbuoy		Rescue - Tube		Rescue - Board		Non-Fatal Drowning	1st Aid	Verbal Advice Given	Assists	Accident Prevented	Lost Child
	Not RIP	Due to RIP	Not RIP	Due to RIP	Not RIP	Due to RIP						
Belmullet	0	0	0	0	0	0	0	2	588	12	287	0
Bertra Beach	0	0	0	0	0	0	0	2	524	0	2	0
Carrowmore	0	0	0	0	0	0	0	9	689	1	0	0
Carrowniskey	0	0	0	0	0	0	0	20	895	3	11	0
Keel	0	0	1	0	1	2	1	112	1922	31	85	4
Keem	0	0	1	0	2	0	0	55	1314	16	25	0
Mulranny	0	0	0	0	0	0	0	15	379	6	2	0
Old Head	0	0	0	0	4	0	0	76	833	2	2	0
Ross	0	0	0	0	0	0	0	2	304	0	0	0
Silver Strand	0	0	0	0	0	0	0	16	576	19	14	0
<b>Season Totals</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>2</b>	<b>0</b>	<b>7</b>	<b>2</b>	<b>1</b>	<b>309</b>	<b>8024</b>	<b>90</b>	<b>428</b>	<b>4</b>



Scrúduithe Tarrthála Bunúsaí  
 2023 –  
 Ionad Pobail Leic Ainimhe



Tástáil Aclaíochta Uisce faoin  
 Aer 2023 – Cé Leic Ainimhe



An bhreatach á cur ar  
 foluain ag garda tarrthála ag an  
 Ros

Rinneadh uasghrádú bunriachtanach ar chóiríocht agus ar threalamh Garda Tarrthála i rith 2023.



*an*



*Bothán nua ar an láthair ag Trá Cheathrú Uisce*

Rinne ár nGardaí Tarrthála **an Lá Domhanda um Chosc ar Bhá an 25 Iúil 2023** a cheiliúradh trí phéint ghorm aghaidhe a chaitheamh le cuimhneamh ar íospartaigh an bhá timpeall an domhain.



*Gardaí tarrthála ar dualgas ag an Mala Raithní*



*Gardaí tarrthála ar Thrá an tSeanchinn*



*Garda tarrthála ar Thrá an Chaoil*

Cuireann Comhairle Contae Mhaigh Eo baoithe fainne ar fáil ag 558 láthair i gContae Mhaigh Eo agus déanann foireann na Comhairle i ngach Ceantar Bardasach cigireacht agus monatóireacht sheasmhach orthu seo. Titeann creimeadh cósta amach ó thráth go chéile mar gheall ar an adhaimsir feadh chósta an Atlantaigh agus cruthaíonn sé an gá le baoithe fainne agus comharthaíocht eolais sábháilteachta a athsholáthar, nuair is gá, ag láithreacha áirithe.

**Ag Féachaint chun Cinn go dtí 2024**

- Ceiliúrfar 40 bliain ó tógadh Linn Taoide Bhéal an Mhuirthead.
- Déanfaidh Comhairle Contae Mhaigh Eo ceiliúradh freisin ar an Lá Domhanda um Chosc ar Bhá an 25 Iúil 2024.
- Déanfar uasghrádú leanúnach ar Bhotháin Gharda Tarrthála agus ar threalamh tarrthála.
- Bliain eile chomhoibrithe le Garda Cósta na hÉireann, Sábháilteacht Uisce na hÉireann, Coiste Ceantair Shábháilteacht Uisce Maigh Eo, Foireann an Cheantair Bhardasaigh, Rannóga Comhshaoil agus Turasóireachta Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

## ÁINEAS AGUS CONLÁISTÍ

### SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE

#### **I measc na dtosaíochtaí don bhliain 2023, tá:**

- Tabharfar breis agus 300,000 leabhar ar iasacht i Leabharlanna Mhaigh Eo i mbliana a leagann béim ar an méid úsáide atá ag dul i méid atá á baint as leabharlanna sa chontae.
- Tugadh nach mór 100 gléas ceoil ar iasacht in 2023 go dtí seo.
- Scaipeadh 235 Mála ‘Mo Leabhar Beag Leabharlainne’ (My Little Library Book Bags) ar réamhscoileanna agus ar shaoráidí cúraim leanaí iarscoile ón mbrainse leabharlainne ba ghaire dóibh.
- Léigh 1,591 leanbh beagnach 6,000 leabhar mar chuid de chlár Réaltaí an tSamhraidh.
- Tugadh scéim deontais Pobail Éire Ildánach isteach ar fud an chontae agus cistíodh breis agus beagnach 40 grúpa agus pobal.
- Cuireadh breis agus 100 imeacht ar bun ar fud Mhaigh Eo le húdair, maisitheoirí agus scéalaithe i rith na Féile Leabhair Leanaí i nDeireadh Fómhair. D’fhreastail beagnach 2,000 leanbh ar na himeachtaí saor in aisce seo.
- Plean Forbartha Leabharlainne 2024-28 seolta.
- D’fhreastail breis agus 400 leanbh ar imeachtaí ar fud an chontae mar chuid d’fhéile chruthaitheachta Chruinniú na nÓg Dé Sathairn, an 10 Meitheamh.
- Reáchtáladh na ceardlanna scríbhneoireachta do dhéagóirí Fighting Words gach mí i Leabharlann Chaisleán an Bharraigh.
- Thit an chomhpháirtíocht Am Léitheoireachta (Time to Read) amach leis an Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim Le Chéile i gCaisleán an Bharraigh – d’oibrigh 8 bhall foirne na Comhairle go deonach le léitheoireacht a dhéanamh le scoláirí rang a dó gach seachtain.
- D’fháiltigh Leabharlann Chontae Mhaigh Eo roimh ár gcairde ón Úcráin i gcaitheamh na bliana trí leabhair, rochtain idirlín agus, thar aon ní eile, spás teolaí sábháilte, a sholáthar.
- Tugadh Leabhar Scéalta Am Codlata do gach leanbh a shine le haois 4 bliana i Maigh Eo. Seoladh an tionscnamh i nDeireadh Fómhair.
- Cuireadh seiceálacha brú fola ar siúl mar chuid de chomhpháirtíocht idir Leabharlann Mhaigh Eo agus Croí i Leabharlanna Chaisleán an Bharraigh, Bhéal an Átha agus Bhéal an Mhuirthead, agus tosaíodh scéim iasachtaithe monatóra brú fola freisin sna brainsí leabharlainne seo.
- Baineadh triail phíolótach as clár *Level Up* de chuid Foróige, ar sraith ceardlann é ar an scéalaíocht dhigiteach do leanaí idir aois 10 agus 14 bliana i Leabharlanna Chaisleán an Bharraigh agus Bhéal an Átha.
- Athosclaíodh Leabharlann Bhaile Shéarlais i Samhain.
- Bhain gach leabharlann i Maigh Eo stádas Aoisbháuil amach.
- Sheol an Stiúrthóir Seirbhísí Joanne Grehan *Cubbie* Céadfach i Leabharlann Bhéal an Mhuirthead go hoifigiúil i Meitheamh 2023.
- Seoladh Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta don chontae i Márta.
- Cuireadh 17 léitheoir C-Pen do léitheoirí disléicseach agus néara-éagsúla le réimse seirbhísí Leabharlann Mhaigh Eo. Déanann na pinn aon téacs a scanadh agus é a thiontú ina leagan fuaime agus is féidir iad a fháil ar iasacht ó aon bhrainse Leabharlainne i Maigh Eo.
- Tá clár ar bun le suíomh reilige Leabharlann Chlár Chlainne Mhuiris a athchóiriú.
- Cuireadh cainteanna agus imeachtaí iomadúla ar bun i leabharlanna mar chuid den chlár de chuid Éire Shláintiúil a bhfuil de chuspóir aige sláinte, folláine, agus caighdeán beatha pobal agus daoine aonair a fheabhsú.


- Tugadh clár Deich mBliana na gCuimhneachán isteach ar fud an chontae agus cuireadh seimineár **Birth of the Nation** ar siúl i nDeireadh Fómhair.
- Mheall an t-aisteoir agus an t-údar ar a bhfuil cáil idirnáisiúnta, Stephen Mangan, breis agus 300 leanbh go léamh leabhair i Leabharlann Bhéal an Mhuirthead.
- Rinneadh leabhair mhiontuairiscí na Comhairle ó 1913 go 1923 a dhigitiú agus beidh siad ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle.
- Táthar ag leanúint le leabhair rolla scoile a dhigitiú.
- Cuireadh clár imeachtaí ar bun i Leabharlanna Chaisleán an Bharraigh agus Bhéal an Átha le Comóradh Cothrom 225 Bliain theacht i dtír an Ghinearáil Humbert a cheiliúradh.

## Bailiúchán Jackie Clarke

- Bhí síúl le 25,000 cuairteoir chuig Bailiúchán Jackie Clarke faoi dheireadh 2023.
- Cuireadh lá oscailte ceoil, sorcais agus oidhreachta ar síúl le 10 mbliana den gharraí daingean a cheiliúradh.
- Chruthaigh an tEalaíontóir Cónaithe do Dheich mbliana na gCuimhneachán, Martin Dyer, tionscadal bunaithe ar earraí ón mbailiúchán a sheolfar i Samhain.
- Tháirg an Bailiúchán 10 ngearrscannán ar 300 bliain den stair náisiúnta agus áitiúil a sheolfar ag deireadh 2023.
- Fuair an Bailiúchán bunchóip de **Bhunreacht na hÉireann 1937**.
- D'oibrigh an Bailiúchán leis na dídeanaithe áitiúla a chónaíonn i mBéal an Átha le cult phobail a chruthú ar a léirítear 300 bliain de stair na hÉireann. Tá sé le seoladh in 2023.
- Bhí Píb Uilleann Éamonn Ceannt sa Bhailiúchán agus níorbh é seo ach an dara huair gur taispeánadh iad riamh go poiblí, i gcomhar le Fleadh Chonnacht 2023.
- Chuir an Bailiúchán roinnt imeachtaí ar síúl le Lá Mhaigh Eo a cheiliúradh.
- D'oibrigh beirt mhic léinn iarchéime ar intéirneacht ó Ollscoil Villanova le taispeántas a sholáthar ina léirítear an saol in Éirinn in 1923.
- D'oibrigh an Bailiúchán le Bo Media do chlár faisnéise de chuid RTÉ a bheidh ag teacht aníos atá le craoladh in Eanáir 2024 ar a dtugtar “Hidden Treasures”.
- Bhí an JCC ar cheann de na ceithre shuíomh a roghnaíodh i gContae Mhaigh Eo a chuir an Chomhairle Oidhreachta Náisiúnta i dtairfead mar chuid den tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta. Ba é ár n-imeacht “Carlanna agus Earraí/Taiscí Páipéarbhunaithe a Láimhseáil agus Aire a Thabhairt Dóibh”.
- Bhain an Bailiúchán Stádas Brataí Glaise Idirnáisiúnta agus Gradaim Suíomh Oidhreachta amach arís.

## AG FÉACHAINT CHUN CINN

- Tá Leabharlanna Oscailte i mBéal an Átha agus Béal Átha na Muice le hoscailt in 2024.
- Tá obair le tosú ar Leabharlann nua Chathair na Mart.



*Na leabhair Mhiontuairiscí dheisithe agus dhigitithe 1913 go 2023 á scrúdú ag an gComhairleoir Michael Loftus*



*Seoladh straitéisí Éire Ildánach i dTeach Farmleigh, Baile Átha Cliath i Márta*



**An ‘Cubbie’ Céadfach á sheoladh i Leabharlann Bhéal an Mhuirthead**



**An t-aisteoir agus an t-údar, Stephen Mangan, Leabharlann Bhéal an Mhuirthead**

**An clár Fraincise á sheoladh i Leabharlann Chaisleán an Bharraigh**



**Aonach Sláinte CROÍ, Leabharlann Chaisleán an Bharraigh**

## **AN OIFIG OIDHREACHTA**

Oibríonn an Oifig Oidhreachta le pobail, institiúidí tríú leibhéal, eagraíochtaí neamhrialtasacha, daoine aonair, agus gníomhaireachtaí eile le hoidhreacht i Maigh Eo a chur chun cinn agus a fhorbairt. Ullmhaíodh **Straitéis Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae Mhaigh Eo 2023-2030** i gcomhpháirtíocht le Fóram Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo.

Soláthraíodh réimse fairsing tionscadal in 2023 an méid seo a leanas ina measc:

- **Seoladh an leabhar *Medieval Mayo – Churches and Abbeys***
- **Tionscadal Thoibreacha Beannaithe Mhaigh Eo – Céim 2.**
- **Oibreacha Caomhnaithe ar Shéadchomharthaí Taifeadta - Séipéal agus Clochar Bhéal Átha hÉin, Mainistir na Cille, Sruthair, Séipéal Chnoc an Teampaill, Béal Átha hÉin.**
- **Foilsíodh an Leabhrán Mayo Ogham Stones**
- **Tionscadal Taifeadta Ainmneacha Páirce Mhaigh Eo – Céim 2**
- **Tionscadal Taighde Rialaithe *Gunnera tinctoria* an tSeanghabhair Éireannaigh** i gcomhar le UCD agus an Cumann Seanghabhar Éireannach.
- **Tionscadal Bogach Mhaigh Eo – Céim 3**
- **Scéim Deontais Oidhreachta Pobail** – bronnadh deontais ar 15 phobal do réimse tionscadail oidhreachta nádúrtha, tógtha agus cultúrtha.
- **Clár Rialaithe Balsaim Himiléach** – Bliain 2 – an Glasbhealach ó Chaisleán an Bharraigh go Turlach
- **An tSeachtain Oidhreachta 2023** – d’eagraigh grúpaí agus oibrithe deonacha beagnach 70 imeacht.
- **Pobail ar son na Bithéagsúlachta** – tá tacaíocht agus comhairle leanúnach á tabhairt do phobail maidir le caomhnú gnáthóg agus speiceas.
- **Féilire Oidhreachta Chomhairle Contae Mhaigh Eo 2023**
- **Bealach Oidhreachta Chill Mobhí**

## Ag Féachaint chun Cinn go dtí 2024

I measc na bpríomhthionscnamh agus na bpríomhthionscadal a sholáthrófar in 2024, foilseofar leabhrán ar **Thoibreacha Beannaithe Mhaigh Eo; Tionscadal Oidhreachta Muirí agus Cósta Mhaigh Eo**; tabharfar **Tionscadal Taifeadta Ainmneacha Páirce Mhaigh Eo** isteach níos fairsinge i measc pobal ar fud an chontae. Beidh **Scéim Deontais Oidhreachta Pobail 2024** Chomhairle Contae Mhaigh Eo ar oscailt d'iarratais i ráithe 1. Críochnófar **Tionscadal Bogach Mhaigh Eo**, agus sainaithníodh agus díreofar ar shuíomhanna áirithe i gCeantar Bardasach Chathair na Mart-Chaisleán an Bharraigh chun suirbhéireacht allamuigh a dhéanamh orthu. Déanfar **an tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta 2024** a chomhordú, a chabhróidh leis an iomaí grúpa agus duine rannpháirteach i Maigh Eo le saibhreas agus éagsúlacht a n-oidhreachta áitiúla a thaispeáint. Tabharfar cúnamh leanúnach do phobail agus do ghrúpaí le gníomhartha a chur i bhfeidhm ina **bPleananna Bithéagsúlachta Áitiúla**. Tabharfar faoi **shuirbhéanna breise ar shócmhainní oidhreachta Mhaigh Eo** a chuirfidh le heolas a bhailiú agus leis an tuiscint ar ár n-oidhrecht. Leanfaimid le comhairle agus le tacaíocht a sholáthar do phobail agus ag obair leo lena n-oidhrecht nádúrtha, chultúrtha agus thógtha a chaomhnú agus a fheabhsú, agus scileanna agus ceardaíocht thraidisiúnta á gcur chun cinn i gcomhthráth.



*An tSeachtain Oidhreachta 2023 á ceiliúradh*



*Ceardlann Taifeadta Ainmneacha Páirce, Sruthair*

## SEIRBHÍS EALAÍON CHOMHAIRLE CONTAE MHAIGH EO

Oibríonn Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo le healaíontóirí, féilte, ionaid agus grúpaí pobail agus téann sí i gcion ar shaolta beagnach 200,000 duine gach bliain, trínár gclár agus trí na himeachtaí/na heagraíochtaí a chistíonn an tseirbhís. Treoraíonn prionsabail na cáilíochta, na rochtana agus na rannpháirtíochta, na hinbhuanaitheachta, an chomhoibrithe agus na comhpháirtíochta obair na Seirbhíse Ealaíon, agus aithníonn sí tábhacht agus lárnacht ealaíontóirí i dtaobh fhorbairt chultúrtha, shóisialta agus gheilleagrach an chontae. Oibríonn an tSeirbhís Ealaíon le réimse éagsúil grúpaí agus pobal, daoine breacaosta, daoine óga, daoine faoi mhíchumas agus grúpaí ina bhfuil éagsúlacht chultúrtha ina measc. Déanann Comhairle Contae Mhaigh Eo, i gcomhar le Comhairle Ealaíon na hÉireann, an tSeirbhís Ealaíon a chistiú go straitéiseach.

Thacaigh Éire Ildánach le gnéithe den chlár in 2023. Scéim fostaíochta pobail uathúil é Scuid Ealaíon Mhaigh Eo (Mayo Artsquad) a sholáthraíonn deiseanna oiliúna agus socrúcháin pobail do 15 rannpháirtí. Tacaíonn an scéim le tionscadail agus imeachtaí ealaíona pobail ar fud an chontae. Tá an scéim á hurrú ag Comhairle Contae Mhaigh Eo agus cistíonn an Roinn Coimirce Sóisialaí costais phá, mhaoirseachta, ábhar agus oiliúna. Déanann Film Mayo scannánaíocht sa chontae a chur chun cinn. Bhí roinnt léiriúcháin suite sa chontae in 2023.

## Tosaíochtaí don bhliain 2024

- Straitéis Ealaíon don Chontae nua a fhorbairt.
- Clár deiseanna ealaíon a sholáthar atá ar ardchaighdeán, rannpháirtíoch agus spreagúil ar féidir le muintir Mhaigh Eo taitneamh a bhaint astu.
- Leanúint ag tacú le healaíontóirí ag gach céim dá ngairmeacha beatha trí chomhairle, eolas, forbairt ghairmiúil, sparánachtaí agus gradaim agus deiseanna fostaíochta a sholáthar.
- Leanúint ag tacú leis an líonra ionaid agus féilte ealaíon sa chontae - tacaíonn bonneagar cultúir ag a bhfuil dóthain acmhainní le healaíontóirí agus cuireann sé ar chumas níos mó daoine teacht ar na healaíona agus an cultúr ina gceantar áitiúil.
- Saothair ealaíne nua a choimisiúnú tríd an gClár Ealaíne Poiblí agus an úsáid a uasmhéadú a bhaintear as an Scéim Percent for Art.
- Leanúint le deiseanna oiliúna agus socrúchán oibre a sholáthar trí Artsquad Mhaigh Eo.



*Amharclann Óige i Maigh Eo – Máistir-Rang le Darren Yorke le hAmharclanna Óige New Stage agus Iorrais (íomhá le John O’Grady)*



*Oíche an Chultúir 2023 – ‘Where is Home’ ar Oíche an Chultúir i gClár Chlainne Mhuiris (íomhá le TeemLens Media)*



*Onsight 2023 – Comóradh Cothrom 25 Bliain ar Artsquad Mhaigh Eo, ceiliúradh ar an bPobal agus ar an Ealaín (íomhá le Wojciech Hajduk)*





*Levelling Access – An Soláthar Ealaíon agus Míchumais sa Chlár, i gCathair na Gaillimhe agus i Maigh Eo a Léarscáiliú (íomhá le Aileen Barry, Forleagan dearaidh le Pure Designs Studio)*

## Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo (MSP)

Is í príomhaidhm Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht choirp a mhéadú i measc earnálacha uile an phobail. Cuireann Spórt Éireann croíchistiú ar fáil di agus cuireann Comhairle Contae Mhaigh Eo í ar bun agus tá trí phríomhfheidhm ag an gComhpháirtíocht:

- Eolas - Ionad ilfhreastail don spórt i Maigh Eo.
- Oideachas - Deiseanna ardchaighdeán a sholáthar do chúrsaí oiliúna a chuirtear ar bun go háitiúil d'oibrithe deonacha.
- Cur i bhFeidhm - Beartas spóirt a fhorbairt sa chontae trí phlean straitéiseach don spórt i Maigh Eo agus clár rannpháirtíochta a roghnú a oireann do riachtanais áitiúla.

### Gníomhaíocht 2023:

- Tacú le Cumainn Spóirt / Grúpaí Pobail leis an spórt a sholáthar trí Scéim Deontais Bhig COVID-19 Bhabhta 4, Tacaíochtaí Oiliúna d'Oibrithe Deonacha agus Tionscnaimh Chistithe um Fhilleadh ar an Spórt: *Bronnadh €79,600 ar 101 cumann/eagraíocht phobail i Maigh Eo trí scéim deontais bhig um Fhilleadh ar an Spórt na Comhpháirtíochta 2023 ar thacaigh Spórt Éireann agus Bord na gCuntas Díomhaoin leis.*
- Seoladh Clár Siúil an Fhómhair le Bataí Siúil Activator do Dhaoine Breacaosta de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo in 15 láthair.
- Clár Rannpháirtíochta agus Oideachais Ghinearálta MSP - soláthraíodh Ón Tolg go 5 Chiliméadar (Couch to 5K), Fir Aclaí (Men on the Move), Snámh Uisce faoin Spéir, Fit4Work, Leanaí Maratóin (Marathon Kids), CLG do Chách, Cosaint, Rannpháirtíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas in 2023.
- Ghlac 2,023 rannpháirtí páirt i 'Mionmharatón Ban Iarthar na hÉireann de chuid Mayo.ie Western People' 2023 a d'eagraigh Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo a bhí ar siúl Dé Domhnaigh, an 1 Bealtaine agus ghlac breis agus 300 duine páirt i Mionrith Spraoi 2 Chiliméadar na mBunscoileanna.
- Sholáthair Moil Spóirt Pobail i mBaile an Róba/Béal Átha hAmhnais agus Moil Taobh Amuigh i gCaisleán an Bharraigh agus Béal an Átha 40 imeacht a dhírigh ar thart ar 600 duine ó ghrúpaí ar deacair iad a aimsiú. Bunaíodh dhá mhol nua i mBéal an Átha agus Béal Átha na Muice.
- I measc na bhfeachtas in 2023 bhí Seachtain na Rothar (28 imeacht - 585 rannpháirtí), Seachtain Spóirt na hEorpa (33 imeacht - 680 rannpháirtí), an tSeachtain Chumais Spóirt (27 imeacht – 325 rannpháirtí), Seachtain Amuigh faoin Aer HER (30 imeacht – 300 rannpháirtí), Seachtain na mBan sa Spórt (25 imeacht – 450 rannpháirtí), an tSeachtain Feasachta ar Ionchuimsiú Sóisialta (breis agus 40 imeacht agus 9 gcinn á gcur ar bun ag MSP), Campaí Cúl Eile (40 rannpháirtí i Samhain 2023), Clár Folláine Fómhair na mBan (21 imeacht – 315 rannpháirtí), HER Moves (Cailíní sna Déaga ag Tonnmharcaíocht (24), Rince Gaelach Tar agus Bain Triail as do Chailíní sna Déaga.

- Soláthraíodh an Tionscnamh Tacaíochta d'Oibrithe Deonacha Cumainn le sraith oiliúna fóirdheonaithe, Seimineáir Ghréasáin Chóitseála Leanaí, Chosanta, Ionchuimsithe Míchumais agus Spóirt agus leantar lena sholáthar.

### **Tosaíochtaí don bhliain 2024:**

Leanfaidh Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo in 2024 de bheith ina comhlacht lárnach i dtaobh gníomhartha a sholáthar a chuimsítear sa Bheartas Spóirt Náisiúnta, sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta Coirp agus i bPlean Straitéiseach Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo, ‘**Taitneamh á Bhaint as an Spóirt ag Níos Mó Daoine**’ (‘More People Enjoying More Sports’).

- Tar éis gur fhorbair Spóirt Éireann teimpléid, ar baineadh triail phiólótach astu i roinnt údaráis áitiúla, beartaítear Plean Spóirt Áitiúil a bheith i bhfeidhm ina gcumseofar na páirtithe leasmhara go léir, i.e., Rannpháirtíocht, Saoráidí, Oiliúint agus Oideachas, Pleanáil etc.
- Tar éis do Spóirt Éireann infheistíocht mhór a dhéanamh, ceadaíodh cistiú don mhéid seo a leanas do Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo:
  - Oifigeach Cláir ar Ghrád 6
  - Post Chiste Sóisialta na hEorpa, Grád 5, le díriú ar limistéir éagsúlachta agus ionchuimsithe.
- Lorgófar babhta nua léirithe spéise do Mhoil Spóirt Pobail nua agus seolfar iarratas ar chistiú ón gCuntas Díomhaoin ó Spóirt Éireann go luath in 2024.
- Mar thoradh ar Ráiteas Uaillmhéine Spóirt Éireann, méadófar croíbhuiséad Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo aníos ó €450,000 go €450,000 in 2024.
- Tar éis toghcháin áitiúla, cruthófar Coiste Comhpháirtíochta Spóirt nua i bhFómhar 2024.



*Thit seoladh Sheachtain Amuigh faoin Aer HER amach i Lúnasa 2023*



*Rannpháirtithe ar an gClár Siúil le Bataí Activator ag dul ó neart go neart.*



*Thit Seachtain Náisiúnta na Rothar amach i Meitheamh 2023 agus bhí go leor imeachtaí ar siúl ar fud an Chontae.*



*Cuireadh Mionmharatón Ban Iarthar na hÉireann 2023 de chuid Mayo.ie Western People i mBéal an Átha den chéad uair mar chuid de cheiliúradh Bhéal an Átha 2023.*



*An tSeachtain Chumais Spóirt 2023*

## **TALMHAÍOCHT, OIDEACHAS, SLÁINTE AGUS LEAS**

### **AN RANNÓG TRÉIDLIACHTA**

Cuireann an Rannóg Tréidliachta go gníomhach le sprioc Chomhairle Contae Mhaigh Eo trí áit níos sábháilte le cónaí ann agus le hobair ann agus le cuairt a thabhairt air a dhéanamh den chontae.

#### **Tréidliacht**

Cuimsítear in obair Rannóg Tréidliachta Chomhairle Contae Mhaigh Eo na limistéir seo a leanas:

- Obair le hOibreoirí áitiúla Gnólachta Bia chun cabhrú leo na caighdeáin is airde sábháilteachta bia a bhaint amach agus a choinneáil. Déanaimid maoirseacht ar áitribh fhaofa agus chláráithe faoi Chonradh Seirbhíse le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, agus tá spéis á léiriú ag níos mó gnólachtaí faoi láthair i ngnólachtaí nuathionscanta.
- Táthar bainteach i ngalair zónóiseacha a chomhrac, i.e. galair intarchurtha idir ainmhithe agus daoine
- Rialú ainmhithe, faoi mar a dtugtar cuntas air thíos
- Ionchur díreach isteach i ndíothú Galar Infhógartha
- Ról comhairleach d'fheidhmeanna pleanála agus comhshaoil na Comhairle.

#### **Seirbhís Rialaithe Madraí**

##### **Agallamh ar an Raidió**

Cuireadh Maor Madraí Chomhairle Contae Mhaigh Eo faoi agallamh i rith na bliana leis an stáisiún raidió áitiúil le feasacht a mhúscailt ar cheisteanna maidir le

- dul sa tóir ar chaoirigh agus na tionchair a imríonn madraí fánacha ar ealtaí agus a n-úinéirí.
- Oibleagáidí úinéara maidir le póir shrianta lena chinntiú go bhfuil béalóg agus iall ar mhadraí in áit phoiblí.
- Ionsaithe madra ar dhaoine agus ar ainmhithe.

##### **“Aire, a Úinéirí Madra!”**

Cuireadh fógraí i nuachtáin áitiúla i gcomhar le Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann le feasacht a mhúscailt i measc úinéirí madra ar na tionchair a imríonn ionsaithe madra ar chaoirigh agus lena chinntiú go gcoimeádtar madraí faoi smacht ag gach tráth. Cuireadh an teachtaireacht seo chun cinn

ar ardáin mheán sóisialta na Comhairle.

### **An Grúpa Oibre Náisiúnta um Rialú Madraí**

Ghlaic Cigire Tréidliachta agus Maor Madraí Chomhairle Contae Mhaigh Eo páirt sa ghrúpa oibre a bunaíodh le saincheisteanna a scrúdú maidir le rialú madraí.

### **Feachtas Ceadúnais Madra 2023**

Bhí baint ag na Maoir Madraí sna feachtais um Cheadúnú Madraí i rith mhí na Bealtaine, Iúil agus Lúnasa. Cuireadh in iúl d'úinéirí madra trí ardáin mheán sóisialta go mbeadh seiceáil á déanamh ag na maoir madraí do cheadúnais madra. I measc na gceantar a seiceáladh i rith na bhfeachtas, bhí Conga, Sruthair, Cill Mheáin, Béal an Mhuirthead, Baingear, Baile an Chaisil agus Cill Ala agus an ceantar máguaird. Tá mar aidhm ag na feachtais seo feasacht a mhúscailt ar an ngá atá le madraí a cheadúnú, costais cheadúnais madra agus an áit ar féidir ceadúnais a cheannach.

### **Cistiú Ex-Gratia:**

Cuireadh leithdháileadh ó 2011 ar mhaithe le leas ainmhithe ar fáil do ghrúpaí leasa ainmhithe. Cuireadh fógra i mbliana sna nuachtáin áitiúla a thug cuireadh ar iarratais ar chistiú. Fuarthas sé iarratas le cistiú a lorg.

### **Seimineár Náisiúnta na Seirbhíse Rialaithe Madraí 2023**

D'eagraigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (an DRCDD) Seimineár Náisiúnta do mhaoir madraí agus don phearsanra atá bainteach i Rialú Madraí an 7 Meán Fómhair 2022 i dTulach Mhór. Rinneadh Maor Madraí ónár Roinn cur i láthair ag an imeacht seo ar "Cur chuige Praiticiúil i leith Urghabháil dhlíthiúil Madraí".

### **Ag Féachaint chun Cinn go dtí 2024**

Leanfaidh ár Rannóg Tréidliachta leis na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- obair le hOibreoirí áitiúla Gnólachta Bia chun cabhrú leo na caighdeáin is airde sábháilteachta bia a bhaint amach agus a choinneáil.
- feasacht a mhúscailt ar na freagrachtaí atá ar úinéirí madra agus iarracht a dhéanamh leis an reachtaíocht éagsúil maidir le madraí a chur i bhfeidhm ar mhaithe lenár saoránaigh agus ár réadmhaoin laistigh den chontae a chosaint.

## **SEIRBHÍSÍ MUIRÍ**

Lean an Rannóg Mhuirí ag tacú le Pleanáil Fiontraíochta agus an CBS Muirí maidir le saincheisteanna beartais mhuirí agus lean sé, ó thaobh cúrsaí oibríochtúla, leis an mbonneagar muirí a chothabháil ar an gcladach agus amach ón gcósta araon. Ina theannta sin, sholáthraíomar roinnt tionscadail chaipitil faoi scéimeanna éagsúla roinne.

Tugadh faoi roinnt ceardlann i rith na bliana a thug grúpaí éagsúla páirtithe leasmhara, saineolaithe agus comhaltaí den CBS le chéile le Dréachtstraitéis a ullmhú agus a mheasúnú. Ba é príomhdhírú na gceardlann seo ná Fuinneamh In-Athnuaite, Fóillíocht agus Inbhuanaitheacht Oileáin, i dtaca le hOileáin ar a gcónaítear agus nach gcónaítear orthu. Déanfaidh an SPC féin breithniú ar an Straitéis féin i Samhain agus cuirfear ceardlann bhreise ar bun go luath i Nollaig.

Tá an obair á húsáid ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht atá á déanamh i gComhairle Contae Mhaigh Eo mar chuid de thionscadal Eorpach i measc roinnt réigiúin mhuirí Eorpacha ag féachaint le rannpháirtíocht áitiúil agus réigiúnach i bpleanáil speisialta mhuirí a fhorbairt.

Rinne foghrúpa an CBS aighneacht mhionsonraithe níos luaithe leis an rialtas ar an dara Plean Forbartha Fuinnimh In-Athnuaithe Amach ón gCósta ina dtugtar chun solais na deiseanna agus na dúshláin a chruthaigh sé don earnáil i Maigh Eo.

Bhí an rannóg bainteach chomh maith mar chuid de Bhord na mBratach, a bhí freagrach as Ciste Coigeartaithe Brexit an Gheilleagair Ghoirm.

Sholáthair an rannóg tionscadail ar bhonn oibríochtúil faoi roinnt Scéimeanna;

- Faoi Scéim Bonneagair Mhuirí Rialtais Áitiúil Coigeartaithe Brexit atá á bainistiú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Soláthraíodh 8 dtionscadal, ina raibh oibreacha i gceist ag Cé na Ráithe, Cé an Chorráin, Cé Ros Muine, Cé an Fhóid Duibh, Cé an Bhaile Ghlais, Cé Dhumha Goirt, Cé Chill Ala, agus Cé Bhéal an Átha. Ba é an bronnadh foriomlán €1.10 milliún agus fuarthas cúnamh deontais 95%, a bhain go huathúil leis an scéim seo.
- Faoi Chlár na nOileán atá á bhainistiú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Soláthraíodh clár oibreacha bóithre i gcomhar le CB Chathair na Mart agus tugadh faoi oibreacha ar an gcé ag Inis Toirc chomh maith. Ba é an bronnadh foriomlán €290,000. Críochnaíodh an Héileapad chomh maith ar Inis Toirc i mbliana i gcomhar le CB Chathair na Mart.
- Faoi Scéim Bonneagair Caitheamh Aimsire Taobh Amuigh atá á bainistiú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Soláthraíodh tionscadal beag ag Cé Bhéal an Átha ar luach €30,000.
- Tosaíodh an obair dhearaidh ar chistiú cé Oidhreachta ag Béal an Mhuirthead faoi Chiste na Struchtúr Stairiúil. Bronnadh €92,000 ar an iomlán ar an tionscadal seo agus leanfar lena chur ar bun isteach go 2024.

Críochnaíodh roinnt Staidéar i mbliana freisin:

- An Staidéar ar Inrochtaine Oileáin.
- An Staidéar ar Ché Chathair na Mart.
- Páipéar an Ghormbhealaigh.

Tugadh faoin gclár ginearálta Cothabhála Muirí i gcomhar le CBanna Bhéal an Átha agus Chathair na Mart agus leis an gClós Innealra.

### **Ag Féachaint chun Cinn go dtí 2024**

- An Straitéis Muirí a chríochnú agus tosú le Pleananna níos mionsonraithe a fhorbairt, nuair is gá.
- Páirt a ghlacadh i ról nua pleanála do ÚÁanna faoin Acht um Pleanáil Limistéir Muirí.
- Aghaidh a thabhairt ar scéimeanna an DAFM
- Aghaidh a thabhairt ar na Scéimeanna Oileáin
- Aghaidh a thabhairt ar Scéimeanna ORIS
- Aghaidh a thabhairt ar Scéimeanna Oidhreachta
- Leanúint ag cabhrú le hathnuachan limistéar Ché Bhéal an Átha
- Leanúint ag cabhrú le hathnuachan limistéar Ché Chathair na Mart
- Ár sócmhainní muirí a chothabháil
- Fodhlíthe a thabhairt isteach i roinnt Céanna agus Cuanta móra

- Leanúint le Plean Freagartha Éigeandála amach ón gcósta a thabhairt isteach agus a chothabháil.

## **SEIRBHÍSÍ ILGHNÉITHEACHA**

### **ATHBHREITHNIÚ AR SHOLÁTHAR AGUS ÉIFEACTHÚLACHT**

Oibríonn Comhairle Contae Mhaigh Eo córas soláthair atá díláraithe go príomha. Tar éis gur tugadh isteach ardán nua eTenders i mBealtaine 2023, tháinig athrú mór ar ról na Foirne Soláthair. Cé go bhfuil príomhról na Rannóige straitéiseach i gcónaí i dtaobh cineáil, tá an méid seo a leanas i gceist leis: comhairle agus treoir a ullmhú don fhoireann bainistíochta agus don fhoireann ar riachtanais reachtaíochta, chomhlíonta, bhainistíochta riosca agus dea-chleachtais; bainistíocht sonraí soláthair; agus idirchaidreamh réamhghníomhach a dhéanamh leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (an OSR), thosaigh an fhoireann PERT le gach comórtas ar fud na heagraíochta mar thoradh ar an ardán nua. Is é an tionchar dearfach a d'imir é seo go gceadaíonn sé don Eagraíocht leanúint le rianú mionsonraithe conartha a dhéanamh ar gach Comórtas a fhoilsítear, agus an cháipéisíocht ghaolmhar go léir.

#### **Cuspóirí Soláthair Chorparáidigh:**

**Comhlíonadh a chinntiú** - A chinntiú go gcomhlíonann an fhoireann a oibríonn i soláthar treoracha soláthair, an reachtaíocht, ciorcláin, ceanglais dhlíthiúla eile agus beartais agus nósanna imeachta soláthair na Comhairle. Íoslghdóidh seo soláthar agus riosca clú.

#### **Cuspóirí straitéiseacha a sholáthar**

Tacú le soláthar seirbhíse éifeachtach i gcomhréir leis na cuspóirí straitéiseacha i bPlean Corparáideach Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

#### **Luach ar airgead a sholáthar**

Luach níos fearr ar airgead a bhaint amach tríd an méid seo a leanas:

- A chinntiú go dtugtar faoi sholáthar ar bhealach comhordaithe.
- A chinntiú go n-úsáidtear próisis iomaíochta murach go bhfuil cúinsí eisceachtúla a bhfuil údar leo gan amhlaidh a dhéanamh.
- Próisis reatha soláthair a athbhreithniú agus, sa chás gur féidir, a chuíchóiriú.
- Deiseanna a shainaitint do chomhiomlánú agus d'éifeachtúlachtaí.

#### **Feabhsúcháin shóisialta a éascú**

Breithnithe geilleagracha, fiontar beag agus meánmhéide, sóisialta agus comhshaoil a éascú trí sholáthar, sa chás gurb indéanta.

#### **Barrfheabhsú Caiteachais agus Tuairisciú Comhlíonta**

Leagtar amach sa 'Creat Beartais Náisiúnta um Sholáthar Poiblí' na nósanna imeachta atá le leanúint ag an earnáil phoiblí faoi rialacha Náisiúnta agus AE. Déanann an tseirbhís phoiblí cumarsáid le 'glór amháin' leis an margadh, trí shamhail cheannaigh lárnaigh an OGP, a chuireann deireadh le dúbláil agus a thagann i dtír ar scála an tsoláthair phoiblí leis an éifeacht is fearr a bhaint amach. Úsáidfean na socrúithe seo, nuair is féidir. Nuair nach bhfuil aon socrú lárnach i bhfeidhm do chaitheamh, is iad próisis tairisceana iomaíche a dtugtar fúthu ar bhealach oscailte agus trédhearcach a sholáthróidh an luach is fearr ar airgead. Teastóidh córais fheabhsaithe TF, cosúil le huirlisí Córais Bhainistíochta Sonraí Caiteachais le monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas ar fud na heagraíochta lena chinntiú go sásaítear riachtanais tuairiscithe comhlíonta.

#### **Creataí agus Córais Cheannaigh Dhinimiciúla**

Tá roinnt FWanna agus an DPSanna ar fáil lena n-úsáid ag Comhairle Contae Mhaigh Eo agus ag

gach Údarás Áitiúil trí ardán Supply Gov atá á oibriú ag an LCOPC agus trí Ardán eTenders. Is iad na cinn fheiceálacha a éascaíonn FBManna agus conraitheoirí áitiúla idirchaidreamh a dhéanamh le Comhairle Contae Mhaigh Eo chun Earraí, Seirbhísí agus Oibreacha a sholáthar:

- Mionoibreacha Tógála: Ceardaithe – Leictreoirí/Pluiméirí
- Iarfheistiú Fuinnimh trí chórais fuinnimh in-athnuaite agus oibreacha coimhdeacha
- Oibreacha Innealtóireachta Sibhialta
- Ábhair Innealtóireachta Sibhialta – Soláthar amháin
- Creat bonn
- Tomhaltáin TF
- Speicis Ionracha a Bhainistiú agus a Rialú

Tá teagmháil ghníomhach á déanamh ag an bhfoireann PERT le FBManna agus Conraitheoirí áitiúla, á spreagadh clárú ar na Creataí agus na DSPanna seo le gach deis a thabhairt dóibh tairiscint a chur isteach d'oibreacha.

### **Ag Féachaint chun Cinn go dtí 2024**

Cuid lárnach den timthriall ceannaigh go híocaíocht é soláthar, a sholáthraíonn feidhm léargais ghinearálta bainistithe do gach éadail ghaolmhar soláthair. Sholáthair muid Oiliúint soláthair i rith 2023 ar fud na heagraíochta agus rinne muid idirchaidreamh leis na rannóga éagsúla chun teacht ar níos mó seisiúin oiliúna. D'aistrigh muid go hardán nua eTenders agus thug muid limistéir chaighdeánaithe isteach maidir le comórtais a fhoilsiú.

Rinne foireann PERT na Tairseacha nua Caiteachais Inmheánaigh a chur i bhfeidhm, a thagann níos mó leis na Treoirínte Náisiúnta a foilsíodh i gCiorclán 05/2023.

Spreagfaimid soláthraithe in 2024 glacadh le tionscnaimh Ghlasa trí ghnéithe Glasa a chur san áireamh inár gCritéir Roghnúcháin nó Bhronnta i ngach comórtas a fhoilsítear ar eTenders.

Áirítear lenár bhfeidhm gnéithe straitéiseacha agus oibríochtúla, cosúil le:

- Beartas socraithe
- Dea-rialachas a chur chun cinn
- Comhoibriú a éascú
- Caiteachas pleanáilte a spreagadh
- Soláthraithe a shainaithint
- Comórtais a chur ar siúl agus tacú le comórtais eile Chomhairle
- Athnuachaintí conartha a bhainistiú

Ar deireadh, áirítear leis gnéithe Éifeachtúlachta is féidir a bhaint amach tríd an méid seo a leanas:

- Oideachas agus Oiliúint ar Dhea-Chleachtais agus Phróisis Soláthair
- Caighdeánú próisis soláthair ar fud na heagraíochta
- Deiseanna feabhsaithe a shainaithint laistigh den eagraíocht agus dramhaíl i bpróisis a laghdú/a dhíothú
- Cultúr feabhsúcháin leanúnaigh a chothú laistigh de Sholáthar agus den eagraíocht níos fairsinge.
- Smaointe feabhsúcháin a chóitseáil agus tacú lena gcur i bhfeidhm.



## CÓRAIS FAISNÉISE AGUS NUÁLAÍOCHT

Freastalaíonn Rannóg Córtais Faisnéise agus Nuálaíochta Chomhairle Contae Mhaigh Eo ar roinn láithreacha ar fud an chontae agus tá sí ar cheann de na líonraí bonneagair is mó sa tír. Tá freastalaithe, lasca, ródairí, ríomhairí deisce, ríomhairí glúine, táibléid, gutháin phóca anuas ar phrintéir, breacairí, gléasanna gan sreang agus gléasanna eile sonraí sa bhonneagar.

Ba bhliain eile 2023 inar tháinig dúshlán mhóra aníos san earnáil TFC go domhanda agus go háitiúil i dtaobh cibearshlándála, acmhainní, agus soláthar seirbhíse. Anuas ar chórais TFC, líonraí agus oibríochtaí uile na Comhairle a bhainistiú agus a chothabháil, lean an Rannóg Córtais Faisnéise ag tacú le cuspóirí na Comhairle le réimse tacaíochta ó chórais anailíse gnó agus thiomnaithe a thabhairt do gach cuid den eagraíocht.

Áirítear le roinnt de na tionscnaimh faoinar tugadh in 2023:

- Uasghráduithe líonra agus bonneagar leagáide a athsholáthar ag suíomhanna éagsúla agus an líonra corparáideach a fheabhsú.
- Tairiscint nua do chroílasc an Árais críochnaithe agus soláthartha agus obair athsholáthair sceidealaithe roimh dheireadh na bliana.
- Tacaíocht TF ó Ionad Cumarsáide Réigiúnach an Iarthair (an WRCC) le hathlonnú ó sheomra rialaithe sealadach ar ais go dtí an príomhsheomra rialaithe.
- Aistríodh bonneagar TF na hOifige Bóithre Náisiúnta (an NRO) óna líonra féin go líonra corparáideach.
- Tacaíocht TF fhoireann tionscadail LIFE Loch Ceara don oifig in Ionad Pobail Bhaile na Cora.
- Creat nua an OGP do ríomhairí deisce agus glúine.
- Próiseas oibre cumaisc á aibiú.
- Cabhrú le seirbhísí náisiúnta glaonna gutháin póca agus sonraí agus creataí gléasanna móibíleacha.
- Tairiscint iomaíoch a dhéanamh do gach seirbhís agus táirge TF de réir mar a bhíonn athnuachaintí dlíte.
- POC tháirge Sentinel SIEM. Monatóireacht leanúnach agus dúnadh ar fholáirimh shlándála trí úsáid a bhaint as Sentinel SIEM agus XDR (Defender).
- Rollú bhogearraí bainistíochta gléasanna móibíleacha Intune.
- Béim leanúnach ar shlándáil.
- An nós imeachta agus an córas do chruinnithe hibrideacha comhairle – aip taifeadta agus amadóra.
- Feachtas feasachta cibearshlándála agus oiliúint foirne leanúnach.
- Aip Tuairiscithe Airgeadais
- Aip Iarrataí Soláthair Foirne Acmhainní Daonna
- Uasghrádú an Chórais Airgeadais (Agresso MS7)
- Aip Oibre Cumaisc - Críochnaithe
- Aip um Fhilleadh ar an Obair de chuid Acmhainní Daonna - Críochnaithe
- Tuairisc Chigireachta Sláinte agus Sábháilteachta
- Léarscáiliú an Phlean Forbartha Contae
- Rinneadh léarscáiliú Cánach ar Thalamh Chríosaithe Chónaithe a bhailiú agus a sheoladh chuig an DHHLG

- Tionscadal na Láithreán Tréigthe - forbraíodh agus tugadh an aip isteach i measc CBanna le Láithreáin Thréigthe fhéideartha a léarscáiliú
- Críochnaíodh agus cuireadh Tairiscint do Thairseach Chomhairliúcháin agus Iarratais isteach.
- Forbraíodh aip Tionscadal Oidhreachta Tógtha do shainchomhairleoirí lenár RPS agus ár NIAH a dheimhniú.
- Tionscadal Heritact - sonraí agus tacaíocht a sholáthar do mhic léinn UCD agus GeoDesign á chruthú do dhobharcheantar Bhéal an Átha agus na Muaidhe.
- Baineadh triail as aip Dumpála Neamhdhleathaí agus tá sí le tabhairt isteach.
- An aip Croí Cónaithe
- An aip Home for Life
- Aipeanna cigireachta réadmhaoine RLS forbartha.
- Rinne iniúchadh rathúil ar Chaighdeán Slándála Faisnéise ISO 27001:2013 agus fuarthas athdheimhniú.
- Monatóireacht leanúnach ar bhagairtí slándála agus freagairt ar bhagairtí a imríonn tionchar ar ár n-eagraíocht agus ár mbonneagar TF.
- Rinneadh uasghrádú ar bhonneagar hipear-chomhtháite VxRail agus cuireadh feabhsúcháin slándála do rochtain i bhfeidhm.
- Rinneadh uasghrádú ar bhogearraí balla dóiteáin agus glanadh an balla dóiteáin leagáide.
- Rinneadh uasghrádú ar bhogearraí VPN Global Protect agus tugadh isteach san eagraíocht iad le hobair chumaisc a chumasú.

Leanann an Rannóg Córais Faisnéise ag oibriú le Ranna Rialtais agus Cuideachtaí Teileachumarsáide ábhartha chun cabhrú le leathanbhanda ardluais a thabhairt isteach ar fud an Chontae, an Plean Náisiúnta Leathanbhanda san áireamh. Tá príomhról ag an Oifig Forbartha Leathanbhanda agus Digití leis an limistéar gnó seo a éascú, chomh maith le tionscnaimh dhigiteacha ghaolmhara a sholáthar ar fud an chontae. Mar chuid den Plean Náisiúnta Leathanbhanda, bunaíodh 16 Phointe Ceangail Leathanbhanda i Maigh Eo le Ceangail Leathanbhanda Ardluais luatha a chur ar fáil dóibh. D'fhorbair roinnt de na láithreacha BCP a saoráid ina mionmhol, trí úsáid a bhaint as an nascacht le spásanna cianoibrithe a thairiscint. Tá tionscnamh Ríomhshláinte ag titim amach freisin ar Chliara

### **Ag Féachaint chun Cinn go dtí 2024**

Tar éis gur foilsíodh an Straitéis Náisiúnta TFC ‘An Rialtas a Cheangal 2030’ (‘Connecting Government 2030’) in 2022, d’fhoilsigh earnáil TFC an Rialtais Áitiúil ‘RIALTAS ÁITIÚIL DIGITEACH: AG OBAIR DO GACH DUINE - Straitéis Dhigiteach agus TFC Rialtais Áitiúil na hÉireann 2030’. Tá iarracht á déanamh ag an Roinn IS an straitéis seo a sholáthar in 2024 agus ina dhiaidh sin agus béim á leagan ar shlándáil, acmhainní a fhorbairt agus seirbhísí comhroinnte le hÚdarás Áitiúla eile. Leanfar le MyCoCo.ie a fhorbairt mar ardán don phobal le teacht ar sheirbhísí air.

Is na haipeanna ar tosaíodh lena bhforbairt agus a leanfar lena n-úsáid in 2024:

- Íocaíochtaí Gréasáin ar Líne
- Bainistíocht Cáis (Environment CRM)
- Caiteachas Comhaltaí
- Léarscáiliú Pleananna Ceantair Áitiúil

Oibreoidh an Roinn IS go dlúth leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlánda leis na Caighdeáin Chibearshlánda Náisiúnta a chur i bhfeidhm agus le hullmhú do chreat rialála NIS2 an AE mar Údarás Áitiúil. Oibreoidh sí freisin lena staid slándála a neartú agus í ag leanúint i gcomhthráth le timpeallacht oibre shlán a sholáthar don fhoireann san oifig agus as baile araon.

## **RÉADMHAOIN, INIÚCHÓIREACTH INMHEÁNACH AGUS ATHRÚ EAGRAÍOCHTA**

Déanann Comhairle Contae Mhaigh Eo sócmhainní a shealbhú agus a bhainistiú mar bhealach le freagairt do agus soláthar a dhéanamh do na riachtanais éagsúla agus atá ag teacht chun cinn atá ag an bpobal. Tá freagracht ar an Rannóg as punann réadmhaoine neamhchónaithe na Comhairle a bhainistiú agus a chothabháil go straitéiseach.

Tagann Bainistíocht Saoráidí faoi shainchúram na Rannóige Réadmhaoine agus díríonn sí ar riachtanais chothabhála laethúla Áras an Chontae anuas ar thacaíocht chomhairleach a sholáthar d'oifigí corparáideacha eile atá lonnaithe timpeall an chontae.

### **Príomh-Gharspriocanna 2023**

- Bunaithe ar athbhreithniú straitéiseach ar an bPunann Réadmhaoine, rinne an t-aonad socruithe a thabhairt chun cinn chun roinnt réadmhaoine a dhiúscairt, iar-Leabharlann Chaisleán an Bharraigh agus an t-iar-Stáisiún Dóiteáin i gCrois Mhaoilíona san áireamh nach raibh aon ghá straitéiseach sainaitheanta leo.
- Leanadh leis an bpróiseas Léirithe Spéise leis an deis a fhógairt chun roinnt réadmhaoine faoi úinéireacht na Comhairle a léasú in 2023.
- Críochnaíodh an próiseas iarratais ar cheadúnú innilte don bhliain 2023.
- Rinneadh ard-idirchaidreamh maidir le socruithe malartaithe talún le FSS.
- Rinneadh bainistiú ar 3 Réadmhaoin a fháil faoin mBeart um Fháil Foirgneamh a chistigh an DRCD le foirgnimh a sholáthar d'úsáid Pobail.

### **Ag Féachaint chun Cinn go dtí 2024**

- Tabharfaidh an Rannóg Réadmhaoine faoi athbhreithniú straitéiseach breise ar shócmhainní réadmhaoine na Comhairle in 2024 leis an úsáid is fearr agus is féidir d'fhoirgnimh fholmha sa phunann réadmhaoine a dheimhniú.
- Forbróidh an Rannóg Réadmhaoine acmhainn i dtaobh bainistíocht foirgneamh agus cothabháil foirgneamh corparáideach, agus díriú ar thionscnaimh éifeachtúlachta fuinnimh i gcomhar leis an Rannóg um Athrú Aeráide agus ar shócmhainní na Comhairle a chosaint. Tabharfaidh an rannóg cúnamh le foirgnimh a athluacháil lena nuashonrú ar an gclár árachais.
- Leanfaidh an Rannóg Réadmhaoine le próiseas an Chéad Chlárúcháin le taifead úinéireachta réadmhaoine na Comhairle a thabhairt cothrom le dáta.
- Cabhróidh an Rannóg le socruithe léasaithe, leasuithe ar an nós imeachta ceadúnais innilte don bhliain 2024 agus cuirfidh sí tacaíocht chomhairleach ar fáil do ranna eile na Comhairle.

## **ACMHAINNÍ DAONNA AGUS OILIÚINT**

### **Acmhainní Daonna agus Oiliúint**

Déanann an Rannóg Acmhainní Daonna maoirseacht ar earcú foirne, agus cuireann sí riachtanais na Comhairle agus fáil ar bhuiséad agus ualach oibre a chur idir ceann na meá. I measc na seirbhísí tá bainistíocht conarthaí agus patrún oibre, pleanáil an lucht saothair, aoisliúntas agus pinsin, Caidreamh Tionsclaíoch, Cúnamh agus Leas Fostaithe, Oiliúint agus forbairt agus treoir foirne maidir le beartas Acmhainní Daonna a chur i bhfeidhm. Is í ár n-aidhm leanúint le timpeallacht oibre shláintiúil a sholáthar a mheallann agus a choinníonn daoine ildánacha ardchaighdeán.

## Ag Féachaint Siar ar 2023

Rinneadh foireann a earcú agus a cheapadh i dtosach 2023 i margadh a leanann de bheith ina mhargadh an-iomaíoch. Leanadh le tús áite a thabhairt do PMDS in 2023 agus tugadh faoi athbhreithniú cuimsitheach ar phleananna foirne, agus rinneadh gach ról a ailíniú go soiléir le pleananna foirne agus cuspóirí corparáideacha na heagraíochta. Rinneadh forbairtí ar fhormaid dhigiteach a thabhairt isteach chun Pleananna Forbartha Pearsanta fostaithe a dhéanamh. Tá bunú maith anois faoi chreat struchtúrach d'athbhreithniú agus forbairt feidhmíochta i gcaitheamh na bliana. Bunaíodh Grúpa Oibre Idir-Roinne d'Fholláine Foirne nua agus thángthas ar chistiú ó Éire Shláintiúil le Cruinnithe Faisnéise Folláine a sholáthar don fhoireann a oibríonn taobh amuigh ar fud an Chontae.

Cuireadh Seiceálacha Sláinte ar fud na heagraíochta ar tairiscint d'fhostaithe agus bhí glacadh maith leo. Glacadh leis an Straitéis Folláine a sholáthraíonn creat d'fholláine mheabhrach, shóisialta, fhisiciúil agus airgeadais.

Tugadh faoi Shuirbhéanna Aiseolais ar Bhainisteoirí Líne agus ar Fhostaithe maidir le hObair Chumaisc agus úsáidfear iad chun eolas a chur ar fáil do bhreithnithe beartais amach anseo. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le hAip Earcaíochta ar Líne a thabhairt isteach.

## Gluaiseacht Foirne

Bhí leibhéal fiú níos airde de ghluaiseacht foirne ann in 2023 ná mar a bhí in 2022. Tugtar achoimre sa tábla thíos air seo.

Scoir	34
Éirí As	40
Deireadh Conartha	9
Tús Nua	81
Arduithe Céime	80

\*Figúirí ón 30 Meán Fómhair 2023

Bhí líon gan choinne tús nua agus arduithe céime ann a chruthaigh deiseanna agus dúshlán nua i dtaobh oiliúint, imeascadh, rannpháirtíocht, agus forbairt foirne.

Léirítear san ardlíon post nua a chistigh Ranna éagsúla difriúla an tábhacht mhéadaitheach a bhaineann leis an earnáil rialtais áitiúil mar mheán ina gcuirtear beartas náisiúnta i bhfeidhm ar leibhéal áitiúil. I measc na bpost nua a cistíodh bhí Ailtire Heritact, Oifigeach Rannpháirtíochta Pobal Cruthaitheach, poist um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Oifigeach Gníomhaíochta Coirp don tSláinte agus Oifigeach Athghiniúna Baile, i measc go leor eile.

## Oiliúint agus Forbairt in 2023

Soláthraíodh réimse fairsing cúrsaí oiliúna in 2023 do 1,040 ball foirne trí mheascán d'fhoghlaim bunaithe i seomra ranga agus foghlaim ar líne.

Lean an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta le cur chuige níos straitéisí a sholáthar i leith oiliúna in 2023. Rinneadh anailís ar Riachtanais Foghlama agus Forbartha, agus rinneadh tosaíochtaí oiliúna a shainaithint agus a sholáthar i réimse limistéar. Bhí oiliúint ar líne go mór faoi chaibidil arís eile i mbliana agus cuireadh ceardlanna/cúrsaí ar siúl do 597 fostaí agus rinneadh taifid foirne a athbhreithniú agus a nuashonrú. I measc na gceardlann agus na seimineár gréasáin ar líne, bhí Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí, Excel, Bainistíocht Ama, Cosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise agus Scileanna Agallaimh ar bhonn Inniúlachta. Cuireadh oiliúint i bpearsan ar 441 fostaí

agus áiríodh léi Láimhsiú, Chéad Fhreachair Chairdiach, Dínit ag an Obair, Seimineáir Phleanála Scoir agus Scileanna Agallaimh ar bhonn Inniúlachta d'fhostaithe a oibríonn taobh amuigh.

Leanadh le tús áite a thabhairt d'Fholláine Phearsanta inár gclár oiliúna in 2023, agus sholáthair an Wellness Warrior cúrsaí agus seimineáir ghréasáin i bpearsan i Sábháilteacht ag an Obair don fhoireann túslíne agus Deireadh Míostraithe san Ionad Oibre. Tugadh cúnamh do 48 fostaí, ar an iomlán, chun tabhairt faoi chúrsaí breisoideachais. Bhí an t-aiseolas ó chúrsaí agus oiliúint a soláthraíodh an-dearfach.

### **Ag Féachaint chun Cinn: Tosaíochtaí Acmhainní Daonna agus Oiliúna 2024**

- Tabharfar tús áite d'athbhreithniú cuimsitheach ar an bPlean Lucht Saothair ina sainaitheofar limistéir thosaíochta straitéisí a thagann le Plean Corparáideach 2024-2029.
- Athbhreithniú ar an Straitéis Earcaíochta agus an Plean Cumarsáide atá nasctha leis an bpróiseas Pleanála Lucht Saothair.
- Tabharfar cur chuige straitéiseach fianaisebhunaithe isteach i leith Folláine Fostaithe agus Sláinte san Ionad Oibre.
- Forbrófar agus cuirfear próiseas leasaithe ionduchtaithe don fhoireann le cuspóirí níos soiléire oiliúna agus meicníochtaí aiseolais.
- Clár Cóitseála agus Meantóireachta le forbairt phearsanta agus ghairmiúil a fheabhsú.
- Deiseanna oiliúna agus breisoideachais a fhorbairt agus a chomhordú don fhoireann.

### **Ionad Oiliúna Réigiúnach Chaisleán an Bharraigh**

Cuirtear oiliúint san ionad oibre ar bhonn seirbhísí comhroinnte ar fáil in Ionad Oiliúna Réigiúnach Chaisleán an Bharraigh (CRTC) do 6 údarás áitiúla agus eagraíochtaí earnála poiblí agus príobháidí eile san Iarthar agus i Lár na Tíre. Is iad Comhairle Contae Mhaigh Eo an t-údarás ceannais. Cuirtear oiliúint ar fáil ar an gcaighdeán is airde go príomha do Sheirbhísí Bóithre, Uisce, Timpeallachta agus Dóiteáin. Bhain an tsaoráid creidiúnú amach ó SOLAS, QQI, City & Guilds agus ECITB.

### **Ag Féachaint Siar ar 2023**

Bhí riaráiste éilimh ar oiliúint éigeantach san ionad oibre tar éis srianta COVID. In ainneoin an ghanntanais náisiúnta soláthraithe, d'éirigh linn an oiliúint ardchaighdeán go léir a fhoinsiú agus a sholáthar a d'iarr ár 6 chomhúdarás áitiúla. Sceidealáíodh 5,050 lá oiliúna in 2023 ónar eascair láimhdeachas ionchasach €1.3m.

Bhí éileamh an-láidir ar Oiliúint Éigeantach ar Bhóithre a Oscailt agus a Athchóiriú (306 lá oiliúna) nach bhfuil ar fáil ach trí ionaid oiliúna LASNTG. Bhí riaráiste d'oiliúint phraiticiúil sláinte agus sábháilteachta ann agus sholáthair muid cúrsaí oiliúna breise ar an bPas Sábháilte (312 lá), Láimhsiú (245 lá) agus cúrsaí cárta tógála CSCS (281 lá).

### **Ag Féachaint chun Cinn go dtí 2024**

Tuairtear go leanfaidh an t-éileamh ar chúrsaí bóithre agus uisce de bheith ard i gcónaí. Soláthrófar oibrithe ar Ghníomhú ar son na hAeráide chomh maith do gach oibrí Údaráis Áitiúil i rith 2024. Tá tús le cur le hoiliúint ar sheirbhísí pleanála in 2024.

### **Ár saoráid oiliúna nua amuigh faoin aer a oscailt**

Tá dul chun cinn réidh á dhéanamh ag obair ar an tsaoráid oiliúna den chéad scoth €2.9m seo ag Lios na Coirce, an Sáilín, Caisleán an Bharraigh. Tá súil leis go mbeidh an tsaoráid seo ag feidhmiú ag dheireadh ráithe 1 2024. Cuirfidh sé acmhainn bhreise ar fáil le trí sheomra oiliúna bhreise agus suíomh mór ar fáil le hoiliúint phraiticiúil ar innealra agus athchóiriú bóithre a sholáthar. Rachaidh seo chun mórshochair an réigiúin agus Chomhairle Contae Mhaigh Eo.



## **FORBAIRT CHORPARÁIDEACH**

Bainistíonn an Rannóg um Fhorbairt Chorparáideach réimse seirbhísí don phobal agus do Chomhairleoirí agus tá sí freagrach chomh maith as pleanáil agus beartas corparáideach. Limistéar lárnach tacaíochta laistigh den eagraíocht í seo a oibríonn go dlúth le rannóga eile.

Cuirtear tacaíocht riaracháin ar fáil sa rannóg seo do chruinnithe na Comhairle, cruinnithe míosúla, cruinnithe an Ghrúpa um Beartais Chorparáideacha agus na cruinnithe bliantúla ginearálta agus buiséid san áireamh. Déantar bainistiú freisin ón rannóg seo ar chostais agus ar luach saothair comhaltaí.

Déileálann an rannóg seo freisin le freagairtí d'Iarrataí ar Shaoráil Faisnéise agus déanann sí bainistiú ar iarrataí ar shonraí pearsanta. Déileálann an tAonad um Shaoráil Faisnéise (FOI) le hiarrataí ar an gceart chun rochtain a fháil ar thaifid a iarraidh atá á gcoimeád ag Comhairle Contae Mhaigh Eo. Leanann na líonta iarrataí ag dul i méid agus cuireadh 124 iarraidh i dtaifead ag deireadh ráithe 3 2023. Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar an Acht agus tá súil leis go dtiocfaidh athrú ar an reachtaíocht.

Bronntar an ceart sa Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (an GDPR) ar dhaoine aonair eolas a iarraidh a bhaineann leo atá 'próiseáilte', i.e., a úsáideann Comhairle Contae Mhaigh Eo. Tugtar iarratas duine ar a shonraí air seo. Thug an tAonad FOI laistigh den rannóg cruinnithe faisnéise feasachta isteach maidir le FOI agus GDPR i measc comhaltaí foirne a leanfar leo ag brath ar acmhainní in 2024.

Tá an Clár Rioscaí do Chomhairle Contae Mhaigh Eo á choinneáil ag an rannóg seo, déanann na Stiúrthóireachtaí athbhreithniú air, agus nuashonraítear é ar bhonn ráithiúil, más gá.

### **I measc na limistéar eile oibre, tá:**

- Déantar bainistiú ar Sheirbhísí do Chustaiméirí agus idirchaidreamh le hOifig an Ombudsman anseo chomh maith agus tháinig méadú suntasach ar cheisteanna ón Ombudsman in 2023.
- An Clár Eitice a ullmhú
- Clár Orduithe Feidhmeannachta
- Bainistíocht árachais, comhordú san áireamh le hárachóirí na Comhairle, IPB, maidir le préimheanna do pholasaithe árachais agus athruithe meántearma, éilimh árachais, cásanna cúirte agus socraíochtaí.
- Déantar tiomsú sonraí ar fud na heagraíochta a chomhordú freisin sa rannóg do 44 táscaire feidhmíochta ina gcuimsítear 11 limistéar seirbhíse a fhoilsíonn an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC) mar chuid den Tuarascáil Táscairí Feidhmíochta Údaráis Áitiúil bhliantúil. Foilsíonn Comhairle Contae Mhaigh Eo na tuairisceáin leis an NOAC inár dTuarascáil Bhliantúil. Thug an NOAC faoi chruinniú próifíle le Comhairle

Contae Mhaigh Eo in 2023 mar chuid de mheasúnú leanúnach ar fheidhmíocht le gach údarás áitiúil.

### **Ag Féachaint chun Cinn go dtí 2024**

- Táthar ag leanúint le beartas agus riachtanais reachtúla a chur i bhfeidhm.
- Athbhreithniú ar an gclár bainistíochta rioscaí a chríochnú le IPB ag féachaint le feabhas a chur ar úsáid agus ar chumas.
- Leanúint le cruinnithe faisnéise foirne ar SF agus an GDPR, ag brath ar acmhainní.
- Beartas Iompair Inghlactha Custaiméirí a chur i bhfeidhm.
- Athbhreithniú ar an bPlean Corparáideach a thosú.

## **SÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS**

### **Críochnaíodh na hOibreacha seo a leanas a bhain le Sláinte agus Sábháilteacht in 2023:**

- Rinneadh athbhreithniú iomlán tréimhsiúil ar Ráiteas Sábháilteachta Corparáidí CCME, le scóip iomlán ghníomhaíochtaí CCME a chur san áireamh.
- Rinneadh leaganacha éagsúla de Bheartas agus Nós Imeachta Sábháilteachta (SPPanna), Measúnuithe Riosca ar Ghníomhaíochtaí (ARAanna) agus Foirmeacha Sábháilteachta (SFanna) a leasú agus a scaipeadh i measc fheidhmeanna uile CCME.
- D'éirigh le Seirbhís Dóiteáin Mhaigh Eo ina n-athmheasúnú bliantúil de chuid an NSAI, a sholáthraíonn deimhniú i leith chaighdeán ISO 45001:2018.
- Cuireadh Proworks i bhfeidhm i measc na limistéar go léir atá bainteach i mBainistíocht Tráchta agus cuireadh oiliúint deisce agus ar an láthair araon ar siúl don fhoireann ábhartha.
- Tuarascálacha Ráithiúla Sláinte agus Sábháilteachta a ullmhú.
- Bunaíodh Rianaire Gnímh Sláinte agus Sábháilteachta do Sheirbhís Dóiteáin Mhaigh Eo chun torthaí iniúcháireachta inmheánaí a rianú agus a chur i gcrích.
- Soláthraíodh breis agus 70 Ionduchtúchán Sláinte agus Sábháilteachta go dtí seo.
- Tugadh measúnuithe DSE isteach don fhoireann a théann i mbun Obair Chumaisc.
- Rinneadh comhordú ar chruinnithe uile an Choiste Sábháilteachta i measc an limistéir, na feidhme, agus na bainistíochta sinsearaí.
- Forbraíodh nósanna imeachta nua don bhóthar nua débhealaigh.
- Thug Bainisteoir Sábháilteachta Poiblí BSL faoi chruinnithe faisnéise sábháilteachta i measc na CBanna go léir.

### **AG FÉACHAINT CHUN CINN: TOSAÍOCHTAÍ SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA DON BHLIAIN 2024**

Iniúchadh Faireachais Bliantúil an NSAI ar Sheirbhís Dóiteáin Mhaigh Eo.

- Leanadh le Córas Bainistíochta Tráchta Sealadaí Proworks a chur i bhfeidhm ar fud na gCeantar Bardasach go léir.
- Rinneadh athbhreithniú bliantúil iomlán ar Ráiteas Sábháilteachta Corparáideach CCME
- Rinneadh Beartas agus Nós Imeachta Sábháilteachta (SPPanna), Measúnuithe Riosca ar Ghníomhaíochtaí (ARAanna) agus Foirmeacha Sábháilteachta (SFanna) a sainiú agus a leasú agus a scaipeadh.
- Oiliúint reachtúil sláinte agus sábháilteachta a sholáthar.
- Tugadh measúnuithe DSE isteach don fhoireann a théann i mbun Obair Chumaisc.

- Tuarascálacha Ráithiúla Sláinte agus Sábháilteachta a ullmhú.
- Rinneadh comhordú ar chruinnithe uile an Choiste Sábháilteachta i measc an limistéir, na feidhme, agus na bainistíochta sinsearaí.

## CLÁR NA DTOGHTHÓIRÍ

Shínigh an tUachtarán Ó hUiginn an tAcht um Athchóiriú Toghcháin, 2022 isteach sa dlí an 25 Iúil 2022. Tugtar isteach sa reachtaíocht cur chuige nua nua-aimseartha ar líne i leith clárúchán toghthóirí a cuireadh i bhfeidhm Déardaoin, an 13 Deireadh Fómhair 2022. Baineadh triail phíolótach as an tsaoráid nua ar líne ar a dtugtar CheckTheRegister i gComhairle Contae Mhaigh Eo don LGMA. Foráladh san Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022 freisin don Choimisiún Toghcháin a bhunú agus bunaíodh é i rith 2023.

Rinneadh na hathruithe seo a leanas i dtaobh vótálaithe a chlárú agus socrúithe vótála:

- Toghthóirí a chlárú ar líne trí [www.checktheregister.ie](http://www.checktheregister.ie) d'iarratasóirí nua agus toghthóirí reatha lena sonraí a nuashonrú; <http://www.checktheregister.ie/>
- Clár Rollach nua a cuireadh in ionad an Dréachtchláir agus an Bheochláir;
- Tíocfaidh Liosta Chothromúcháin nua in ionad an Fhorlíoirt leis an gClár;
- Fíorú aitheantais trí úsáid a bhaint as Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PPSN) agus Dáta Breithe.
- Clárú gan ainm i gcásanna áirithe teoranta trí vóta poist.
- Próiseas clárúcháin sonrach do dhaoine nach bhfuil aon seoladh seasta acu.
- Déanfar Liosta Toghthóirí ar Feitheamh nua chun daoine idir 16 agus 17 mbliana d'aois a chlárú go luath a aistriú go huathoibríoch go dtí an Clár Rollach ar 18 mbliana d'aois a bhaint amach dóibh. Cuireadh 37 iarratas, ar an iomlán, go dtí seo san áireamh i gClár Rollach na dToghthóirí ón aoisghrúpa seo.
- Vótáil ar an lá céanna do phobail Oileáin.
- Tuairisciú ag údarais áitiúla leis an gCoimisiún Toghcháin gach bliain.

Baineadh na staitisticí seo a leanas agus seoladh iad chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH) **an 14 Meán Fómhair 2023**: -

Dáilcheantar	Toghthóirí Uachtaráin (Saoránaigh Éireannacha)	Toghthóirí Dála (Saoránaigh Éireannacha agus an RA)	Toghcheantar Pharlaimint na hEorpa	Toghthóirí Eorpacha (Saoránaigh Éireannacha agus AE)	*Toghthóirí Eorpacha Féideartha
Gaillimh-an tIarthar	4,443	4,578	Lár na Tíre-an tIarthuaisceart	99,677	1,362
Maigh Eo	94,741	97,502	<b>Ar an Iomlán</b>	<b>99,677</b>	<b>1,362</b>
<b>Ar an Iomlán</b>	<b>99,184</b>	<b>102,080</b>			

\*Beidh ar Thoghthóirí Eorpacha Féideartha Foirm EP1 a líonadh leis an seoladh a dhearbhuí ag ar chónaigh siad ina dtíortha dúchais chun go mbeidh siad incháilithe vóta a chaitheamh ag Toghcháin Eorpacha in 2024.



Toghcheantair Áitiúla	Togthóirí Rialtais Áitiúil (Náisiúntacht Éireannach, an RA, an AE agus Neamh-AE)
Béal an Átha	20,303
Béal an Mhuirthead	11,408
Caisleán an Bharraigh	23,920
Clár Chlainne Mhuiris	21,151
Béal Átha na Muice	14,351
Cathair na Mart	13,853
<b>Ar an Iomlán</b>	<b>104,986</b>

Fuarthas 2953 iarraidh, ar an iomlán, go dtí seo trí [www.checktheregister.ie](http://www.checktheregister.ie) le clárú den chéad uair nó le sonraí toghthóra a nuashonrú ó cuireadh i bhfeidhm é.

## Ag Féachaint chun Cinn go dtí 2024

Leanfaidh Foireann Chlár na dTogthóirí ag tabhairt faoi fheachtas mórsála náisiúnta agus áitiúil poiblíochta. Áireofar leis seo teagmháil le fostóirí earnála poiblí agus príobháidí agus sa chontae sa mhullach ar fhógraíocht agus ar eolas a scaipeadh ar gach oifig poist áitiúil, meánscoil, leabharlann, stáisiún Gardaí agus Oifig Comhairle, cuairteanna ar ollmhargaí, imeachtaí spóirt agus pobail.

Tá toghcháin Pharlaimint na hEorpa agus toghcháin áitiúla le cur ar bun i Meitheamh 2024, ina mbeidh baint ag ullmhú an Liosta Cothromaithe (tugadh an Forlíonadh le Clár na dTogthóirí air roimhe seo) atá le húsáid ag gach Stáisiún Vótála i gContae Mhaigh Eo.

Soláthróidh Comhairle Contae Mhaigh Eo cúnamh do gach iarrthóir maidir leis na Toghcháin Áitiúla agus cuirfidh sé an Comhaireamh ar siúl le 30 Comhairleoir Contae a thoghadh don tréimhse cúig bliana ó 2024 go 2029.

Comhoibreoidh Comhairle Contae Mhaigh Eo leis an gCeann Comhairimh Áitiúil Eorpach ag an tSeirbhís Chúirteanna leis an gcúnamh toghcháin atá ag teastáil a sholáthar.

## CUMARSÁID CHORPARÁIDEACH

Tá an Rannóg Cumarsáide freagrach as forbairt leanúnach ar chumarsáid sheachtrach agus inmheánach Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Soláthraítear seirbhísí Oifig na Gaeilge agus na hOifige um Shábháilteacht ar Bhóithre laistigh den fheidhm seo freisin. Ba bhliain ghnóthach agus tháirgiúil 2023, agus i measc na mbuaicphointí, bhí:

### 2023 Buaicphointí:

**Suíomh gréasáin agus cainéil ar líne Mayo.ie:** Cuirtear fotha seasmhach nuashonruithe nuachta agus eolais don phobal i gcoitinne ar fáil ar an suíomh gréasáin maidir le gach gné de sheirbhísí na Comhairle. Tá seirbhísí agus tionscnaimh uile an údaráis áitiúil seo, tairseach eolais Fhóram Freagartha na hÚcráine agus go leor feachtais eile ina measc ar fáil ar shuíomh gréasáin agus ar chainéil ar líne Mayo.ie.

Leanann fás ag teacht ar ár **gcainéil mheán sóisialta** ag a bhfuil lucht leanúna breis agus 99,000 duine faoi láthair a sholáthraíonn aschur comhsheasmhach a thugann chun solais seirbhísí/nuacht/feachtais/tionscnaimh, foláirimh fíor-dhrochaimsire agus go leor Scéalta, Nuachta agus Imeachtaí dearfacha i Maigh Eo.

**Gradaim an Chathaoirligh:** Fógraíodh in 2022 buaiteoirí dara Gradaim an Chathaoirligh, agus bhuaigh daoine agus grúpaí pobail ar fud an Chontae 13 ghradam. Tá pleananna le Gradaim an Chathaoirligh a sheoladh ar bun faoi láthair agus tá an searmanas bronnta gradam le bheith ar siúl sa chéad ráithe in 2024.




*An Cathaoirleach Séamus Weir ag Gradaim an Chathaoirligh 2023*



*Gradaim an Chathaoirligh 2023*

**Lá Mhaigh Eo 2023:** Cuireadh Lá Mhaigh Eo ar siúl arís inar thit an príomhimeacht ba mhó de chuid Lá Mhaigh Eo go dtí seo amach! Thit Lá Mhaigh Eo 2023 amach i mBéal an Átha, ag an tráth céanna a rinneadh ceiliúradh i mBéal an Átha ar a Bhreithlá 300 Bliain, ceiliúradh bliana ar an mbaile, a stair agus a oidhreacht agus rinneadh lá de Lá Mhaigh Eo 2023 ina raibh rud éigin ar siúl i mBéal an Átha ar bhain gach duine sa teaghlach taitneamh as.



- Leanann fás agus forbairt ag teacht ar an bhfeachtas ar líne #LáMhaighEo (#MayoDay) bliain i ndiaidh bliana:
- Aimsiú: meastar gur aimsíodh 9.4 milliún duine
- Baineadh thart ar 16,350 amharc leathanaigh amach ar an mionsuíomh
- Fuarthas thart ar 25,100 ‘is maith liom’
- Roinneadh an feachtas thart ar 19,000 uair

**Imeachtaí:** Leanann an Rannóg le comhairle agus tacaíocht a sholáthar d’imeachtaí na Comhairle a sholáthar, cuairt an Uachtaráin Biden, oscailt oifigiúil bhóthar an N5 ó Chathair na Mart go Turlach, oscailt oifigiúil shíneadh Ghlasbhealach Mór an Iarthair go Bun an Churraigh, cuairt toscaireachta ó

Chomhairle Contae Mhaigh Eo go Féile Éireannaigh Milwaukee le Maigh Eo a chur chun cinn mar phríomhcheann scríbe le cuairt a thabhairt air, le cónaí ann agus le hinfheistiú ann agus roinnt cuairteanna Aire agus Ambasadóra i mbliana san áireamh.



Fíor 4 An N5 ó Chathair na Mart go Turlach



Fíor 5 Gradam 'Comhairle na Bliana' – Gradaim LAMA

**Gradaim:** Bhuaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo Gradam mór le rá 'Comhairle na Bliana' ag an LAMA (Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil), agus cuireadh an Chomhairle ar an ngearrliosta freisin i roinnt catagóirí, 'an Tionscnamh Inbhuanaithe Glas is Fearr, an Tionscnamh Iompair Pobail is Fearr, an Bealach is Fearr in Éirinn, an Tionscnamh Turasóireachta is Fearr. Ghlac Comhairle Contae Mhaigh Eo le dhá ghradam i Samhain ag **Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil de chuid Chomhlachais Tráchtála na hÉireann**. Ainmníodh Comhairle Contae Mhaigh Eo mar bhuaiteoirí sa chatagóir an Ghradam Athraithe Aeráide agus sa chatagóir Ag Tacú leis an Turasóireacht.

Cuimsítear san fheidhm Chumarsáide gach gné de chumarsáid na Comhairle, a chinntíonn go soláthraítear teachtaireacht shoiléir agus chomhsheasmhach chorparáideach go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. **Díreofar in 2024 ar an méid seo a leanas:**

- **Gradaim an Chathaoirligh 2023** – Gach gné den fheachtas feasachta, den phróiseas iarratais agus de thráthnóna imeacht na nGradam a bhainistiú.
- **Cumarsáid Sheachtrach** – Teastaíonn cur chuige comhordaithe leanúnach ón eolas is déanaí a thabhairt don phobal maidir leis an gContae agus an tÚdarás Áitiúil, a chinntíonn go léirítear ar ár suíomh gréasáin agus ar ár gcainéil mheán sóisialta eolas cruinn comhsheasmhach.
- **Seirbhísí gréasáin agus ar líne** – A chinntiú go bhfuil ábhar nua úr ábhartha ar fáil ar fud ár gcainéal.
- **Lá Mhaigh Eo 2024** – Déanfar 10ú Lá Mhaigh Eo a cheiliúradh lenár bpríomhimeacht is mó go dtí seo, agus beidh imeachtaí ag titim amach go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus ár nDiaspóra ar fud an domhain faoi chaibidil.
- **Abhaile go Maigh Eo 2024** – Mar gheall ar an rath a bhí ar “Abhaile go Maigh Eo” 2022, cuirfimid feachtas chun cinn arís eile lenár nDiaspóra a spreagadh teacht abhaile i rith mhí na Bealtaine 2024 i gcomhar leis an Roinn Turasóireachta, Fáilte Éireann agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha. Oibreoidimid arís le Pobail áitiúla le cur le féilte reatha i rith na míosa agus díreoidh an Rannóg Cumarsáide go príomha ar thacú leis an bpríomhimeacht ceannródaíoch idirnáisiúnta seo a sholáthar.
- **Grúpa Rannpháirtíochta Diaspóra a Bhunú** – Oibriú le páirtithe leasmhara bunaithe go háitiúil agus go domhanda le próifíl an chontae a ardú.
- **Clár Ambasadóra Mhaigh Eo** – Seolfar feachtas le Diaspóra Mhaigh Eo a spreagadh bheith mar chuid d’fheachtas domhanda le Maigh Eo a chur chun cinn mar áit le cuairt a thabhairt air, le cónaí ann, le hobair agus le hinfheistiú ann.

- **Seirbhísí agus Fógraíocht Meán:** Leanfaidh an Roinn ag obair le Rannóga uile na Comhairle le Fógraíocht an Údaráis Áitiúil a chomhordú le hasraonta meán áitiúla agus náisiúnta. Leanfaidh an Roinn ag obair i rith 2024 le rannóg laistigh de Chomhairle Contae Mhaigh Eo le comhairle agus tacaíocht a sholáthar d'imeachtaí, cuairteanna oifigiúla, seoltaí agus feachtais, etc.
- **Cumarsáid Inmheánach:** Príomhchuspóir na Roinne Cumarsáide is ea an obair leanúnach ar chumarsáid inmheánach a fheabhsú le barr feabhais a chur ar eolas a roinnt. Tá mol le haghaidh cumarsáid inmheánach déanta de **Connect**, agus cuirtear nuashonruithe nuachta, folúntais agus deiseanna earcaíochta in airde go rialta air, anuas ar imeachtaí sóisialta agus tionscnaimh folláine. Tabharfar faoi phríomhoibreacha in 2024 le feabhas breise a chur ar leagan amach na tairisí d'fhonn éifeachtacht Connect mar shócmhainn foirne a uasmhéadú agus le hidirghníomhú foirne a uasmhéadú leis an eolas go léir atá ar fáil tríd an tairseach.

## AN OIFIG UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Oibríonn Comhairle Contae Mhaigh Eo Clár Oideachais agus Feasachta ar Shábháilteacht ar Bhóithre i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (an RSA) a dhéanann an gá atá le haire a thabhairt agus a bheith feasach ar chontúirt ar ár mbóithre a chur chun cinn. Áirítear leis seo cuairteanna ar scoileanna agus Scéimeanna Oiliúna Maor Sóisearach agus Rothaíochta a sholáthar. Oibríonn an oifig go dlúth lenár bpobail, na Gardaí, FSS an Iarthair agus leis an RSA leis an Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020 a chur i bhfeidhm. Caithfear an Straitéis seo a nuashonrú in 2023.

### 2023 Buaicphointí:

- Sábháilteacht ar Bhóithre a Chur chun Cinn go Ginearálta trí na Meáin Áitiúla agus Shóisialta: Tugadh tacaíocht don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus rinneadh cur chun cinn ginearálta sna meáin áitiúla agus ar líne, feachtais san áireamh a bhaineann le **Tuirse Thiomána, Déardaoin an Ómra, Filleadh sábháilte leanaí ar scoil, Rothaíocht shábháilte do scoileanna.**
- Athbhunaíodh **an Grúpa Oibre le Chéile um Shábháilteacht ar Bhóithre.** Tugtar le chéile sa ghrúpa seo na páirtithe leasmhara ábhartha go léir atá bainteach i Sábháilteacht ar Bhóithre sa chontae.

### Seachtain na Sábháilteachta ar Bhóithre, an 2 go dtí an 8 Deireadh Fómhair 2023.

- Réachtáladh feachtas forleathan sna meáin shóisialta d'fhad na Seachtaine um Shábháilteacht ar Bhóithre trí ardáin mheán sóisialta um Shábháilteacht ar Bhóithre Mhaigh Eo.
- Sheol an Comhairleoir Michael Loftus an Feachtas Sofheictheachta. Mar chuid de seo, d'impigh an Comhairleoir Loftus go speisialta ar gach Ionadaí Poiblí agus iarradh orthu Veist/Cóta Sofheicthe a iompar ina ngluaisteáin ag gach tráth. Tá cótaí ar fáil i ngach ceann d'Oifigí CB na Comhairle do thréimhse an Fhómhair/Gheimhridh agus scaipeadh 350 cóta cheana féin.
- Craoladh seó bricfeasta Midwest Radio beo ó Cheanncheathrú na Comhairle ar an Aoine agus ghlac go leor Páirtithe Leasmhara um Shábháilteacht ar Bhóithre páirt ar an maidin – bhí seastán eolais ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, Safe Cycling Ireland, veain Go Safe, an tAonad um Póilíníú Bóithre agus an Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim Le Chéile.



Fíor 4 Seachtain na Sábháilteachta ar Bhóithre 2023

### Ag Féachaint chun Cinn go dtí 2024:

- Seolfar an **Plean Gníomhaíochta um Shábháilteacht ar Bhóithre** 2024-2030 in Eanáir 2024.
- **Seó Bóthair AXA**. Tá pleananna i bhfeidhm le seó bóthair AXA a athbhunú in 2024
- **Feachtais Feasachta ar Shábháilteacht ar Bhóithre** –

## MÓTARCHÁIN

Soláthraítear Mótarcháin Mhaigh Eo trínár dtrí oifig atá suite go straitéiseach laistigh de Mhaigh Eo agus leantar le seirbhís scothchaighdeán atá éifeachtúil, éifeachtach agus dírithe ar an gcustaiméir a sholáthar do mhuintir Mhaigh Eo trína oifigí i gCaisleán an Bharraigh, Béal an Átha agus Béal an Mhuirthead.

### Ag Féachaint chun Cinn go dtí 2024:

Leanfaidh Mótarcháin Mhaigh Eo le seirbhís éifeachtúil agus iontaofa a sholáthar do mhuintir Mhaigh Eo. Leanfaidh sé chomh maith le feabhas a chur ar chaighdeán an eolais, na bhfoirmeacha agus na nasc a sholáthraítear ar a shuíomh gréasáin, agus leanfar le freagraí agus réitigh a sholáthar ar chainéal ríomhphoist Mhótarcháin Mhaigh Eo do chustaiméirí a bhfuil ceisteanna faoi Mhótarchánachas acu.

## OIFIG NA GAELIGE

Oibríonn Oifig na Gaeilge i dtreo an Ghaeilge a chosaint agus a chur chun cinn mar acmhainn shóisialta, chultúrtha agus gheilleagrach i Maigh Eo. Príomhról den Oifig seo is ea tacú le limistéir uile Chomhairle Contae Mhaigh Eo **ár n-oibleagáidí reachtúla** agus ár n-aidhmeanna beartais maidir leis an nGaeilge agus leis an nGaeltacht a chomhlíonadh. Is éard a bhaineann leis seo ualach mór oibre aistriúcháin a bhainistiú, comhairle a sholáthar faoi cheangaltais reachtaíochta agus tacú leis an bhfoireann an Ghaeilge a chuimsiú isteach ina n-obair. Tá Oifig na Gaeilge gníomhach freisin i bpleanáil comhlíonta straitéisigh, go háirithe i gcomhthéacs cheanglais mhéadaithe Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021. Buntacaíonn seirbhísí rialtais áitiúil a fheabhsú do chainteoirí Gaeilge i Maigh Eo le hiarrachtaí ina leith seo.

Díríonn obair Oifig na Gaeilge sa phobal ar **ár n-oidhreacht teangeolaíochta a neartú agus a chur chun cinn** agus an Ghaeilge a chuimsiú isteach sa bheatha shóisialta, chultúrtha agus gheilleagrach ar fud an chontae. Is éard a bhaineann leis seo comhoibriú le heagraíochtaí Gaeilge chun tacú leis an bpróiseas pleanála teanga agus inmhathanacht na Gaeilge laistigh den **Ghaeltacht** a chosaint.

## ÉACHTAÍ IN 2023

Nearthaíodh **an creat comhlíonta reachtaíochta** ina gcuimsítear:

- Oiliúint Acht na dTeangacha Oifigiúla a thabhairt isteach
- Bainistíocht agus maoirseacht ar riachtanais agus ar chomhfhreagras an Choimisinéara Teanga
- Iniúchadh ar fhoilseacháin athfhillteacha óna dteastaíonn aistriúchán
- Fairsingiú ar acmhainní tagartha atá ar fáil ar Connect
- Monatóireacht ar fhógraí dátheangacha ar aon dul le ceanglais reachtaíochta nua
- Comórtas soláthair a chur ar bun do sheirbhísí aistriúcháin ar fud na heagraíochta
- Bainistíocht níos fearr ar aistriúchán, bainistíocht méadrachta agus sonraí aistriúcháin san áireamh
- Sreabhadh oibre i bhfeidhm chun suíomh gréasáin Mayo.ie a aistriú
- Tacaíocht comhlíonta agus aistriúcháin a sholáthar chun tacú le foireann ar fud an údarais áitiúil.

Rinneadh forbairt bhreise ar **Rannpháirtíocht an Phobail**, an méid seo a leanas ina measc:

- Cuireadh clár ar fud an chontae ar fáil do Sheachtain na Gaeilge i Márta, léacht diaspóra, seisiúin chiorcal comhrá agus imeacht bithéagsúlachta ar líne ina measc
- Tugadh taispeántas béaloidis agus sraith léachtaí Thomás Uí Mháille go Maigh Eo i gcomhoibriú le hOllscoil na Gaillimhe, grúpaí pobail áitiúla agus an tSeirbhís Leabharlainne
- Rinneadh ceiliúradh ar Lá Mhaigh Eo mar chuid de Lá Mhaigh Eo, ceardlanna cartúin, rang drumadóireachta agus seisiúin aireachais as Gaeilge san áireamh
- Eagraíodh amhránaíocht Seán-Nóis Mhaigh Eo a cheiliúradh d'fhéile Ghaeilge Oireachtas na Samhna
- Fuarthas breis agus 140 iarratas ar ár gcéad scéim scoláireachta Gaeltachta, inar fhreastail beirt daltaí áitiúla ar choláistí Gaeltachta i Maigh Eo
- Rinneadh idirchaidreamh níos mó le páirtithe leasmhara, cosúil le hÚdarás na Gaeltachta, Oifig Roinne, Oifig Phleanála Teanga Gaeltachta agus Comhchoiste Oireachtas na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal na Gaeilge
- Cuimsíodh gnéithe Gaeilge isteach in imeachtaí, seoltaí, a oscailtí, searmanais etc. san áireamh.

#### **AG FÉACHAINT CHUN CINN GO DTÍ 2024**

- Scéim Teanga Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus Acht na dTeangacha Oifigiúla a chur i bhfeidhm go leanúnach
- Aistriúchán ar Mayo.ie ar aon dul le moltaí an Choimisinéara Teanga
- Clár níos fairsinge Lá Mhaigh Eo mar chuid de cheiliúradh chothrom 10 mbliana Lá Mhaigh Eo
- Comhoibriú breise le páirtithe leasmhara sa Ghaeltacht agus i mBailte Seirbhíse Gaeltachta chun tacú leis an bpróiseas pleanála teanga
- Idirchaidreamh leanúnach leis an bpobal Gaeltachta agus Gaeilge trí chlár Sheachtain na Gaeilge, imeachtaí áitiúla, Gradaim an Chathaoirligh agus an scéim Scoláireachta Gaeltachta.